



Bord um Thionóntachta Cónaithe
Residential Tenancies Board

Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2022



Cé muid?

Cad é an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe?

Comhlacht poiblí is ea an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe, ar a dtugtar an RTB, a cuireadh ar bun chun earnáil tithíochta ar cíos a rialáil. Leagtar amach san Acht um Thionóntaí Cónaithe 2004 (agus leasuithe ina dhiaidh sin) ár bhfeidhmeanna agus ár gcumhachtaí éagsúla.

Go hachomair, is é ár ról:

- ✓ **clár náisiúnta tionóntachtaí a choinneáil,**
- ✓ **díospóidí a réiteach idir tionóntaí agus tiarnaí talún**
- ✓ **comhlíonadh an dlí cíosa a chinntiú**
- ✓ **faisnéis a sholáthar don phobal, do thionóntaí agus do thiarnaí talún lena chinntiú go ritheann tionóntachtaí go réidh, agus chun sonraí agus léargas iontaofa a sholáthar chun beartas a threorú.**

Síneann ár sainchúram chuig na hearnálacha tithíocht phríobháideach ar cíos, comhlachtaí ceadaithe tithíochta (AHB), cíos costais, agus cóiríocht sonrath do mhic léinn.



Clár Ábhair

Eolas faoin mBord um Thionóntachtaí Cónaithe	5
Sracfhéachaint ar 2022	6
Teachtaireacht an Chathaoirligh agus an Stiúrthóra	8
Caibidil 1 – Córas Clárúcháin Ar Líne an RTB	10
Caibidil 2 – Feidhm Rialála an RTB	14
Caibidil 3 – Seirbhís Réitigh Díospóidí an RTB	24
Caibidil 4 – Feidhm Faisnéise agus Sonraí an RTB	31
Caibidil 5 – Struchtúr agus Rialachas Eagraíochtúil an RTB	36
Tuarascáil an Bhoird agus Ráitis Airgeadais	43
Aguisín, Sonraí agus Graif	87
Eochairfhocail an RTB - Treoir maidir leis na Focail a Úsáidtear sa Tuarascáil	99

Cad a dhéanaimid?

Clár na dTionóntachtaí a Choinneáil

Is é an clár an bhunchloch chun an earnáil a rialáil. Ní mór do gach tiarna talún cónaithe, Comhlacht Tithíochta Ceadaithe, tiarnaí talún cíosa costais, agus tiarnaí talún ar Chóiríocht Sonrach do Mhic Léinn a dtionóntachtaí a chlárú leis an RTB. Cosnaíonn tionóntacht chláráithe cearta tiarna talún agus tionóntaí agus soláthraíonn sé meicníocht chun díospóidí a réiteach má tharlaíonn siad.

Cuireadh tús le reachtaíocht nua in Aibreán 2022 á cheangal ar thiarnaí talún a dtionóntachtaí a chlárú leis an RTB gach bliain, laistigh de mhí ón gcomóradh nuair a thosaigh an tionóntacht. Ligeann an próiseas clárúcháin bliantúil seo don RTB sonraí tionóntachta agus cíosa níos cruinne agus níos mionsonraithe a bhailiú a chumasaíonn rialáil níos éifeachtaí ar an earnáil cíosa agus a chuireann bonn eolais faoin mbeartas.

Díospóidí a Réiteach

Cuirimid rogha réitigh cheangailteach ar fáil do thiarnaí talún agus do thionóntaí atá faoi dhíospóid: idirghabháil nó breithniú le rogha achomhairc a dhéanamh ar an toradh chuig binse tionóntachta. Déanaimid an fheidhm gar-bhreithiúnach seo ar bhealach cothrom agus cóir, i bhfabhar ceachtar tionóntaí ná tiarnaí talún.

Cruthaíodh gurb é ár seirbhís idirghabhála gutháin an próiseas réiteach díospóide is tapa agus is éifeachtaí. Táimid i measc na rialtóirí atá chun tosaigh maidir le rogha idirghabhála a sholáthar agus glacadh na seirbhísí seo a thiomáint trí rochtain cianda agus ar líne. Mar gheall ar rath na hidirghabhála maidir le díospóidí a réiteach, thugamar idirghabháil isteach i mí na Samhna 2022 mar an príomhbhealach réamhshocraithe chun díospóidí a réiteach.

Croí-Sheirbhísí RTB

Comhlíonadh an Dlí Cíosa a chinntiú

Tá cumhachtaí ag an RTB imscrúdú agus smachtbhannaí a chur ar thiarnaí talún a bhíonn i mbun cineálacha sainithe lompar Míchuí. Cuirimid ceanglais chlárúcháin i bhfeidhm freisin lena chinntiú go bhfuil an clár iomlán agus cruinn. Agus muid ag gníomhú chun comhlíonadh a chinntiú, tá sé mar aidhm againn ár gcumhachtaí a úsáid ar bhealaí atá éifeachtach agus comhréireach. Táimid tiomanta ár gcur chuige a fhorbairt tuilleadh maidir le riosca rialála a shainiú agus a bhainistiú mar chuid dár dtiomantas a bheith mar rialtóir an-éifeachtach don earnáil cíosa cónaithe.

Faisnéis, sonraí agus Léargas a sholáthar

Soláthraímid faisnéis iontaofa don phobal, do thionóntaí agus do thiarnaí talún maidir lena gcearta agus a bhfreagrachtaí i dtéarmaí maireachtáil san earnáil cíosa agus cóiríocht a sholáthar di.

Soláthraímid sonraí údarásacha freisin ar an earnáil, mar an Innéacs Cíos, a ligeann dúinn monatóireacht a dhéanamh ar threochtaí agus a chuireann an pobal ar an eolas faoi leibhéil agus gluaiseachtaí cíosa.

Forbraímid léargas freisin chun an tAire agus páirtithe leasmhara eile a chur ar an eolas faoi thionchar athruithe beartais agus chun cabhrú leis an RTB ár n-idirghabhálacha rialála a fhorbairt agus a bheachtú.

Sracfhéachaint ar 2022



4 Aibreán 2022,
tugadh clárú
bliantúil isteach



Faoi dheireadh
2022, bunaíodh
struchtúr
bainistíochta
nua



I mí Dheireadh
Fómhair 2022,
tionscnaíodh
idirghabháil
tosaíochta



Roghnaigh

90%

d'iaratasóirí réiteach
díospóide a gcuir
saincheisteanna a
réiteach trí Idirghabháil
Teileafóin na RTB, an
seirbhís tosaíochta i
Mean Fómhair 2022



I mí Dheireadh Fómhair
2022, d'fhoilsigh an
RTB acmhainn nua
do thiarnaí talún
agus do thionóntaí i
bhfoirm teimpléad
de Chomhaontú
Tionóntachta Cónaithe



2,656
chuid Orduithe
Cinnidh eisiithe
ag an RTB



Cuireadh tús le

139

imscrúdú ar shárú
féideartha ar
iompar míchuí in
2022



In 2022, tugadh níos mó ná € 62,659 i gcíos ró-íochta ar ais do thionóntaí mar thoradh ar imscrúduithe. Ag tabhairt iomlán an chiosa neamhíochta os cionn € 347,000 ó bunaíodh an fheidhm Imscrúdaithe agus Smachtbhannaí in 2019



In 2022, bhí **5.8 milliún** amharc leathanaigh ar shuíomh gréasáin an RTB



In 2022, cuireadh tús le hobair ar shuíomh gréasáin nua a fhorbairt chun eispéireas an úsáideora a fheabhsú



D'eagraigh agus ghlac an RTB páirt i

52

imeacht do pháirtithe leasmhara agus seisiúin faisnéise in 2022



Seoladh **4** fheachtas feasachta ar fud na tíre chun athruithe reachtaíochta a mhíniú in 2022

D'aimsigh cuntas Twitter RTB

1.7 milliún duine in 2022



Teachtaireacht ón Chathaoirleach agus Stiúrthóir

Mar Chathaoirleach agus Stiúrthóir an Bhoird RTB, tá mé sona sásta an Tuarascáil Bhliantúil seo, don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022, a chur ar fáil.

Cuireann an RTB, mar fhoras poiblí, seirbhísí tábhachtacha sa roinn cíos cónaithe ar fáil don phobal mhór. Tá muidne i gceannas ar chlár na dtionóntachtaí, rud a thacaíonn le haighnis idir tiarnaí talún agus tionóntaí a réiteach, agus déanaimid maoirseacht agus cinnteoireacht ar bhearta nach bhfuil ag comhlíonadh an dlí maidir le dlí cíosa. Tugaimid faisnéise ar pholasaí don Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúla agus Oidhreachta, do roinn na cíosa agus don phobal mhór. Tá an Bord agus a bhaill fhoirne fíorthiomanta leis na feidhmeanna seo a bhaint amach, agus iad ar ardchaighdeán, agus leis an phróiseas i dtaca le feabhsú leanúnach agus foghlaim eagraíochtúil.

Cé go dtugann an Tuarascáil Bhliantúil seo spotsolas ar raon dearfach forbairtí agus buanna a thit amach i rith 2022, is fíor a rá go raibh dúshláin nach beag os comhair an RTB le linn na bliana chomh maith. Bhí tionchar tromchúiseach ar ár seirbhís toisc ar théipeanna feidhmíochta lenár gcóras clárúcháin ar líne. Is mar gheall ar sin go raibh tionchar mór ar thiarnaí talún agus ar ghníomhairí ligin araon. D'aithin an Bord na drochimpleachtaí iad sin, agus ghabh siad a leithscéal nuair a tháinig siad chun cinn, agus is cinnte go bhfuil siad tiomanta chun bunfhadhbanna ar bith eile a réiteach. Ba mhaith linn an deis seo a thapú arís, lenár mbrón a thabhairt agus lenár dtiomantas i dtreo córais teicneolaíochta a fheidhmíonn mar is ceart a neartú, mar aon le seirbhísí custaiméara ardchaighdeán do gach duine a bhíonn i dteagmháil leis an RTB.

De dheasca na fadhbanna seo a tháinig chun cinn lenár gcóras cláraithe, atá sonraithe go beacht i gCaibidil 1, chuir an Bord agus an Feidhmeannas, i rith 2022, bunús na béime s'acu i dtreo na ceisteanna sin a bhí ina thús cadhnaíochta dóibh. Thug muid faoi chéimeanna práinneacha a fhad is go raibh freagrachtaí cuí curtha i bhfeidhm againn. Chaith muid ama ag iarraidh réitigh fadtéarmacha a fhorbairt, chun na fadhbanna seo a chosc arís san am atá le teacht. Faoi dheireadh na bliana, táim sásta a rá gur rinneadh roinnt feabhsuithe agus gur cuireadh clár le feabhsú córais le chéile agus i bhfeidhm. Tá obair ar leith ón chlár sin curtha chun tosaigh dúinn le linn 2023.

Tuigeann an Bord an tábhacht a bhaineann leis na téipeanna seirbhísí a chur i gcomhthéacs leis na dúshláin feidhmíochta agus forbartha a tháinig chun solas don RTB le roinnt blianta anuas. In 2019, d'aithin an Bord agus an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (DHLGH) go raibh gá ann súil a chaitheamh ar infheistíocht na líon foirne agus na bainistíochta de chuid an RTB. Rinneadh é seo chun dul i ngleic leis an sainchúram leathnaithe a bhí á thabhairt don RTB faoi athruithe reachtaíochta a tugadh isteach laistigh de chomhthéacs níos leithne na géarchéime tithíochta Go háirithe, aithníodh gurb ionann an t-easpa struchtúir ceannaireachta agus rioscaí féideartha a chruthú d'fheidhmíocht an RTB. In 2021, le toill an Aire agus a oifigigh, rinneadh uasghrádú ar an fholúntas fholamh do ról an Stiúrthóra, a bhí ina ról sealadach ó luath 2020 a bhí ann, agus ceapadh duine go buan ina áit luath sa bhliain 2022. Mar chuid de na forbairtí tábhachtacha sin, ceadaíodh dhá phost ceannaireachta nua ag an leibhéal Leas-Stiúrthóir in 2021, agus ceapadh daoine sna poist sin i rith 2022. Tá an Bord go mór den tuairim go bhfuil buntáistí na hinfeistíochta sin i dtaobh cáil ceannaireachta agus feidhmeannais faoi bhláth chéanna féin in 2022 agus go mbeidh ráth ar ina iomlán le linn 2023.

Tá an Bord airdeallach ar an tábhacht a bhaineann le ceachtanna a fhoghlaim don am atá le teacht maidir leis na ceisteanna teicneolaíochta éagsúla a tháinig chun solas i rith na bliana seo. Cuireadh raon de thionscnaimh mhaoirseachta, tuairiscithe agus bainistíochta tionscadail i bhfeidhm i rith 2022, agus dearadh iad chun muinín a thabhairt don Bhord agus go bhfuil siad sásta go bhfuil córais an RTB faoi bhainistíocht agus ag teacht leis an dea-chleachtas. Tuigeann an Bord gurb ionann tairseach digiteach ceannródaíoch agus seachadadh leanúnach an mhisin RTB, go háirithe an anailís beacht ar ár sonraí agus soláthar na faisnéise chuí iomlán a bhaineann leis an roinn cíosa.

Le cinnte a dhéanamh go bhfuil an RTB ag coinneáil i dtiúin leis an cheannaireacht straitéiseach agus scileanna teicniúla a bhíonn de dhíth in aghaidh an athraithe dhigitigh, i mí na Samhna 2022, chuir an Bord iarratas isteach chuig DHLGH chun faomhadh a fháil ar sháinphost nua i bhfoirm an Leas-Stiúrthóir do Sheirbhísí Digiteacha agus Sonraí. Tuigimid go maith an thacaíocht na Roinne, chead siad faomhadh foirmiúil don phost seo luath in 2023.

Agus muid ag tabhairt aghaidh ar na dúshláin feidhmíochta éagsúla a tháinig chun solais in 2022, thosaigh an Bord ag amharc ar Ráiteas Straitéise 3 bhliana nua a fhorbairt le hobair na heagraíochtaí a threorú idir 2023 agus 2025. In ainneoin roinnt éilimh eile, thug muid faoi chlár de chomhairliúchán fhairsing fosta le heolas a dhéanamh ar an obair forbartha straitéise sin agus tá ríméad againn a fhógairt go raibh dréacht maith forbartha idir lámha againn faoi dheireadh na bliana. Críochnaíodh sin luath in 2023 agus seoladh chuig an Aire é le haghaidh a aiseolas. Cuirfear tuarascáil iomlán i ndáil dár straitéis nua sin ar fáil leis an Tuarascáil Bhliantúil 2023.

Le linn 2022, lean an RTB ar aghaidh ag tabhairt a chroí-sheirbhísí, agus faightear sonraí beacht orthu siúd i gCaibidil 2, 3 agus 4, mar aon leis an aguisín staitistiúil. Tá an Bord agus an Feidhmeannas airdeallach ar tábhacht na feidhme RTB maidir le haighneas a réiteach agus go gcaithfear é a thacú agus a acmhainní cuí a chur ar fáil dó. Mar a chéile lenár bhfeidhmeanna fiosrúcháin agus comhlíonadh, mar aon le hobair tábhachtach an RTB i dtaca le faisnéis agus léargas a chur ar aghaidh chuig an Aire agus chuig an phobal mhór araon. Clúdaítear ansin an tairgeadh agus an foilsíú ráithiúil d’Innéacs Cíosa an RTB.

Faoin Acht um Thionóntaí Cónaithe, agus faoin Chód Cleachtas le haghaidh Rialachas Comhlachtaí Stáit, tá an Bord freagrach as rialachas iomlán an RTB. I rith 2022, chuir an Bord maoirseacht agus tacaíocht chuí ar fáil don Stiúrthóir agus do bhaill fhoirne na heagraíochta.

Rinne an Bord cinnte freisin go raibh an RTB ag coinneáil an Roinn go hiomlán ar an eolas faoi na dúshláin a tháinig chun cinn le linn na bliana, agus go raibh tuairimí an Aire á ghníomhú go cuí. Faightear gach sonraí a bhaineann lenár struchtúir rialachais agus gníomhaíochtaí taobh istigh de Chaibidil 5 sa Tuarascáil Bhliantúil seo. De réir mar chríochnaigh 2022, tá sé soiléir ag an Bhord agus ag an Fheidhmeannas go gcaithfidh na tionscnaimh um fheabhsú cáilíochta agus forbairt eagraíochta arna thosú i rith 2022 leanúint ar aghaidh go dtí 2023. Tá sé seo ríthábhachtach a dhéanamh chun bonn láidir a thógáil le feidhmíocht eagraíochta a bhaint amach sa toadhchaí agus chun torthaí a sheachadadh ag an RTB i rith 2023 agus níos faide.

Tá an Bord muiníneach, in ainneoin na deacrachtaí a tháinig chun cinn i rith 2022, go bhfuil an RTB ag dul isteach i 2023 le clár oibre soiléir maidir lena thuras feabhsaithe agus le tuiscint láidir ar a threo straitéiseach. Mar Chathaoirleach agus mar Stiúrthóir, ba mhaith linn buíochas a ghabháil le gach aon duine, laistigh agus lasmuigh den RTB, a d’oibrigh ar feadh na bliana ar bhealaí éagsúla chun ár seirbhísí a chothabháil, acmhainní agus tacaíocht a sholáthar, agus ionchur agus comhairle a thabhairt. Go háirithe, cuirimid meas ar ranníocaíocht chomhaltaí an Bhoird, ar fhoireann an RTB, ar an Aire agus a oifigigh, ar ionadaithe na dtionóntaí, ar na tiarnaí talún agus ar na gníomhairí ligín a bhí faoinár chúram agus stiúir le linn na bliana. Táimid ag súil le bheith ag obair leis na páirtithe leasmhara seo go léir i rith 2023 agus muid ag forbairt an RTB níos mó mar eagraíocht agus muid ag soláthar ár seirbhísí tábhachtacha don phobal.



Tom Dunne
Cathaoirleach



Niall Byrne
Stiúrthóir



1

Córas Clárúcháin Ar Líne an RTB



Réamhrá

I mí Aibreáin 2022, chuir an RTB an dara leagan den Chóras Clárúcháin nua i bhfeidhm (arna sheoladh sa chéad dul síos i mí na Samhna 2021) chun ceanglas reachtach nua a éascú do thiarnaí talún agus do ghníomhaithe ligin chun tionóntaí a chlárú ar bhonn bliantúil, mar aon le scéim nua maidir le táillí clárúcháin a tháinig i bhfeidhm ón 4 Lúnasa 2023.

Níor oibrigh an fheidhmiúlacht nua seo ina iomlán ar an Córas Clárúcháin, mar a bhí beartaithe agus tháinig roinnt cheisteanna agus fadhbanna as seo do go leor tiarnaí talún agus gníomhairí a bhí ag iarraidh a dtionóntachtaí a chlárú. Mar thoradh air sin, d'fhulaing an RTB éileamh gan fasach ar ár gcainéil seirbhíse custaiméirí, rud a chruthaigh moilleanna suntasacha, riaráistí agus fadhbanna freagartha dár n-ionad teagmhála.

I rith 2022, d'aithin an RTB go poiblí nach raibh na ceisteanna a bhain le feidhmíocht an chórais agus seirbhísí custaiméirí inghlactha ar scáth ar bith agus bhí aiféala ar an Bhord faoi drochéifeacht na gceisteanna seo do bhaill an phobail a raibh ag déanamh gnó éigin leis an RTB. Dhírigh an Bord isteach ar ghealltanas oibriú chun na ceisteanna bunúsacha sin a réiteach agus tacaíocht níos mó a sholáthar tríd an ionad teagmhála. Faoi dheireadh na bliana, cé nach raibh an fhadhb réitithe go hiomlán, is cinnte go raibh feabhas ar chúrsaí.

D'ainneoin na bhfadhbanna seo, tá an córas nua níos slán ná an córas a tháinig roimhe, agus tá feidhmiúlacht mhéadaithe a bheith aige do chustaiméirí. Áirítear leis seo úsáid de Eircode (le haghaidh taifeadadh cruinn seoltaí), modhanna íocaíochta breise agus fógraí feabhsaithe agus cumarsáid dhigiteach le tiarnaí talún agus lena ngníomhairí.

Ceisteanna Córais

In 2022, tháinig roinnt ceist chun solais maidir le Córas Clárúcháin an RTB:

Ag cruthú cuntais ar líne: Bhí ar thiarnaí talún agus ar ghníomhaithe cuntas nua ar líne a bhunú agus ritheadh tacaíocht bhreise ag teastáil uathu chun an córas nua a nascleanúint. Cruthaíodh ábhair treoracha agus acmhainní nua le cuidiú a thabhairt.



Ascnamh Sonraí: Bhí deacrachtaí ag roinnt tiarnaí talún/gníomhairí sonraí a aisghabháil agus a nascadh chun é a aistriú chuig an chóras nua clárúcháin tionónta ó sheanchóras an RTB. Chuir an RTB foireann tiomnaithe le chéile a bhí dírithe go heisiach ar nascadh sonraí, rud a chuidigh leis na deacrachtaí seo a réiteach.



Rochtain an chórais: Is iomaí úsáideoir a bhí den bharúil go raibh an córas mearbhall agus mall le nascleanúint, beart a d'fhág frustrachas agus moill neamhriachtanach ar úsáideoirí an chórais agus iad i mbun clárúcháin. Mar thoradh ar an mearbhall agus an éiginnteacht seo, chuaigh neart daoine i dteagmháil leis an RTB go díreach trí ríomhphost nó trí ghuthán. Cé gur chuir muid acmhainní breise i bhfeidhm, chuaigh líon na dteagmhálacha i dtionchar leis an am freagartha go suntasach.



Fíorú Sonraí: Is ea ceann de phríomhghnéithe an chórais nua seo ná go ndéantar sonraí PPSN iontráilte a fhíorú agus go gcomhlíontar an Eircode a bhaineann leis, le tithíocht dearbhaithe amháin ar an chóras RTB. Bhí fadhbanna ag daoine éagsúla nach raibh a gcuid sonraí ar aon ghuth leis na taifid ón Roinn um Chosaint Shóisialaí agus bhí ar roinnt gníomhairí tionónta teagmháil a dhéanamh lena gcliaint chun an próiseas fíoraíthe a chomhlánú mar is ceart. D'fhorbair an RTB treoir le cuidiú a thabhairt sa réimse seo agus d'fhoilsigh muid acmhainní sonracha faisnéise agus treorach ar ár suíomh gréasáin.



Tuairiscíú ón Chóras é féin: Tháinig roinnt ceist chun cinn trí thuairiscíú ríomhghinte ón chóras le linn 2022. I measc na n-ábhar sin, an neamhábaltacht chun clárúcháin a aithint ón chóras agus iad sin a chur i gcomparáid le hioncam comhordaithe caite isteach ag custaiméirí éigin trí thairseach íocaíochta an chustaiméara. D'iarr luch bainistíochta an RTB ar thacaíocht sheachtrach chun bunchúis na ceiste seo a aithint agus chun réitigh a mholadh le cur chun feidhme in 2023.



Méadú ar Iarratais Scríofa: Tháinig méadú suntasach ar na hiarratais scríofa toisc go raibh daoine ag streachailt a gcuid clárúcháin a dhéanamh ar an chóras ar líne. Ós rud é gur phróiseas láimhe é seo, glacann sé níos mó ama don RTB iarratais a phróiseáil ná nuair a dhéantar tríd an chóras ar líne iad agus mar sin bhí moilleanna breise ann.



Na rudaí a rinne an RTB le tacaíocht a thabhairt do thiarnaí talún agus do ghníomhairí chun tionóntaí a chlárú in 2022

Le linn 2022, d'oibrigh an RTB go leanúnach chun aghaidh a thabhairt ar go leor ceisteanna agus ábhair imní curtha chun cinn ag úsáideoirí an ardáin. Forbraíodh raon freagraí chun tacú le tiarnaí talún agus le gníomhairí chun clárúcháin a chomhlánú:

➤ **Níos mó daoine ag obair in Ionad Teagmhála an RTB:**

Thiontaigh na fadhbanna leis an Chóras Clárúcháin i dtreo líon an-ard ríomhphoist agus glaonna gutháin chuig an RTB. Le linn 2022, fuair an RTB os cionn 250,000 glao, agus d'fhreagair os cionn 115,000 díobh. Fuair an RTB breis agus 155,000 ríomhphost chomh maith. Bhí baint ag corr a bheith 65% de na modhanna teagmhála iad seo le cúrsaí clárúcháin. Ní raibh an RTB in ann freagraí sásúla prásacha a thabhairt ar ais, de dheasca an riaráiste ríomhphoist. D'oibrigh an RTB lenár soláthróir próisis gnó conarthaithe chun acmhainní breise a earcú, a chur faoi oiliúint agus feidhm a bhaint astu, mar aon le hacmhainní a atheagrú le dul i ngleic le hamanna feithimh agus riaráistí. Is mór an cuidiú a bhí na hathruithe sin don RTB mar bhí muid níos eagraithe aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna coimpléascacha faoin phróiseas clárúcháin bhliantúil a bhí ar bharr teanga na dtiarnaí talún agus na ngníomhairí ligin.

➤ **Athbhreithniú ar mhodhanna teagmhála éigin:**

Ghlac an RTB an cinneadh deacair chun ár seirbhís comhrá gréasáin a chur as feidhm go sealadach an 25 Lúnasa 2022. Cé gur mhodh éifeachtach é an comhrá gréasáin chun ceisteanna simplí agus coitianta na n-úsáideoirí a fhreagairt, ní raibh sé oiriúnach chun déileáil leis an líon mór nó le castacht na bhfiosrúcháin a fuair muid ag an am sin. Ní cinneadh a rinneadh go héadrom é an comhrá gréasáin a chur as feidhm. Mar sin féin, bhí an RTB in ann an fhoireann chomhrá gréasáin a athlonnú leis na foirne ríomhphoist agus glaonna gutháin. Fuair muid amach gur thug na bealaí sin na torthaí is fearr dár gcustaiméirí agus gur thacaigh siad le réiteach níos fearr ar na cineálacha ceisteanna nua a bhí á n-ardú agus chuidigh siad lena chinntiú gur réitíodh na ceisteanna chomh luath agus is féidir, agus sástacht an chustaiméara chun tosaigh.

➤ **Clár de fheabhsuithe teicniúla riachtanacha.**

I rith an tSamhraidh 2022, d'oibrigh an RTB lena chomhpháirtithe teicniúla chun clár feabhsuithe teicniúla riachtanacha a fhorbairt ar an chóras clárúcháin chun aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna do-ghlactha a bhíonn ag tiarnaí talún agus gníomhairí sa phróiseas clárúcháin bliantúil. Mar thoradh ar an chlár oibre seo, déanfar an tríú heisiúint den chóras a sheachadadh in 2023 agus beidh na feabhsuithe seo a leanas san áireamh:

- próisis chun aon bhaol maidir le clárúcháin dúblacha a bhaint trí dul chun cinn i bpróiseáil Eircode.
- comhéadain tairsí ar líne nua d'aonáin agus do dhaoine aonair atá lonnaithe lasmuigh d'Éireann.
- Treoracha feabhsaithe sa chóras chun cuidiú le húsáideoirí nascleanúint a dhéanamh ar an phróiseas clárúcháin mar aon le faisnéis tacaíochta níos soiléire.

➤ **Sos sealadach ar na táillí moille.**

De bharr riachtanais riaracháin agus ar mhaithe le caitheamh go cothrom agus go réasúnta le tiarnaí talún agus le gníomhairí, i bhfianaise na ndeacrachtaí dáiríre a bhí ann leis an phróiseas clárúcháin bhliantúil ar an chóras nua, díchumasáíodh gearradh uathoibríoch táillí ar gach cláraí bliantúil déanach i mí na Samhna 2022. I mí na Nollag 2022, thosaigh muid fosta ag aisíocaíocht na gcostas déanach a bhí i bhfeidhm idir Lúnasa agus Samhain 2022.

➤ **Athbhreithniú ar ábhair chumarsáide atá dírithe ar phobal:**

Rinne an RTB athbhreithniú ar a chuid ábhair cumarsáide uilig atá dírithe ar an phobal le cinntiú go raibh faisnéis ardchaighdeán, ábhartha agus inrochtana ar na próisis chlárúcháin ar fáil do thiarnaí talún agus do ghníomhairí. D'oibrigh muid chomh maith le grúpaí a dhéanann ionadaíocht do thiarnaí talún agus gníomhairí chun tuiscint a fháil ar na fadhbanna atá ag a mball ionas gur féidir linn tacaíocht níos fearr a sholáthar.

➤ Uasdátuithe ar an tSuíomh Gréasáin:

D'fhoilsigh an RTB uasdátuithe rialta ar a shuíomh Gréasáin ó luath in 2022 le gníomhairí agus úinéirí réadmhaoine a choinneáil ar an eolas faoi na ceisteanna agus iad a chur ar an eolas faoi na bearta eatramhacha atá á chur i bhfeidhm ag an RTB le cuid de thionchar na gceisteanna sin a mhaolú.

➤ Teagmháil leanúnach le páirtithe leasmhara:

D'oibrigh an RTB i gcomhar agus go tógalach le tiarnaí talún agus le gníomhairí ligin a bhí ag baint úsáide as an chóras clárúcháin nua. Táimid an-bhuíoch as an aiseolas a fuair muid ó dhaoine aonair agus ó na comhlachtaí ionadaíocha. Chomh maith leis sin, tuiscint acu cé nach raibh na ceisteanna sin inghlactha, bhí an RTB ag déanamh gach rud is féidir leis an chun an fhadhb a réiteach agus gan pionós a fhorchur ar dhaoine i bhfoirm táillí moille.

Buntáistí an Chórais Nua

D'ainneoin na ceisteanna a bhí ag úsáideoirí le linn 2022, tá go leor buntáistí le feiceáil ón chóras clárúcháin nua cheana féin, lena n-áirítear:

- Is féidir le soláthraithe tithíochta príobháideacha, corparáideacha agus sóisialta, idir daoine aonair agus eagraíochtaí araon, clárú, nuashonrú, & athnuachan tionóntaí a dhéanamh ar an chóras.
- Tá cáilíocht na sonraí feabhsaithe go mór mar gheall ar phróisis bhailíochta PPSN, Eircode agus uimhir CRO.
- Cumas chun tionóntachtaí nach n-athnuaitear in am ag an tiarna talún nó a ngníomhairí a bhaint go huathoibríoch. Ciallaíonn sé seo nach bhfuil tionóntachtaí neamhghníomhacha ar an chlár níos mó, tar éis eatramh.
- Soláthar roghanna breise maidir le táillí clárúcháin a íoc (Paypal & SEPA).
- Féidearthachtaí feabhsaithe go mór le haghaidh tuairisciú frontair agus cumas anailiseach a dhéanamh, rud a chuireann leis RTB chun léargas níos doimhne a fháil ar ár sonraí.
- Cumas iniúchóireachta feabhsaithe chun rianú idirbheart a áirithiú.
- Féidearthachtaí feabhsaithe le haghaidh bainistíocht shláintiúil sonraí agus diúscairt sonraí.
- Tá ardán teicneolaíochta inrochtana againn anois ag baint úsáide as bogearraí cruthaithe go maith (m.sh Dynamics 365; SharePoint; PowerBI; Office 365).



2

Feidhm Rialaithe an RTB



Réamhrá

Tá an RTB tiomanta don earnáil cíosa cónaithe a rialáil ar mhaithe le leas an phobail i gcomhréir le beartas an Rialtais agus le prionsabail bunaidh dea-rialacháin.

Is é ceann de fheidhmeanna rialaithe an RTB atá an-tábhachtach ná clár cruinn a choinneáil ar chíosanna cónaithe príobháideacha, Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (AHB), costas cíosa, agus tionóntachtaí maidir le Lóistín Sonracha do Mhic léinn. Tá trí phróiseas reachtúla ag an RTB ina dtiocfadh le tiarnaí talún agus gníomhairí ligin, atá ag gníomhú thar ceann tiarnaí talún, na ceanglais clárúcháin a chomhlíonadh:

- Clárú ar thosach tionónta (An Chéad Chlárú)
- Clárú bliantúil le linn tionónta (Cláráithe Athnuachan) agus
- Clárú ar thionónta eile i bhfoirm 'tionóntacht bhreise de Chuid 4'.

Is é an dara feidhm rialaithe tábhachtach ag an RTB ná comhlíonadh ceanglais rialála ag tiarna talún a chur chun cinn agus a chur i gcrích. Faoin Acht ar Thionóntachtaí Cónaithe, 2004, mar a leasaíodh é, ("an tAcht"), tá an fhreagracht as comhlíonadh an dlí cíosa ag tiarnaí talún go príomha. Sa chéad dul síos, ní mór do gach tiarna talún a gceadúnais tionónta a chlárú leis an RTB. Chomh luath agus a thiocfaidh tionóntacht i bhfeidhm, ní mór don tiarna talún cloí leis na rialacha agus na ceanglais cíosa mar atá leagtha amach san Acht. Is é atá i gceist le cur chuige rialála an RTB, sa chéad dul síos, ná go bhfuil tiarnaí talún toilteanach a gcuid freagrachtaí reachtúla a chomhlíonadh. Bunaithe ar an bhonn tuisceana seo, tá sé mar aidhm ag an RTB tacú leis an gcomhlíonadh deonach trí fhaisnéis a sholáthar agus trí phróisis a chur i bhfeidhm atá deartha chun comhlíonadh a dhéanamh chomh simplí agus is féidir. I bhformhór na gcásanna, oibríonn an cur chuige seo go maith, agus comhlíonann formhór na dtiarnaí talún a gcuid freagrachtaí go tráthúil. Le sin ráite, sna cásanna sin nach bhfuil comhlíonadh deonach le fáil nó ina bhfuil sárúithe soiléire agus dáiríre ar an dlí cíosa, úsáideann an RTB a chumhachtaí éagsúla chun comhlíonadh a fhorfheidhmiú nó chun 'Iompar Míchuí', mar a shainmhínítear san Acht, a smachtbhannaí.

Glacann an RTB go dáiríre é gach neamhchomhlíonadh ceanglais d'aon turas chun tionónta a chlárú a tharlaíonn. Cé go n-aithníonn an RTB go mbíonn an chuid is mó de na tiarnaí talún (agus na gníomhairí ligin a bhaineann leo) sásta a gcuid comhlíonadh a ghéilleadh, ach agrófar gníomh foirmiúil comhlíonta ag an RTB, sa chás is go mbíonn leas an phobail i gceist agus go bhfuil téip ar chur chuige eile. Déanann an comhghrúpa neamhchomhlíonta seo damáiste do cháil na dtiarnaí talún atá freagrach ar fud na hÉireann a bhíonn sásta an dlí a chomhlíonadh agus a oibríonn gach lá chun meas a thabhairt dá dtionóntaí. Tá an RTB tiomanta go sainaithnítear na daoine agus na heintitis neamhchomhlíonta seo, go gcuirfear ar an eolas iad agus nach leanfaidh siad ag cur smál ar ainm na dtiarnaí talún go léir agus nach ndéanfaidh siad damáiste do muinín an phobail i bhfeidhmiú earnáil na dtuairiscí cónaithe ach an oiread.

Cén fáth go bhfuil baint aige sin leis an earnáil cíosa?

- Trí phróiseas an chlárúcháin, bailíonn an RTB faisnéis an-luachmhara ar mhaithe leis an phobal, lena n-áirítear sonraí maidir le fad na dtionóntachtaí agus na cíosanna a ghearrtar. Úsáidtear na sonraí sin chun eolas a fháil ar bheartais phoiblí níos leithne don earnáil agus chun tionchar tionscnaimh beartais agus rialaithe éagsúla a mheas;
- Nuair atá an t-eolas clárúcháin bailithe, is féidir an fhaisnéis clárúcháin a úsáid ansin chun faisnéis chinntitheach a bhaint, a anailísiú agus a fhoilsiú ar an earnáil cíosa, lena n-áirítear Innéacs Ráithiúil Cíosa an RTB;
- Tá comhlíonadh na riachtanais dleathacha riachtanach ar mhaithe le leas na dtionóntaí agus na dtiarnaí talún araon. Cuidíonn sé seo le hearnáil cíosa rialáilte a chruthú ina bhfuil cearta agus freagrachtaí na bpáirtithe go léir soiléir agus ina bhfuil nósanna imeachta soiléire ann chun idirghabháil a dhéanamh ag an rialtóir i gcás nach gcomhlíonann páirtí ar bith a gcuid dualgais.

Fócas in 2022

In 2022, lean an RTB ag rialáil na hearnála ar mhaithe le leas an phobail i gcoitinne agus is cinnte gur baineadh dul chun cinn suntasach amach ag déanamh amhlaidh. Faightear thíos roinnt mórthionscnaimh a bhaineann:

Clárú Bliantúil

Bhain an RTB céim thábhachtach amach i dtaca leis Chlárú Bliantúil a thosú i mí Aibreáin 2022.

Ceanglaítear go dlíthiúil ar tiarnaí talún príobháideacha go léir, Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (AHBs), agus soláthraithe Cóiríochta ar Cíos ar Chostas agus Cóiríocht Sonrach do Mhic Léinn a dtionóntachtaí a athchlárú leis an RTB an bhonn bliantúil. Ciallaíonn sé seo go gcaithfear gach tionóntacht a athnuachan gach bliain i ndiaidh bliain iomlán ó dháta thús an tionóntachta.

Toisc gur tugadh an gá sin isteach go clárófar tionóntacht gach bliain, tháinig feabhas mór ar cháilíocht na sonraí a bhailíonn agus a choimeádann an RTB. Beidh na sonraí leathnaithe seo in ann léargas nua agus faisnéis níos fearr a sholáthar ag an RTB do thionóntaí, do thiarnaí talún agus don phobal i gcoitinne. Soláthraíonn sé sonraí feabhsaithe don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht chomh maith chun eolas a thabhairt ar fhorbairt an bheartais don earnáil cíosa cónaithe.

I rith 2023, foilseoidh an RTB faisnéis níos cruinne, níos tráthúla, níos iontaofa agus níos iomláine lena n-áirítear cineál agus fad na dtionóntachtaí, próifíl na dtiarnaí talún chomh maith le leibhéal cíosa i ngach stoc cíosa atá ann cheana, sainaitheint stoic nua nár ligeadh ar cíos roimhe seo agus cineál/méid tiarna talún an stoic seo.

Comhaontú Tionóntachta Cónaithe an RTB

I mí Dheireadh Fómhair 2022, d'fhoilsigh an RTB acmhainn nua do thiarnaí talún agus do thionóntaí i bhfoirm teimpléad de Chomhaontú Tionóntachta Cónaithe. Cruthaíodh an comhaontú léasa teimpléad nua seo chun cuidiú a cúrsaí comhlíonta an dlí cíosa agus chun cuidiú a thabhairt do thiarnaí talún agus do thionóntaí an tús ceart a chur lena gcuid tionóntachtaí. Tá bunús an chomhaontaithe tionónta cónaithe sa teimpléad chun cuidiú le tiarnaí talún agus le tionóntaí le téarmaí a gcaidreamh a leagan amach go soiléir. Spreagtar tiarnaí talún agus tionóntaí chun comhaontú tionóntachta scríofa a dhéanamh ionas go mbeidh siad soiléir maidir leis na hoibleagáidí atá orthu dá chéile.

Bileog ar Chearta agus ar Fhreagrachtaí

Tá feidhm thábhachtach ag an bpróiseas clárúcháin tionóntachta freisin maidir le tionóntachtaí caidrimh tiarna talún-tionónta a shocrú ar bhonn maith ón tús. In 2022, chruthaigh an RTB bileog chomhdhlúite dhá leathanach a mhíníonn cearta agus freagrachtaí cíosa a eisítear chuig tiarnaí talún agus tionóntaí araon nuair a chláraítear tionóntacht leis an RTB.

Líon na gclárúcháin in 2022

I rith 2022, chláraigh tiarnaí talún nó a ngníomhairí tionóntachtaí tríd an tairseach ar líne ar shuíomh Gréasáin an RTB (Córas Clárúcháin) nó trí chóip chrua a sheoladh de láimh. Líon iomlán na n-iarratas ar chlárú faighte in 2022:



Le haghaidh mionsonraithe breise ar an fhaisnéis seo, féach Tábla 1 san Iarscríbhinn.

Féadfaidh tiarnaí talún nó a n-ionadaithe na cineálacha clárúcháin seo a leanas a chomhlánú leis an RTB ag brath ar chineál agus ar chéim an tionónta.

1. Clárú ar thosach tionónta (An Chéad Chlárú). Caithfidh tiarnaí talún nó a gcuid gníomhairí gach tionóntacht príobháideach nó tionóntacht AHB a chlárú laistigh de mhí amháin ón lá a chruthaítear an tionóntacht agus ní mór dóibh a chinntiú go gcuirtear an fhaisnéis cheart isteach maidir le tionóntaí, tiarna talún agus teaghais. D'fhéadfadh na tionóntachtaí seo a bheith i dtithíocht úrnua nó i dtithe nó árasáin atá ann cheana féin is féidir nó nach féidir a bheith ina n-áit chónaithe ar cíos san am a chuaigh thart.
2. Clárú bliantúil le linn tionónta (Cláraithe Athnuachan). Ón 4 Aibreán 2022, ceanglaítear ar gach tiarnaí talún príobháideacha agus AHB gach tionóntacht a thagann faoi shainchúram an RTB a chlárú ar bhonn bliantúil (athnuachan). Is féidir na tionóntaí seo a bheith ann ar feadh bliana nó níos mó. Sa chás nach ndéantar tionóntacht a athnuachan in am, baintear de chlár an RTB í.
3. Clárú ar thionónta eile i bhfoirm 'tionóntacht bhreise de Chuid 4'. Is é atá i gceist le "tionóntacht bhreise de chuid 4" ná ceann inar cruthaíodh an thionóntacht roimh 11 Meitheamh 2022 agus go bhfuil an tionónta (príobháideach nó AHB) ar cíos ar feadh 6 mhí ar a laghad agus nár seirbheáladh fógra bailí scríofa foirceanta. Tugann tionóntacht bhreise de Chuid 4 cearta breise don tionónta.
4. Tionóntachtaí Lóistín Sonrach do Mhic Léinn (SSAanna): Is ionann Lóistín Sonrach do Mhic Léinn (SSAanna) agus tionóntachtaí a bhíonn tógtha go sonrach d'úsáid na mic léinn, lena n-áirítear lóistín a chuireann ollscoileanna agus institiúidí oideachais ar fáil.
5. Tionóntacht Chíosaithe um Chostas. Is cineál de thithíocht sheachbhrabúsach é cíos costais ina gclúdaíonn an cíos a íocann an tionónta costas tógála, bainistíochta agus cothabhála an tí. Cé go bhfuil Cíos Costais ag céim luath forbartha in Éirinn, is cineál tionachta é a bhfuiltear ag súil go dtiocfaidh méadú suntasach air sna blianta amach romhainn. Faoi láthair, tá sé mar aidhm ag an Rialtas 18,000 tithe cíosa costas a sheachadadh faoi 2030 faoin bplean Tithíocht do Chách. Oibreoidh an RTB lena chinntiú go mbeidh na tacaíochtaí agus na próisis riachtanacha ar fad i bhfeidhm chun tionóntachtaí Cíosa Costas a rialú de réir mar a éiríonn siad seo níos coitianta.

Ní mór na nithe seo a leanas a thabhairt faoi deara maidir leis na himleabhair seo:

- Tá gach sonraí atá sa iarratas ar chlárú féin-dhearbhaithe ag an tiarna talún nó ag a n-gníomhairí.
- Is féidir tionóntacht a chríochnaigh a chlárú go fóill; fanann an dualgas atá ar thiarna talún tionóntacht a chlárú fiú tar éis don tionóntacht críochnú.
- Féadfaidh iarratas ar chlárú a bheith le haghaidh tionónta atá fós gníomhach, agus a thosaigh, nó a athnuaiodh, le linn 2022 nó ag am ar bith roimh 2022.

An Clár de chuid an RTB

Measann an RTB gur sócmhainn náisiúnta thábhachtach í an tacar sonraí um chlárú tionóntaí a sholáthróidh léargas níos fearr agus faisnéis níos iontaoifa de réir a chéile chun rialáil feabhsaithe a chur ar fáil. Cuirfidh ár sonraí feabhsaithe agus níos iontaoifa bonn láidir ar fáil freisin le haghaidh dearadh beartais, tograí reachtacha sa todhchaí agus monatóireacht leanúnach ar threochtaí san earnáil.

Níl gach ceann de na sonraí atá cláraithe faoi láthair sa chóras cláraithe RTB chomh cruinn agus ba cheart. Tá sé seo mar thoradh ar sheanchleachtais san am atá caite inar, mar shampla, nuair nach raibh roinnt sonraí a bhí ag an RTB cothrom le dáta toisc nach raibh ach gá le tionóntaí a chlárú gach ceithre bliana nó gach sé bliana ach an oiread (nó níos rialta nuair a thosódh tionóntaí nua). Ina theannta sin, bhí lochtanna ann sa chóras cláraithe RTB roimhe seo, beart a cheadaigh tionóntachtaí dúbailte a chruthú agus eile. Tá an RTB ag dul ar aghaidh le clár feabhsuithe ar ár gcóras cláraithe chomh maith le glanadh sonraí chun a chinntiú go gcoimeádtar na caighdeáin is airde maidir le cáilíocht agus sláine sonraí ar ár gclár. Leanfaidh an obair riachtanach é seo ar aghaidh in 2023.

Éabhlóid an Chláir RTB - ó 2005 go 2022

Tá clár tionóntachtaí ag an RTB ó Mheán Fómhair 2005.

Taispeánann an léarscáil seo thíos forbairt an chláir RTB.

2005**Foilsíodh an chéad Chlár RTB i Meán Fómhair 2005**

Cuirtear sonraí clárúcháin ar fáil go poiblí den chéad uair. Ní dhéantar an Clár a nuashonrú ach dhá uair sa bhliain, áfach.

- Ó 2005 go deireadh 2010, d'oibrigh an RTB córas láimhe chun tionóntachtaí a chlárú.
- Léargas ar an gclár a foilsíodh ag pointe áirithe ab ea an clár foilsithe, a bhaintear go ginearálta as an gcóras ríomhaireachta a úsáideann an RTB chun sonraí faoi gach clárú tionóntachtaí a thairfeadh dhá uair sa bhliain.
- Mar gheall ar mhíniúocht an fhoilsithe, níor áiríodh sa chlár tionóntachtaí a cláraíodh san idirlinn nó iarratais níos déanaí ar chlárú nach ndéantar a phróiseáil go hiomlán.
- Ag deireadh 2005, ba é líon iomlán na dtionóntachtaí príobháideacha a cláraíodh leis an RTB ná 83,983.

2010**An chéad seirbhís Clárúcháin ar líne a tugadh isteach i mí na Samhna 2010**

Déantar sonraí a thairgeadh ar bhonn míosúil, ach fós le caveat.

- Tugadh an tseirbhís isteach mar chuid de Chóras Bainistíochta Tionóntachtaí nua (TMS).
- Cé gur fheabhsaigh an córas a réamhtheachtaí láimhe, níor mhór go mbeadh an caveat ag na figiúirí a foilsíodh sna Tuarascálacha Bliantúla faoin gcóras seo gur chóir iad a léamh go cúramach mar níl aon cheanglas ar thiarna talún fógra a thabhairt don PRTB i gcás go bhfuil deireadh le tionóntacht chlárúithe.
- Ag deireadh 2010, ba é líon iomlán na dtionóntachtaí príobháideacha a cláraíodh leis an RTB ná 231,818.

2020**Bliain iomlán deiridh ag baint úsáide as an seanchóras bainistíochta tionóntachta**

Éiríonn sonraí níos tráthúla ach fós le caveat.

- Ba í 2020 an bhliain iomlán deireanach den RTB ag baint úsáide as a seanchóras bainistíochta tionóntachta chun sonraí clárúcháin a thairgeadh.
- Ag deireadh 2020, ba é líon iomlán na dtionóntachtaí príobháideacha a cláraíodh leis an RTB ná 297,837.

2021**Tugadh córas tionóntachta nua ar líne isteach i mí na Samhna 2021**

Is féidir sonraí níos cruinne le córas nua. Is garbhfhigiúr é don 2021, áfach, mar athghléasadh ó gcóras amhain chuig chóras eile agus athraíodh reachtaíocht.

- Tá an córas nua níos sábháilte ná an córas a tháinig ina áit, agus tá feidhmiúlacht mhéadaithe aige do chustaiméirí. Áirítear leis seo úsáid Éirchóid (chun seoltaí a thairfeadh go beacht), modhanna íocaíochta breise agus fógraí agus cumarsáid fheabhsaithe le tiarnaí talún agus a ngníomhairí.
- Ag deireadh 2021, ba é líon measta iomlán na dtionóntachtaí príobháideacha a cláraíodh leis an RTB ná 276,223.

2022**Tugadh Clárú Bliantúil isteach**

Le Clárú Bliantúil a thabhairt isteach, tá an RTB in ann pictiúr soiléir cruinn a chur i láthair den earnáil cíosa.

- Le linn Aibreán 2022 thosaigh an córas ag próiseáil Clárú Bliantúil a cheadaíonn sonraí níos tráthúla agus níos cruinne a bhailiú.
- Luaigh an RTB deireadh a chur go huathoibríoch le tionóntachtaí nár athnuadh laistigh de thréimhse ama áirithe.
- Ag deireadh 2022, ba é líon iomlán na dtionóntachtaí príobháideacha a cláraíodh leis an RTB ná 246,453.


Méid an Chláir faoi dheireadh 2022

Sa Tuarascáil Bhliantúil 2021, d'fhoilsigh an RTB meastachán ar líon na dtionóntachtaí atá cláraithe le Clár na dtionóntachtaí príobháideacha agus AHB de chuid an RTB. Bhí sé sin riachtanach mar gheall ar:

- > athrú an ardáin nua ina bhfuil an Clár RTB suite; agus
- > athrú reachtach a bhaineann le fad ama na dtionóntachtaí faoi 'cuid 4'.

Míníodh agus foilsíodh na figiúirí iad sin sa Tuarascáil Bhliantúil 2021 de chuid an RTB.

De bhrí gur chuir muid infheistíochtaí lenár dteicneolaíocht le blianta beaga anuas, agus de dheasca ár dtiomantas athnuaite maidir le slándáil sonraí, is féidir leis an RTB na figiúirí seo a leanas a sholáthar anois maidir le líon na dtionóntachtaí atá ar cíos i gClár RTB na dtionóntachtaí príobháideacha, AHB, Speisialta do mhic léinn agus Costas Cíosa, amháil an 31 Nollaig 2022.



Le haghaidh mionsonraithe breise ar an fhaisnéis seo, féach Tábla 2 san Iarscríbhinn.

Tionóntachtaí Príobháideacha cláraithe cheana féin

Ag teacht leis an chlaonadh a léirigh an meastachán ar mhéid an chláir faoi dheireadh 2021, b'ionann líon na dtionóntachtaí príobháideacha a bhí cláraithe ar an 31 Nollaig 2022 agus 246,453, rud atá níos ísle ná an figiúr coibhéiseach faoi dheireadh 2020 (297,837).

Tharla seo de thoradh ar roinnt cúiseanna:

- > Roimh 2022, bhraith an RTB ar thiarnaí talún nó ar a gcuid gníomhairí chun an RTB a chur ar eolas i gcás go gcríochnófar tionóntacht éigin sular éagfar an tionóntacht de 'Cuid 4'. Níor tharla sé seo i gcónaí mar a ba chóir agus, dá bhrí sin, bhí tionóntachtaí imithe in éag agus tionóntachtaí le sonraí as dáta i láthair sa chlár. Rinne sé seo figiúr iomlánaithe agus chuaigh sé i bhfeidhm ar ár gcumas clár cruinn a coinneáil.
- > I rith 2022, glanadh agus feabhsaíodh na sonraí clárúcháin atá ag an RTB trí:
 - clárúchán bliantúil, rud a chiallaíonn go gcaithfear gach tionóntacht a athnuachan gach bliain i ndiaidh bliain iomlán ó dháta thús an tionóntachta. Cuidíonn an próiseas athnuachana bliantúla seo lena chinntiú go bhfuil sonraí níos fearr agus níos rialta chun dáta ag an RTB ar gach tionóntacht, agus

- tionóntachtaí nach n-athnuaitear in am ag an tiarna talún nó a ngníomhairí a bhaint go huathoibríoch. Ciallaíonn sé seo nach bhfuil tionóntachtaí neamhghníomhacha ar an chlár níos mó, tar éis eatramh.

Mar thoradh ar na hathruithe seo, laghdaíodh méid an chláir go figiúr atá níos cruinne.

- > Tá na figiúirí do 2022 bunaithe ar an líon iarbhrí clárúcháin atá gníomhach sa chlár RTB ag deireadh 2022. Is ionann méid an chláir agus figiúr léargas phointe-in-am ó chlár dinimiciúil ina bhfuil tionóntachtaí á gcur leis agus á mbaint ar bhonn leanúnach.
- > De réir mar a fheabhsaíonn ár sonraí maidir le hiarratais clárúcháin (idir clárú nua agus athnuachan araon) ó bhliain go bliain, beidh an RTB ag obair chun léargas níos doimhne agus níos cruinne a ghiniúint ar phróifíl an chláir (lena n-áirítear an líon agus saghas tiarnaí talún, teaghaisí agus tionóntachtaí), ar ghluaiseachtaí i dtíortha ar cíos atá cláraithe, ar sonraí le tiarnaí talún ag teacht agus ag imeacht san earnáil agus ar threochtaí ina sonraí bunúsacha.

Tionóntachtaí Lóistín Sonrach do Mhic Léinn cláraithe

Faoi dheireadh 2022, ardaíodh figiúr na SSAanna ó 21,681 (deireadh 2021) go dtí 23,577.

Cíosanna Costais Cláraithe

In 2021, tháinig tionóntachtaí Cíosa Costais faoi shainchúram an RTB. Is cineál de thithíocht sheachbhrabúsach é cíos costais ina gclúdaíonn an cíos a íocann an tionónta costas tógála, bainistíochta agus cothabhála an tí. Faoi dheireadh 2022, cláraíodh 543 Cíosanna costas tionóntachta leis an RTB.

Tionóntachtaí AHB Cláraithe


Faoi dheireadh 2022, ardaíodh figiúr na tionóntachtaí AHB ó 34,169 (deireadh 2020) go dtí 38,756.

Conas a sholáthraíonn an RTB dearbhú go bhfuil gach tionóntacht cláraithe de réir an dlí

Tá an RTB freagrach as a chinntiú go gcomhlíonann tiarnaí talún a n-oibleagáidí dlíthiúla maidir le gach tionóntacht a chlárú. Mar a luadh níos luaithe, is é an cur chuige rialaitheach ná glacadh leis, ar an gcéad dul síos, go bhfuil tiarnaí talún toilteanach a bhfreagrachtaí reachtúla a chomhlíonadh agus tacú le comhlíonadh deonach trí fhaisnéis a sholáthar agus trí phróisis a chur i bhfeidhm atá deartha chun comhlíonadh a dhéanamh chomh simplí agus is féidir.

Sa chás go bhfuil fianaise ag an RTB a thugann le tuiscint, in ainneoin an chur chuige dearfach seo, nach bhfuil tiarna talún ag comhlíonadh an dlí, tá cumhachtaí rialála ag an RTB chun aghaidh a thabhairt ar an neamhchomhlíonadh seo.

Faigheann an RTB faisnéis ó raon foinsí maidir le neamhchomhlíonadh féideartha. I rith 2022, chuimsigh siad seo:



I gcomhréir lenár mbeartas le tacú leis an chomhlíonadh, scríobhann an RTB chuig tiarnaí talún nuair a bhíonn amhras ann nach bhfuil clárú déanta agus tugtar deis réasúnta don tiarna talún comhlíonadh a dhéanamh sula dtosaítear ionchúiseamh ar bith. Faigheann tiarnaí talún dhá Fhógra ón RTB sula n-eisítear aon litreach dlíthiúil. In 2022, eisíodh 5,048 píosa comhfhreagrais chuig tiarnaí talún, ag ardú na ceiste go raibh orthu an reachtaíocht a chomhlíonadh.


Le haghaidh mionsonraithe breise ar an fhaisnéis seo, féach Tábla 3 san Iarscríbhinn.

Conas a cheadaíonn an RTB Iompar Míchuí ag tiarnaí talún?

Ba í an bhliain 2022 ar an trí bliain iomlán de fheidhmíocht faoi chumhachtaí smachtbhannaí an RTB. Faoi na cumhachtaí seo is féidir leis an RTB, tar éis imscrúdaithe, smachtbhannaí a chur ar thiarnaí talún a bhfuil baint acu le sárúithe áirithe ar an dlí cíosa, ar a dtugtar “iompar míchuí”. Clúdaítear an méid seo a leanas le hIompar Míchuí, mar atá luaite san Acht,

- Mainneachtain ceanglais an Chríos Brú Cíosa (RPZ) a chomhlíonadh;
- Ag brath go bréagach ar Dhíolúine RPZ;
- Teip fógra a thabhairt don RTB faoi bheith ag brath ar Dhíolúine RPZ;
- Mainneachtain faisnéis tionóntachta a nuashonrú laistigh de mhí ó athrú cíosa;
- Mainneachtain tionóntacht a chlárú;
- Cúis a thabhairt ar Fhógra Foirceanta is eol a bheith bréagach nó míthreorach; agus/nó Teip tionóntacht a thairiscint ar ais do thionónta nuair atá coinníollacha áirithe comhlíonta;
- Éarlais níos mó ná a choibhéis de chíos míosa a lorg; agus
- Réamhíocaíocht de níos mó ná cíos míosa a lorg.


Féadfar rabhadh i scríbhinn agus/nó fíneáil suas le €15,000 mar aon le costais suas le €15,000 a bheith ag na smachtbhannaí. Aistríonn an RTB gach smachtbhanna airgid chuig an Chúlchiste.



Féadfar rabhadh i scríbhinn agus/nó fíneáil suas le 15,000 mar aon le costais suas le 15,000 a bheith ag na smachtbhannaí. Aistríonn an RTB gach smachtbhanna airgid chuig an Chúlchiste.



Forbhreathnú ar an bpróiseas Imscrúduithe agus Smachtbhannaí



Gníomhaíocht Imscrúduithe agus Smachtbhannaí in 2022

Imscrúduithe Ceadaithe

I rith 2022, cheadaigh an RTB 130 imscrúdú ar lompár Míchuí féideartha. D'éag 62% (81) de na gearán sin ar thoil an RTB féin agus bhí 38% (49) bunaithe ar ghearán fhoirmiúil scríofa ón phobal. Cuireadh 10 fhiosrúcháin deireadh leo i gcaitheamh an bhliain 2022. Áirítear air sin na cásanna ó bhlianta roimhe. Cuirtear cásanna ar ceal nuair a thagann eolais chun solais tar éis Pearsanra Údaraithe a ceapadh san fhiosrúchán. Sa chás sin, níor cheart leanúint ar aghaidh. I measc roinnt samplaí d'eolais seo tá: go bhfaightear amach in imscrúdú neamhchláraithe gur cuid den scéim cíos seomra í an mhaoin agus nach gá í a chlárú; tá an tiarna talún in imscrúdú ar shárú RPZ tar éis an cíos mícheart a chur isteach sa taifead clárúcháin de thaisme, rud a fhágann go bhfuil an chuma air go bhfuil sárú ann nuair nach bhfuil.

Dá thioctadh eolais chun solais sula fógra faoin fhiosrúchán a dhéanamh, cúlghairtear é. Dá thioctadh eolais chun solais i ndiaidh, cuirtear é ar ceal.

Faoi dheireadh 2022, bhí 238 cás á fhiosrú. Cuireadh tús le roinnt cásanna sna blianta seo a chuaigh thart.

Smachtbhannaí

Faoi dheireadh 2022, bhí 114 imscrúdú curtha faoi bhráid na Cinnteoirí Neamhspleácha. Is gairmithe dlíthiúla na cinnteoirí a bhfuil taithí fhairsing ar ról chinnteoireachta agus tá siad neamhspleách ar an RTB.

Tá siad ceaptha faoin dlí chun torthaí imscrúdaithe a athbhreithniú agus cinneadh a dhéanamh ar phionós. D'éisigh an RTB 106 cinneadh do na tiarnaí talún ábhartha agus taisceadh aon achomhairc is fiche. Cuimsíonn an figiúr seo na cinntí ó imscrúduithe a tosaíodh in 2020 agus in 2021.

Smachtbhannaí a Dhaingniú agus a Fhoilsiú

Ní mór an cinneadh smachtbhanna a fhorchur a dheimhniú sa Chúirt Chuarda. I rith 2022, deimhníodh 46 cás i gCúirteanna Cuarda Bhaile Átha Cliath, Chill Dara, Lú agus na Gaillimhe.

Nuair a dheimhnítear smachtbhanna, go bhfuil na tréimhsí achomhairc go léir caite, agus go bhfuil gach próiseas riaracháin curtha i gcrích, foilsíonn an RTB sonraí an smachtbhanna ar láithreán gréasáin an RTB. In 2022, foilsíodh 47 smachtbhanna ar shuíomh gréasáin réamhbheartaithe.

Cuidíonn líon Coistí Boird leis an mBord ina ról maoirseachta ina gcuimsítear comhaltaí boird agus comhaltaí seachtracha ag a bhfuil saineolas ábhair i réimsí freagrachta faoi seach na gCoistí. Leagann an Bord de chúram ar na Coistí sin machnamh grinn a dhéanamh ar ábhair áirithe agus soláthraíonn siad comhairle chun cuidiú le cinnteoireacht an Bhoird. Scaiptear miontuairiscí ó chruinnithe Choistí an Bhoird ar an mBord chun é a choinneáil ar an eolas maidir le hobair na gCoistí.

Déanann an Bord athbhreithniú tréimhsiúil ar Choistí an Bhoird chun a n-éifeachtacht a bhreithniú i gcoinne na dtéarmaí tagartha dá gcuid. Le linn 2022 bhí na Coistí Boird a leanas i bhfeidhm ag an mBord:

- An Coiste Iniúchóireachta & Riosca
- An Coiste Reachtaíochta
- An Coiste Taighde
- Coiste Dearbhaithe Tionscadail RTB360
- An Choiste um Alt 189

Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Cuimsítear ceathrar comhaltaí den Bhord leis an gCoiste Iniúchóireachta & Riosca (“ARC”) mar aon le beirt bhall seachtrach ag a bhfuil scileanna agus tairbhí fheidhmiúcháin ar bhainistíocht riosca, rialachas, agus airgeadas. Thionóil an ARC naoi gcruinnithe le linn 2022.

Tuairiscíonn an ARC don Bhord i ndiaidh gach cruinnithe. Amhail an 31 Nollaig 2022, ba iad seo a leanas na baill ar an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca: Comhaltaí an Bhoird Julia Carmichael (Cathaoirleach), Mary O’Donovan, Paul White, Colin Potts, mar aon le beirt comhaltaí seachtracha i bhfoirm Shane O’Keeffe agus Catherine Comer. D’éirigh.

Seo thíos sceideal tinrimh an Choiste le linn 2022 ar an tábla ag seo a leanas.

Comhalta an Choiste	Líon na gcruinnithe ar freastalaíodh orthu
Cruinnithe a Tionóladh	9
Julia Carmichael – Bord	9
Mary O’Donovan – Bord	9
Paul White – Bord	7
Colin Potts – Bord	8
Shane O’Keeffe – Seachtrach	8
Catherine Comer - Seachtrach	9

An Coiste Reachtach

Cuirtear de shainchúram ar an gCoiste Reachtach chun cuidiú leis an mBord maidir le gnóthaí dlíthiúla agus reachtacha a bhreithniú. Tá tríúr comhaltaí Boird agus ceathrar comhaltaí seachtracha ar an gCoiste Reachtach. Bhí cruinniú amháin ag an gCoiste Reachtach le linn 2022.

Amhail an 31 Nollaig 2022, ba iad seo a leanas na baill ag an Choiste Reachtach: Comhaltaí an Bhoird Patricia O’Sullivan Lacy (Cathaoirleach), Justin O’Brien, Julia Carmichael, Paul Dunne agus Sheila O’Riordan. Cheap an Bord Paul Dunne agus Sheila O’Riordan don Choiste an 4 Iúil 2022 agus an 8 Meán Fómhair 2022, faoi seach. Ba iad Maeve Hogan, Laura Farrell agus Padraic Kenna na comhaltaí seachtracha. Íocadh €588 do Laura Farrell i rith na bliana as a bheith i láthair ag cruinnithe an choiste Reachtach idir 2021 agus 2022. D’éirigh Karen Murphy as a post ón Choiste Reachtach an 24 Márta 2022.

Faightear thíos sa tábla seo a leanas, sceideal tinrimh an Choiste i rith 2022

Comhalta an Choiste	Líon na gcruinnithe ar freastalaíodh orthu
Cruinnithe a Tionóladh	1
Patricia O'Sullivan Lacy - Bord	1
Justin O'Brien - Bord	0
Julia Carmichael - Bord	0
Paul Dunne - Bord (ceaptha an 4 Iúil 2022)	Ní bhaineann
Sheila O'Riordan - Bord (ceaptha an 8 Meán Fómhair 2022)	Ní bhaineann
Maeve Hogan - Seachtrach	1
Laura Farrell - Seachtrach	1
Padraic Kenna - Seachtrach	0
Karen Murphy - Seachtrach (a d'éirigh as an 24 Márta 2022)	0

An Coiste Taighde

Soláthraíonn an Coiste Taighde treoir straitéiseach agus maoirseacht le haghaidh clár taighde an RTB a fhorbairt agus a sheachadadh agus tháinig sé le chéile trí huairé in 2022. Ba iad seo a leanas na comhaltaí a bhí ag an choiste amhail an 31 Nollaig 2022 comhaltaí an Bhoird Paddy Gray (Cathaoirleach), Justin O'Brien, Audry Deane agus James Doorley, agus ba iad na comhaltaí sheachtracha ná John McCartney, Lorcan Sirr, Christine Whitehead agus Sinéad Kelleher. D'éirigh Niamh Santry as a ról sa Choiste an 20 Meitheamh 2022. Ceapadh Sinéad Kelleher ar an 10 Nollaig 2021.

Comhalta an Choiste	Líon na gcruinnithe ar freastalaíodh orthu
Cruinnithe a Tionóladh	3
Paddy Gray - Bord	3
Justin O'Brien - Bord	2
Audry Deane - Bord	3
James Doorley - Bord	1
John McCartney - Seachtrach	1
Lorcan Sirr - Seachtrach	3
Christine Whitehead - Seachtrach	3
Niamh Santry - Seachtrach (a d'éirigh as an 20 Meitheamh 2022)	1
Sinéad Kelleher - Seachtrach (ceaptha an 10 Nollaig 2021)	1

Coiste Dearbhaithe Tionscadail RTB360

Chruthaigh an Bord an Coiste Dearbhaithe Tionscadail RTB360 chun gealltanais agus cinnteachtaí a thabhairt don Bhord maidir le dul chun cinn an tionscadail RTB360. Tháinig an Coiste le chéile trí huairé i rith 2022. Tháinig an Coiste le chéile an 8 Feabhra agus an 12 Aibreán i gcomhlíonadh a théarmaí tagartha chun maoirseacht a dhéanamh ar an tionscadal RTB360 go dtí deireadh céim I den chlár oibre i mí Aibreáin 2022. Bhí cruinniú breise ag an Choiste, ar an 11 Deireadh Fómhair, chun socrúithe rialachais a bhaineann leis na chéad céimeanna eile maidir le forbairt córais a phlé. Díscaoileadh an Coiste ar an lá céanna, an 11 Deireadh Fómhair 2022, tar éis an chruinnithe de bhrí gur comhlíonadh a théarmaí tagartha, agus bhí deireadh le céim I RTB360 den chlár oibre.

Ba iad seo a leanas na baill ag an choiste RTB360 amhail an 31 Nollaig 2022: comhaltaí an Bhoird Justin O'Brien agus Mary O'Donovan, agus an ball seachtrach Ken Jordan. D'éirigh an ball seachtrach, Aidan Keogh, as an Choiste an 11 Deireadh Fómhair 2022.

Comhalta an Choiste	Líon na gcruinnithe ar freastalaíodh orthu
Cruinnithe a Tionóladh	3
Paul White - Bord	2
Justin O'Brien - Bord	2
Mary O'Donovan - Bord	2
Ken Jordan - Seachtrach	2
Paul Dunne - Seachtrach (a d'éirigh as 11 Deireadh Fómhair 2022)	3

An Choiste um Alt 189

Tá an Coiste um Alt 189 comhdhéanta de chomhaltaí uile an Bhoird ar feadh a dtéarmaí oifige mar chomhaltaí an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe. Ní thagann sé le chéile ach amháin nuair a éilítear ag imthosca atá forordaithe in alt 189 den Acht chun a bhreithniú cé acu ba cheart nó nár cheart iarratas a dhéanamh ar na Cúirteanna le haghaidh faoiseamh idirbhreitheach i gcásanna díshealbhuíthe mídhleathacha líomhnaithe ag tiarnaí talún. Tháinig Coiste Alt 189 le chéile uair amháin in 2022. Tá tinreamh chomhaltaí an Bhoird ag Coiste Alt 189 leagtha amach sa tábla dar teideal Tinreamh ag Cruinnithe Chomhaltaí an Bhoird in 2022 níos déanaí sa Ráiteas ar Rialachas seo.

Sceideal de Tháillí, Tinreamh agus Speansais Chomhaltaí an Bhoird

Le linn 2022 íocadh €126,219 (€106,558 in 2021) le comhaltaí an Bhoird as a bhfreastal ar chruinnithe. Áirítear leis an méid sin táillí as freastal ar chruinnithe an Bhoird agus na gCoistí, as páirt a ghlacadh in imeachtaí oiliúna agus in agallaimh, agus as a gcuid dualgas a chomhlíonadh mar chomhaltaí an Bhoird. Is iad an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadadh NDP agus Athchóirithe agus an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil & Oidhreachta a shocraíonn na táillí. Tá bonn na dtáillí do Chathaoirleach an RTB agus do chomhaltaí an Bhoird leagtha amach sa tábla thíos. Íoctar táillí ar bhonn pro rata nuair nach bhfuil ach bliain seirbhíse pháirteach ag an bhfaighteoir mar Chathaoirleach nó mar chomhalta an Bhoird.

Sceideal de Tháillí Chomhaltaí an Bhoird	Cathaoirleach	Comhalta
An méid bliantúil d'obair ar an mBord agus as freastal ar chruinnithe an Bhoird agus ar chruinnithe na gCoistí	€8,978	€5,985
An méid bliantúil do chruinnithe ina bhfeidhmíonn an Bord a chumhachtaí faoin Acht maidir lena ról garbhreithiúnach	€7,700	€5,250

Sna táblaí thíos agus ar an leathanach a leanas leagtar amach táillí agus speansais chomhaltaí an Bhoird a íocadh le haghaidh 2022 mar aon le tinreamh chomhaltaí an Bhoird ag cruinnithe le linn na bliana.

Táillí & Speansais Chomhaltaí an Bhoird 2021

Comhalta Boird	Obair an Bhoird	Taisteal & Cothabháil TBD	Iomlán (Táillí & Speansais)
Tom Dunne	€16,677	€0	€16,677
Mary O'Donovan	€11,235	€4,704	€15,939
Justin O'Brien	€11,235	€0	€11,235
Paul Dunne	€10,299	€483	€10,782
Paddy Gray	€11,235	€2,229	€13,464
Julia Carmichael	€0	€0	€0
Audry Deane	€11,235	€118	€11,353
James Doorley	€11,235	€271	€11,506
Patricia O'Sullivan Lacy	€11,235	€504	€11,739
Colin Potts	€11,235	€0	€11,235
Sheila O'Riordan	€10,299	€2,138	€12,437
Paul White	€10,299	€0	€10,299
Iomlán	€126,219	€10,447	€136,666

D'fhonn an prionsabal 'Duine Amháin, Tuarastal Amháin' a chomhlíonadh, níor íocadh táillí boird le Julia Carmichael.

I gcomhlíonadh treoirínte na Roinne Caiteachais Phoiblí, Seachadadh NDP agus Athchóirithe, aisíocadh suim iomlán de €10,447 le comhaltaí an Bhoird as costais taistil agus cothaithe a tabhaíodh chun freastal ar chruinnithe agus ar oiliúint.

Tinreamh Cruinnithe Chomhaltaí an Bhoird in 2022

Comhalta Boird	Cruinniú Boird	Cruinniú an Bhoird um Dhíospóidí	Cruinniú an Choiste um Alt 189	Binse Cíos	An Coiste Iniúchóireachta & Riosca	An Coiste Reachtaíochta	An Coiste Taighde	Dearbhaithe um RTB360
Cruinnithe a Tionóladh	12	23	1	3	9	1	3	3
Tom Dunne	12	18	1	3				
Mary O'Donovan	12	15	1	3	9			2
Justin O'Brien	9	10					2	2
Paul Dunne	10	15	1					
Paddy Gray	10	14					3	
Julia Carmichael	10	4			9			
Audry Deane	12	18					3	
James Doorley	12	14					1	
Patricia O'Sullivan Lacy	11	18	1	2		1		
Colin Potts	12	19	1		8			
Sheila O'Riordan	11	17		1				
Paul White	11	17			7			2

An Coiste um Réiteach Díospóide

Is é an Coiste um Réiteach Díospóide (“DRC”) an painéal as a dtarraingítear baill na Binsí Tionóntachta ar a mbíonn triúr ag freastal. Ós rud é nach féidir achomharc a dhéanamh i gcoinne cinní Binse seachas amháin chun na hArd-Chúirte ar phointe dlí, comhlíonann baill an DRC feidhm gar-bhreithiúnach tábhachtach. Bhí 480 éisteacht Bhinse ann in 2022. Leithdháileann sceidealóir uathoibríoch na héisteachtaí ar chomhalta a phainéil atá ar fáil, agus is féidir leo í a glacadh nó a dhiúltú. Íoctar baill an bhinse ar sceideal táillí bunaithe ar fhreastal na n-éisteacht acu agus ar scríobh na dtuarascáil acu agus an méid airgid sin idir €506 agus €1,195, ag bráth ar cháil freastail bhall an Bhinse (Cathaoirleach nó comhalta) agus sa chás gur bhain an Binse a saolré amach nó sa chás fosta go meastar é a tharraing siar. Leis an tábla thíos taispeántar íocaíochtaí le baill an Bhinse le haghaidh 2022.

Táillí Chomhaltaí an Bhinse 2022

Ainm	Táillí	Oiliúint	Iomlán
Andrew Nugent	€28,298	€196	€28,494
Anne Leech	€20,602	€784	€21,386
Brian Murray	€23,997	€0	€23,997
Ciara Doyle	€33,389	€784	€34,173
Claire Millrine	€2,896	€196	€3,092
Dairine Mac Fadden	€24,698	€392	€25,090
Dervla Quinn	€43,747	€784	€44,531
Elizabeth Maguire	€14,986	€784	€15,770
Eoin Byrne	€28,941	€784	€29,725
Finian Matthews	€29,808	€784	€30,592
Fintan McNamara	€25,881	€784	€26,665
Healy Hynes	€33,727	€588	€34,315
Helen Claire O'Hanlon	€22,813	€392	€23,205
Hugh Markey	€22,984	€196	€23,180
Jack Nicholas	€2,561	€196	€2,757
James Egan	€24,814	€588	€25,402
John Keane	€17,391	€588	€17,979
John Keaney	€41,578	€588	€42,166
Karen Ruddy	€34,398	€392	€34,790
Kevin Baneham	€3,912	€0	€3,912
Louise Moloney	€19,108	€784	€19,892
Mary Doyle	€20,267	€392	€20,659
Maureen Cronin	€28,119	€392	€28,511
Mervyn Hickey	€4,780	€196	€4,976
Michael Vallely	€17,013	€588	€17,601
Michelle O'Gorman	€42,046	€588	€42,634
Nesta Kelly	€1,195	€196	€1,391
Niall Buckley	€8,844	€0	€8,844
Owen Donnelly	€17,017	€0	€17,017
Peter Shanley	€24,697	€392	€25,089
Roderick Maguire	€23,261	€392	€23,653
Rosemary Healy Rae	€17,699	€196	€17,895
Suzu Quirke	€29,656	€588	€30,244
Iomlán	€735,123	€14,504	€749,627

Painéal na mBreithneoirí & na n-Idirghabhálaithe

Is feidhm thábhachtach í de chuid an RTB seirbhís réitigh díospóidí a sholáthar do thiarnaí talún, do thionóntaí agus do thríú páirtithe. D'fhonn neamhchlaontacht a áirithiú sa phróiseas réitigh díospóidí, ceaptar na breithneoirí agus na n-idirghabhálaithe ar ár bpainéal go neamhspleách, agus cuireann siad a gcuid feidhmeanna chun feidhme i gcáil neamhspleách. Íoctar buntáille de €616 in aghaidh an lae do thrí héisteacht, nó, €616 chomh maith do thrí idirghabháil ar theileafón. Leithdháileann sceidealóir uathoibríoch na héisteachtaí ar dhuine den phainéal atá ar fáil, agus is féidir leis í a glacadh nó a dhiúltú. Taispeántar sa tábla thíos na híocaíochtaí a íocadh le Breithneoirí/Eadránaithe le linn 2022.

Táillí Breithneoirí / Idirghabhálaithe 2022

Ainm	Táillí	Oiliúint	Iomlán
Aisling Ryan	€1,848	€196	€2,044
Alan Brady	€33,880	€588	€34,468
Anne Marie Giblin	€21,560	€588	€22,148
Avril O'Meara	€6,776	€392	€7,168
Brian Whelan	€17,864	€980	€18,844
Cathrina Keville	€22,792	€588	€23,380
Ciaran Joyce	€27,720	€784	€28,504
David Duncan	€33,880	€784	€34,664
David McParland	€22,176	€784	€22,960
Donagh Farrell	€14,784	€784	€15,568
Donald Menzies	€27,104	€784	€27,888
Eithne Corry	€0	€196	€196
Emma Barry	€19,712	€588	€20,300
Emma Foley	€20,944	€392	€21,336
Emma Slattery	€22,176	€588	€22,764
Fiona Walsh	€1,232	€196	€1,428
Frank Brady	€42,504	€588	€43,092
Georgina Farren	€20,944	€196	€21,140
Grainne Quinn	€19,096	€588	€19,684
John Noonan	€25,256	€784	€26,040
Linda Brophy	€12,320	€588	€12,908
Louise Beirne	€19,096	€392	€19,488
Mark Kane	€51,128	€392	€51,520
Mema Byrne	€14,168	€588	€14,756
Michael Landers	€24,024	€588	€24,612
Michael MacNamee	€30,184	€784	€30,968
Niamh McHugh	€15,400	€588	€15,988
Niamh O'Doherty	€25,256	€784	€26,040
Orla Ryan	€17,248	€196	€17,444
Sarah Brophy	€29,568	€588	€30,156
Shaun Smyth	€37,576	€784	€38,360
Simon Brady	€11,088	€196	€11,284

Ainm	Táillí	Oiliúint	Iomlán
Sinéad Fitzpatrick	€19,712	€784	€20,496
Steven Dixon	€43,736	€980	€44,716
Susan Applebe	€26,488	€784	€27,272
Thomas Dowling	€3,080	€196	€3,276
Una Ní Chathain	€20,328	€588	€20,916
Ursula Condon Flynn	€22,792	€784	€23,576
Iomlán	€825,440	€21,952	€847,392

Painéal na gCinnteoírí

Mar chuid dá fheidhm rialaithe, bíonn cumhachtaí ag an RTB chun tiarna talún a Fhiosrú agus Pionós a Ghearradh orthu i gcás go sáraíonn siad codanna den dlí cíosa, rud a thugtar iompar míchuí orthu. Is le painéal na gCinnteoírí an cinneadh le déanamh, bunaithe ar thorthaí an phróisis fiosrúcháin, i dtaobh iompar míchuí a mheas agus méid pionóis ar chóir dóibh a ghearradh. I gcás go sárófar iompar míchuí ag tiarna talún éigin, féadfaidh pionós i bhfoirm rabhadh scríofa agus/nó táille suas go €15,000 a ghearradh orthu, agus suas go €15,000 i gcostais ar leith chomh maith. Is ionann na Cinnteoírí agus gairmithe dlí neamhspleácha a thugann aghaidh ar an ról seo ar bhonn féinrialaitheach. Ní mór na cinntí a dhéanann na Cinnteoírí a bheith dearbhaithe sa Chúirt Chuarda. Íoctar táille comhréidh de €340 in aghaidh an chinnidh agus €340 in aghaidh an lae leis na Cinnteoírí má bhíonn orthu freastal ar an gCúirt. Leagtar na táillí íoctha don bhliain 2022 thíos faoi.

Táillí na gCinnteoírí 2022

Ainm	Táillí	Oiliúint	Iomlán
Angela Becker	€11,560	€196	€11,756
Cynthia Lennon	€5,780	€196	€5,976
Margaret Browne	€22,100	€196	€22,296
Susan Ahern	€14,960	€196	€15,156
Iomlán	€54,400	€784	€55,184

Forfheidhmiú Orduithe Píolótach

I rith 2022, reáchtáil an RTB cleachtadh ar bhonn píolótach, agus d'iarr siad ar éascaitheoirí agus idirghabhálaithe oilte le caidreamh a thógáil leis na páirtithe chun díospóireacht a oscailt i dtaobh socraíochtaí airgeadais níos fearr a bhaint amach do na páirtithe, agus téann an comhlíonadh leis an RTB seo i ngleic le hOrduithe Cinnidh. Íocadh €616 in aghaidh an lae do na héascaitheoirí seo, de réir a gcuid socruithe leis an RTB. Léiríonn torthaí na scéime píolótaí seo ardú i dtaca le comhlíonadh, méideanna airgid níos fearr a bhaint amach ag na páirtithe, agus laghdú ar chostais dlí i gcoinne Orduithe Cinnidh don RTB. Tá RTB ag dúil leis an scéim éascaithe seo a fhorbairt le cur amach i rith 2023.

Táillí a bhaineann leis an Fhorfheidhmiú Orduithe Píolótach 2022

Ainm	Táillí	Oiliúint	Iomlán
Brian Whelan	€29,260	€0	€29,260
David Duncan	€43,736	€0	€43,736
Iomlán	€72,996	€0	€72,996

Príomhathruithe Pearsanra:

Ceapadh Niall Byrne ina Stiúrthóir RTB le héifeacht an 24 Eanáir 2022, agus an fhreagracht a fhágáil dó ó Padraig McGoldrick a bhí ina Stiúrthóir Eatramhach. Ceapadh Lucia Crimin agus Louise Loughlin ina Leas-stiúrthóirí le héifeacht an 5 Meán Fómhair 2022 agus an 6 Nollaig 2022 faoi seach. Seasann an grúpa seo d'Fhoireann Ceannaireachta Feidhmiúcháin an RTB.

Nochtadh a Éilítear faoin gCód Cleachtas um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)

Tá an Bord freagrach as cinnte a dhéanamh go gcomhlíonann an RTN riachtanais an Chód 2016 mar a bhí foilsithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadadh NDP agus Athchóirithe i Lúnasa 2016. Éilítear na nochtaithe a leanas faoi Chód 2016:

Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe

Iócadh sochair ghearrthéarmacha le dá bhall foirne is fiche de mhéid níos mó ná €60,000 an duine in 2022. Déantar anailís ar na híocaíochtaí sin i Nóta 5a de Ráitis Airgeadais an RTB don bhliain 2022. Chun críocha an nochtaithe seo, áirítear le sochair ghearrthéarmacha fostaithe le linn 2022 tuarastail, ragobair agus íocaíochtaí eile a íocadh le fostaithe ach níl ÁSPC fostóra san áireamh leo.

Costais Sainchomhairleoireachta

Áiríonn costais sainchomhairleoireachta costas comhairle sheachtrach don bhainistíocht agus ní áirítear feidhmeanna gnó seachfhoinsithe.

Sainchomhairleoireacht	2022	2021
Comhairle Dlí	€191,940	€114,819
Feabhsú Próisis	€0	€13,930
Soláthar	€0	€29,948
Treochlár TFC	€21,540	€0
Cosaint Sonraí	€3,500	€0
Iomlán	€216,980	€158,697

Ní dhearnadh aon chostais sainchomhairleoireachta a chaipitliú le linn 2022 nó 2021.

Costais Dhlíthiúla agus Socraíochtaí

Faighítear cur síos ar na méideanna sin a thugtar caiteachais dlí orthu i rith 2022, arna leagadh amach ag an Chód 2016 Is é an rud atá taobh thiar de chostais dlí an RTB ná ár bhfeidhmeanna a chur chun feidhme faoin Acht lena n-áirítear díospóidí a réiteach idir tiarnaí talún agus tionóntaí, dlíthíocht nuair is gá chun Ordú Cinnidh an RTB a fhorfheidhmiú nó cinneadh an RTB a dhearbhu, agus ionchúiseamh i gcás tionóntachtaí neamhchláraithe. Áirítear sa tábla seo costais dhlíthiúla freisin a tabhaíodh d'fhonn reachtaíocht eile a chomhlíonadh lena n-áirítear cosaint sonraí, dlí fostaíochta, agus saoraíl faisnéise, agus maidir le heagrúchán laethúil na heagraíochta. Ní áirítear leis sin caiteachas a tabhaíodh maidir le comhairle dlí ghinearálta a fuair an RTB, atá nochtta sna costais Chomhairleachta thuas, mar a cheanglaítear ag an Chód 2016.

Costais Dhlíthiúla agus Socraíochtaí	2022	2021
Athbhreithniú Breithiúnach	€2,214	€8,553
Forfheidhmiú	€627,403	€438,673
Socraíochtaí Dlí	€33,800	€36,760
Achomhairc Chúirte	€322,915	€229,400
Riarachán Ginearálta	€102,125	€234,697
Tacaíocht Dhlíthiúil Eile	€483,603	€418,036
Iomlán	€1,572,060	€1,366,119

Caiteachas Taistil agus Cothaithe

Leagtar caiteachas taistil agus cothabhála thíos faoi.

Taisteal & Cothabháil	2022	2021
Baill Fhoirne RTB	€5,113	€0
Comhaltaí Boird	€10,447	€0
Baill an Bhinse	€6,047	€17,146
Iomlán	€21,607	€17,146

As taistil agus cothaithe na bliana reatha d'fhoireann & d'fhoireann iasachta an RTB, baineann €1,381 le taisteal thar lear (2021: € 0). Ní raibh aon taisteal eachtrach ag comhaltaí an Bhoird ná ag comhaltaí an phainéil i gceachtar bliain. Íoctar an caiteachas taistil agus cothabhála uile ar aon dul leis na treoirlínte ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadadh RTB agus Athchóirithe.

Caiteachas fáilteachais

Áirítear le caiteachas fáilteachais sólaistí a cuireadh ar fáil ag seisiúin faisnéise arna n-óstáil ag an RTB d'fhonn a shainordú a chomhlíonadh chun imeachtaí oideachais agus feasachta a sholáthar dá pháirtithe leasmhara. Déantar an caiteachas a chatagóiriú thíos.

Caiteachas fáilteachais	2022	2021
An Fhoireann	€4,068	€4,944
Oideachas agus Imeachtaí Feasachta	€4,330	€0
Iomlán	€8,398	€4,944

Ráiteas Comhlíonta

Tá an Bord tar éis glacadh leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus gnásanna a chur in áit chun géilliúlacht leis an gCód sin a chinntiú. Rinne an lucht bainistíochta obair shuntasach le linn 2022 d'fhonn a áirithiú go ndearnadh Cód 2016 a chomhlíonadh. Rinneadh an obair sin faoi mhaoirseacht an Choiste Iníúcháireachta agus Riosca, a aithníonn na hiarrachtaí a rinneadh le linn na bliana agus atá sásta gur chomhlíon an eagraíocht Cód 2016 ina iomláine faoi dheireadh 2022.



Niall Byrne

Stiúrthóir an RTB

Dáta: 08 Meitheamh 2023



Tom Dunne

Cathaoirleach

Dáta: 08 Meitheamh 2023

Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach

Freagracht as an gCóras Rialaithe Inmheánaigh

Mar Chathaoirleach an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe (“RTB”) tuigim go bhfuil freagracht ag an mBord as a chinntiú go gcoimeádtar agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach um rialú inmheánach. Agus éifeachtacht na rialuithe inmheánacha á breithniú, bíonn aird ag an mBord, i measc rudaí eile, ar cheanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016), “Cód 2016” ina dhiaidh seo, agus aon cheanglais rialaithe nó reachtacha eile atá gaolmhar leis.

Aidhm an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a bhainistiú go leibhéal inghlactha comhaontaithe ag teacht le fonn riosca na heagraíochta seachas deireadh a chur leis. Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta, seachas dearbhú iomlán, a thabhairt go ndéanfar sócmhainní a chosaint, agus idirbhearta a údarú agus a thairgeadh i gceart, agus go ndéanfar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú in am trátha.

Príomh-Nósanna Imeachta Rialaithe

Tá córas an rialaithe inmheánaigh atá sonraithe sa ráiteas seo, atá i gcomhréir leis an treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadadh RTB agus Athchóirithe, i bhfeidhm sa RTB don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 agus suas go dtí dáta fhaomhadh na ráiteas airgeadais.

Tá Bord an RTB freagrach as a áirithiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm ag an RTB. Tá an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca (an ARC) á chuidiú leis an Bhord ina chuid oibre, agus faoi dheireadh 2022, bhí trí chomhalta den Bhord agus dhá chomhalta seachtrach ar an Choiste. Tugann an Coiste comhairle don Bhord ar gach ábhar a bhaineann le riosca, rialú inmheánach, agus rialachas agus tacaítear leis trí thuairisciú ón fhoireann bainistíochta Fheidhmiúcháin. Tháinig an ARC le chéile naoi n-uair in 2022.

Tá údarás feidhmiúcháin tarmligthe ag an Bhord don Stiúrthóir atá, in éineacht lena fhoireann ceannais feidhmiúcháin, i gceannas ar rioscaí an RTB, agus tá siad freagracht as rioscaí agus bainistíocht rioscaí a thuairisciú don Bhord. Tá Feidhm Iniúchta Inmheánaigh ag an RTB atá curtha ar fáil ag gnólacht seachtrach. D’fhorbair an gnólacht iniúcháireachta plean iniúchtaí bliana amháin agus thrí bliana faoi threoir an ARC agus le hionchur ón lucht bainistíochta. Athbhreithníonn an ARC an plean iniúchtaí agus ar bhonn bliantúil ar a laghad agus déantar athruithe mar is ga bunaithe ar mholtaí an Choiste.

I rith 2022, dhírigh foireann bhainistíochta an RTB arna saincheisteanna práinneacha agus eisceachtúla a tháinig chun cinn i bhfeidhmíocht an ardáin chlárúcháin RTB agus an méadú suntasach agus fadtéarmach a tháinig de thoradh air sin ar theagmhálacha le custaiméirí. Ba cheart go gcuirfí na rioscaí agus na dúshláin a bhaineann le dul i ngleic na saincheisteanna agus na bagairtí sin in iúl don Bhord ag gach ceann dá chruinnithe le linn 2022 trína Choiste Feidhmiúcháin agus an Coiste RTB 360 (go dtí Aibreán 2022), arna bhunú ag an Bhord. Mar thoradh ar ceisteanna teicneolaíochta agus ar éilimh eagraíochtúla eile le linn na bliana, bhí dúshláin mhóra ar acmhainní ag an RTB i roinnt réimsí. Mar gheall ar an fhócas a chuirtear ar na ceisteanna tromchúiseacha a tháinig chun cinn leis an ardán clárúcháin, bhí gá acmhainní a úsáid ó ghníomhaíochtaí eile.

Rinne an ARC athbhreithniú ar raon feidhme na n-iniúcháirí inmheánacha i gcomparáid leis an phlean iniúcháireachta le linn na bliana. Áiríodh i bplean iniúchta inmheánaigh 2022 iniúchtaí le déanamh sna ceithre réimse seo a leanas: riosca tríú páirtí, clárúcháin agus ioncam táillí, córas rialaithe inmheánaigh agus airgeadais, agus athbhreithniú leantach ar mholtaí iniúchta inmheánaigh roimhe seo. Ina theannta sin, d’aontaigh an ARC athbhreithniú cuimsitheach ar leithligh a chur leis an tionscadal RTB360 a bheidh le déanamh ag na hiniúcháirí inmheánacha maidir leis an phleanáil, an fhorbairt, an bainistiú agus an rialachas timpeall an chórais chlárúcháin RTB360 a bhí ar siúl i mí na Samhna 2021. Chuir na hiniúcháirí inmheánacha a n-acmhainní san áireamh ar iniúchadh inmheánach ar an chóras rialaithe inmheánaí agus ar an chóras rialaithe airgeadais inmheánacha trí athbhreithniú agus tástáil neamhspleách a dhéanamh orthu agus trí athbhreithniú a dhéanamh ar na ráthaíochtaí a thug an bainisteoir le dearbhú go bhfuil na rialaithe inmheánacha atá i bhfeidhm faoi láthair leordhóthanach.

Mar a thugtar faoi deara roimhe seo, cuireadh acmhainní ar fáil arís i rith na bliana mar chuid de fhreagairt an RTB ar na ceisteanna a tháinig chun cinn leis an ardán clárúcháin. Mar gheall ar theorainneacha acmhainní a bhí ann, chuir sé seo dúshlán ar an phlean iniúchóireachta inmheánaí agus bhí sé dodhéanta clár iniúchóireachta inmheánaí iomlán a chur i gcrích mar a bhí beartaithe ar dtús. Go háirithe, ní fhéadfaí na hiniúchtaí atá beartaithe maidir le riosca tríú páirtí agus maidir le clárúcháin agus ioncam tãillí a chur i gcrích mar gheall ar acmhainní a atreorú chun déileáil leis na ceisteanna a tháinig chun solais leis an ardán clárúcháin. Ina theannta sin, mhair athbhreithniú cuimsitheach ar an tionscadal RTB360 níos faide ná mar a shíleadh, agus caitheadh níos mó ama agus acmhainní inmheánacha air ná mar a bhí beartaithe ar dtús. Thug an ARC tuairisc rialta don Bhord ar na ceisteanna i dtaca le bainistíocht acmhainní ó ráithe 1 2022 go dtí deireadh na bliana.

Rinne an gnólacht iniúchóireachta inmheánaí dhá tasc i 2022 – athbhreithniú cuimsitheach ar an tionscadal RTB360 agus an t-Iniúchadh inmheánach ar an chóras rialaithe inmheánacha agus airgeadais. Ina theannta sin, críochnaíodh an t-iniúchadh inmheánach ar chibearshlándaíl agus ar obair chianda, a cuireadh ar aghaidh ó 2021, chomh maith. Níor rinneadh aon athbhreithniú ar an riarthóir iniúchóireachta in 2022.

Maidir le bainistíocht éifeachtach riosca airgeadais, bhí beartas Bainistíochta Cúlchiste i bhfeidhm ag an mBord le linn 2022 a chinntiú go raibh dóthain cúlchistí ag an RTB chun a ghnó a oibriú le linn tréimhsí struis ar shreabhadh airgid agus a cúlchistí a choinneáil ag an leibhéal optamach sa mheántearma. D'iarr an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht ar an Bhord athbhreithniú a dhéanamh ar an bheartas reatha maidir le cothabháil cúlchistí agus smaoineamh ar phlean a fhorbairt chun na cúlchistí a chaitheamh, le himeacht ama, chun tacú le croíghnóthaí an RTB. Déanfar an t-ábhar seo a scrúdú tuilleadh ag an Bhord i rith 2023.

Creat Riosca agus Rialaithe

Clár Riosca

Coimeádann an RTB clár rioscaí corparáideacha lena ndéantar na príomhrioscaí a shainaithint agus a mheasúnú agus córas scórála bunaithe ar riosca á úsáid, agus lena sainaithnítear na rialuithe atá i bhfeidhm agus na gníomhaíochtaí a theastaíonn chun rioscaí a laghdú nó a n-iarbhairt a mhaolú. Tá an clár ullmhaithe ag an bhainistíocht agus rinne an ARC agus an Bord athbhreithniú i R1 de 2022. I rith 2022, agus mar atá luaite thuas cheana féin, dhírigh foireann bhainistíochta an RTB arna saincheisteanna práinneacha agus eisceachtúla a tháinig chun cinn i bhfeidhmíocht an ardáin chlárúcháin RTB agus an méadú suntasach agus fadtéarmach a tháinig de thoradh air sin ar theagmhálacha le custaiméirí.

Ba cheart go ndéanfaí tuarascáil ar na rioscaí agus na dúshlán maidir le dul i ngleic leis na ceisteanna agus na bagairtí sin don Bhord ag gach ceann dá chruinnithe le linn 2022. Mar gheall ar na brúnna láithreacha agus práinneacha a leagadh amach níos luaithe, tugadh tuairisc don Bhord i Ráithe 1 ar an chlár riosca agus ar na hábhair a bhain le ceanglais le haghaidh Creat Bainistíochta Riosca éifeachtach. Ba é an tionchar a luaitear thuas ar infhaighteacht acmhainní chun an Chreat Bainistíochta Riosca a chur chun feidhme ná go ndearna an ARC tacaíocht chomhairliúcháin seachtrach a choimisiúnú, thar ceann an Bhord RTB, chun an creat atá ann cheana a athbhreithniú agus ceann nua a fhorbairt atá oiriúnach don eagraíocht ón 4ú ráithe de 2022. Tá an Feidhmeannas ag dul chun cinn leis an obair seo agus tabharfaidh sé tuarascáil ar an Bhord agus ar ARC mar a théann sí ar aghaidh i rith 2023.

Rialú Inmheánach

Tá córas rialaithe inmheánaigh agus bainistíochta riosca ag an RTB atá deartha chun príomhrioscaí a shainaithint agus a thuairisciú, mar aon leis na gníomhaíochtaí bainistíochta arna nglacadh chun tabhairt fúthu, agus nuair is féidir, iad a mhaolú.

Seo a leanas na príomhghnéithe den chóras:

- Struchtúr eagraíochta sainithe ina bhfuil deighilt chuí dualgas agus teorainneacha údaráis arna n-ainmniú ag an Bhord.
- Tá plean straitéiseach trí bliana, arna fhorbairt ag an Bhord, mar threoir don phlean gnó bliantúil agus don bhuiséad, a fhorhmeasann an Bord iad araon, agus tuairiscítear go rialta don Bhord ar an dul chun cinn a rinneadh le linn gach bliana.

- Beartais agus nósanna imeachta doiciméadaithe a chlúdaíonn príomhréimsí riosca a ndéanann an Bord athbhreithniú agus faomhadh orthu go tréimhsiúil.
- Teorainneacha agus údarás sainithe do chaiteachas airgeadais lena n-áirítear soláthar earraí agus seirbhísí agus caiteachas caipitil.
- Cuntais bhainistíochta mhíosúla athbhreithnithe ag an fhoireann bainistíochta agus tugtha faoi deara ag an Bhord.
- Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a sholáthraíonn maoirseacht agus treoir i réimsí bainistíochta riosca, athbhreithnithe ar chlár riosca, tuairiscithe riosca agus forbairt bheartais agus a dhéileáilann le gach ceist tábhachtach rialaithe a thógtar ag an Iniúchóireacht Inmheánach, ag Oifig an Rialtóra Ginearálta nó ag athbhreithnithe seachtracha eile.
- Roinnt Coistí Boird eile a thacaíonn leis an mBord ina ról maoirseachta. Tá siad sin liostaithe sa Ráiteas Rialachais agus i dTuarascáil na gComhaltaí Boird.
- Beartais lena gclúdaítear cosaint sonraí, calaois, slándáil córais ICT (Teicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide), sláinte agus sábháilteacht, agus príomhréimsí riosca eile chomh maith le cóid iompair don Bhord, d'Oifigigh agus don fhoireann.
- Beartais agus nósanna imeachta ina gclúdaítear bainistíocht feidhmíochta na foirne, forbairt na foirne, agus oideachas leanúnach.
- Beartas agus plan soláthair a athbhreithnítear ag an Stiúrthóir ar bhonn bliantúil agus a athbhreithnítear ag an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ó am go chéile.
- Feidhm iniúchóireachta inmheánaí lena ndéantar athbhreithniú ar phróisis, córais agus rialuithe aitheanta agus lena dtuairiscítear a chuid oibre don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca.
- Clár rioscaí corparáideacha a ullmhaíonn an lucht bainistíochta agus dhéanann athbhreithniú ar an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus ar an Bhord fosta.
- Tuairisciú ar mhéideanna agus ar ghníomhaíocht um chustaiméirí inár n-oibríochtaí intí agus seachfhoinisithe lena dtuairiscítear feidhmíocht i gcoinne caighdeáin seirbhíse agus lena ndéantar idirghabháil an lucht bainistíochta a spreagadh.
- Suirbhéanna custaiméirí, aiseolas, agus gearáin a úsáidimid chun fadhbanna le seachadadh ár seirbhísí a shainiú agus dul i ngleic leo.

- Córais agus bogearraí i bhfeidhm chun ár dtimpeallacht ICT a chosaint ar bhagairtí agus chun slándáil na faisnéise atá i seilbh againn a chinntiú.

Coistí an Bhoird

Cuidíonn Coistí an Bhoird lena ról maoirseachta ar an Bhord, atá comhdhéanta de chomhaltaí an Bhoird agus de chomhaltaí seachtracha a bhfuil saineolas ábhair acu i réimsí freagrachta na gCoistí faoi seach. Tugann an Bord cúram do na Coistí as mionbhreithniú a dhéanamh ar ábhair áirithe, agus cuireann siad comhairle ar fáil chun cabhrú le cinnteoireacht an Bhoird. Tugann gach cathaoirleach Coiste tuarascáil don Bhord ar ghníomhaíochtaí an Choiste. Áirítear sonraí faoi na Coistí a bhí ag feidhmiú in 2022 sa Ráiteas Rialachais & i dTuarascáil Chomhaltaí an Bhoird.

Córas Bainistíochta Riosca

Tá beartas Bainistíochta Riosca i bhfeidhm ag an RTB. Forbraíodh an beartas le maoirseacht agus le treoir an ARC agus cheadaigh an ARC agus an Bord é.

Déantar riosca a bhainistiú agus samhail na dtrí líne chosanta á húsáid. Is í an chéad líne foireann bainistíochta an RTB ag a bhfuil an fheagracht phríomhúil as riosca a bhainistiú agus as rialú inmheánach ina réimsí freagrachta. Tacaítear leo ag feidhmeanna rialaithe an RTB (Airgeadas, Riosca, Acmhainní Daonna, Cosaint Sonraí agus Soláthar) agus is iadsan an dara líne. Tá an tríú líne chosanta cuimsithe de na baill sheachtracha a dhéanann an córas a athbhreithniú. Déanann ár seirbhís Iniúchóireachta Inmheánaí athbhreithniú neamhspleách ar chóras foriomlán an rialaithe inmheánaigh agus, laistigh de cheanglais rialachais Chód 2016, déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú air.

Tá feagrachtaí atá sainithe ag bainisteoirí i réimsí uile an RTB as feidhmíocht a ról agus tá an fhoireann oile go cuí agus tacaítear leo trí oiliúint. Déantar ionchais maidir le feidhmíocht an lucht bainistíochta agus na foirne a shocrú agus a mhonatóiriú tríd an gcóras bainistíochta um feidhmíocht fostaithe. Soláthraítear oiliúint don fhoireann nuair a ghlacann siad le ról agus nuair a shainiúitear riachtanais oiliúna ar leith tacaíonn Acmhainní Daonna leis na riachtanais sin a chomhlíonadh.

Chomh maith le foireann íochta an RTB, tacaíonn soláthraí próisis ghnó taobh amuigh de chuid RTB le seirbhís do chustaiméirí. Áirítear le rialaithe inmheánacha don tseirbhís seo comhaontú leibhéal seirbhíse, agus cruinnithe seachtainiúla, míosúla agus ráithiúil idir an soláthraí agus bainistíocht RTB.

Tá beartais agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag feidhmeanna rialaithe, amhail Airgeadas, Riosca, Acmhainní Daonna, Cosaint Sonraí, agus Soláthar chun riosca a rialú ina réimsí freagrachta agus soláthraítear leo treoir agus maoirseacht ar réimsí oibríocháin chun comhlíonadh maidir leis na dlíthe is infheidhme, rialacháin, agus beartais a chinntiú. Tá na haonaid seo i dteagmháil le bainisteoirí agus le foireann ar fud na heagraíochta chun tacú le cloí leis na beartais seo agus déanann siad sárú suntasach a mhéadú tríd an réimeas bainistíochta ionas gur féidir gníomhartha ceartaitheacha a dhéanamh.

Ba é an tionchar a luaitear thuas ar infhaighteacht acmhainní chun an Chreat Bainistíochta Riosca a chur chun feidhme ná go ndearna an ARC tacaíocht chomhairliúcháin seachtrach a choimisiúnú, thar ceann an Bhord RTB, chun an creat maidir le Bainistíocht Riosca atá ann cheana a athbhreithniú agus creat nua a fhorbairt atá oiriúnach don eagraíocht ón 4ú ráithe de 4 in 2022. Tá Foireann Bainistíochta an Fheidhmeannais ag dul chun cinn leis an obair seo agus tabharfaidh sé tuarascáil ar an Bhord agus ar an Choiste ARC mar a théann sí ar aghaidh i rith 2023.

Struchtúr Eagrúcháin

Le linn 2021, ceadaigh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta athmheasú ar ról an Stiúrthóra sa RTB. Tar éis próiseas oscailte earcaíochta, ceapadh Stiúrthóir nua agus thosaigh sé sa ról an 24 Eanáir 2022 ar feadh téarma cúig bliana. Le dhá bhliain roimhe sin, bhí Stiúrthóir eatramhach ag obair. Ina theannta sin, ceadaíodh dhá phoist Leas-Stiúrthóra, ag leibhéal an Phríomhoifigigh, le linn 2021.

Faoi láthair, tá foireann bhainistíochta an RTB faoi stiúir an Stiúrthóra le tacaíocht ó bheirt Leas-Stiúrthóirí (ceaptha i mí Mheán Fómhair agus i mí na Nollag 2022, faoi seach). Tá freagracht ag gach Leas-Stiúrthóir as punann d'aonad gnó atá faoi stiúir Leas-Stiúrthóir nó faoi fhreagracht dhíreach le Leas-Stiúrthóir éigin. Is iad seo a leanas na haonaid ghnó; Réitigh agus Forfheidhmiú Díospóidí; Oibríochtaí Clárúcháin; Forbairt Clárúcháin; Ghnóthaí Dlí agus Forfheidhmiú Clárúcháin; Imscrúduithe agus Smachtbhannaí; Seirbhísí Daonna agus Corparáideacha; TFC; Cumarsáid agus Taighde; Airgeadas agus Soláthair; Rialachas agus Bainistíocht Riosca.

Go luath in 2023, tugadh cead don triúr ról Leas-Stiúrthóra ag leibhéal an Phríomhoifigigh. Thosaigh an t-iontráil don ról seo mar Leas-Stiúrthóir um Sheirbhísí Digiteacha agus Sonraí i mí Feabhra 2023. Beidh ról rithábhachtach ag an ról seo chun cumas bainistíochta an RTB a neartú, chomh maith le rioscaí a mhaolú, ar fud an dá phríomhcheantar den athrú digiteach leanúnach agus san anailís ar na sonraí a choimeádann an RTB ina phróiseas clárúcháin agus i mbunachair sonraí eile. D'ainneoin an phoist ard bhreise seo a chruthú, ní mór athbhreithniú domhain a dhéanamh ar an struchtúr eagraíochta chun a áirithiú go bhfuil struchtúr iomchuí ag an RTB lena straitéisí a chur i bhfeidhm, le tacú le bainistíú éifeachtach acmhainní agus le soláthar seirbhísí poiblí ar ardchaighdeán a áirithiú ar bhonn comhsheasmhach. I ndáil leis sin, tosaítear próiseas i 2023 chun Múnla Oibríochta Cuspóireach nua a fhorbairt don eagraíocht.

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Ba é 2022 an bhliain dheireanach chun Plean Straitéiseach RTB 2018 – 2022 a chur i bhfeidhm, a chuimsígh sainordú athraitheach an RTB, agus na hiarrachtaí atá leagtha síos dó ag beartas an Rialtais. Bhí spriocanna an phlean straitéiseach le feiceáil i bplean gnó bliantúil agus i mbuiséad na bliana 2022. Bhí cuspóirí oibríochtúla agus airgeadais do na haonaid ghnó curtha leis an phlean gnó. Déanann an bainisteoir maoirseacht ar chur chun feidhme an phlean gnó agus buiséid agus déanann an Bord athbhreithniú orthu.

Mar gheall ar na ceisteanna práinneacha agus na bagairtí a tháinig chun cinn trí hardán clárúcháin an RTB le linn 2022, mar a luaitear roimhe seo agus thíos, bhí tionchar ar phríomhghnéithe de phlean gnó an RTB le linn 2022. In ainneoin na brúnna sin, rinne an Bord obair shuntasach i rith 2022 chun Ráiteas Straitéise nua a fhorbairt do na blianta 2023-2025, mar aon le Plean Ghnó do 2023 bunaithe ar an straitéis nua sin. Críochnófar agus foilseofar an Ráiteas Straitéise sin in 2023. Tá an Bord muiníneach go gcuirfear an Plean Ghnó 2023 i bhfeidhm agus go ndéanfar faireachán air go cuí i rith 2023 in ainneoin na brú atá ann de bharr an ghá infheistíocht a dhéanamh i gcóras clárúcháin agus i bhfeidhm sheirbhísí do chustaiméirí an RTB.

Tá Comhaontú Maoirseachta i bhfeidhm leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil, agus Oidhreacht ina leagtar amach na socrúithe rialachais idir an Roinn agus an RTB. Tá sé mar aidhm ag an Chomhaontú soiléireacht a áirithiú maidir le cuntasáíocht, ról agus freagrachtaí an RTB agus an Roinn chun a áirithiú go gcomhlíonann an RTB a fheidhmeanna reachtúla agus ceanglais Chód Rialaithe. Tá an Roinn agus an RTB ag teacht le chéile go rialta chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh an Chomhaontaithe um Fhaireachán.

Soláthar

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an RTB d'fhonn a chinntiú go gcomhlíontar rialacha agus treoirlínte reatha um sholáthar. Tugtar aird ar cheisteanna a tháinig chun cinn maidir le rialuithe i dtaca le soláthar faoi na ceisteanna rialaithe inmheánaigh thíos.

Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an RTB chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a thimpeallachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Déanann obair na iniúchóirí seachtracha agus inmheánacha, agus obair an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, a dhéanann maoirseacht ar an obair sin, bonn eolais a chur ar an monatóireacht agus an athbhreithniú a dhéantar ar éifeachtúlacht an chórais rialú inmheánach atá againn agus tá an fhoireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin sa CNCC freagrach as forbairt agus as cothabháil an creat rialaithe inmheánaigh.

Deimhním go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha do 2022 maidir leis an tuarascáil iniúchóireachta inmheánach a thacaíonn leis an doiciméad seo. Seachas na míreanna atá leagtha amach thíos, deimhním go bhfios dom, agus tríd an fhaisnéis a chuir an Feidhmeannas agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ar fáil don Bhord, nár sainaitníodh aon laigí ábhartha breise sna rialuithe inmheánacha maidir le 2022 a éilíonn nochtadh ar bith sna ráitis airgeadais.

Ceisteanna Rialaithe Inmheánaigh

Ardán Clárúcháin

I mí na Samhna 2021, chuir an RTB ardán nua cláráithe slán ar líne isteach. Rinne an RTB monatóireacht an-ghar ar fheidhmíocht agus ar chobhsaíocht an chórais tar éis dó a bheith beo, agus measadh go raibh sé seasmhach agus a sheachadadh ar an ionchas.

I mí Aibreáin 2022, tosaíodh le reachtaíocht nua a d'ordaigh ceanglas nua do thiarnaí talún agus do ghníomhairí ligin a chlárú ar bhonn bliantúil leis an RTB. Mar chuid de seo, tugadh isteach scéim nua maidir le táillí clárúcháin. Ón 4 Lúnasa 2022, ba cheart táille déanach nua a chur i bhfeidhm ar chlárú. D'fhorbair RTB an dara leagan den chóras clárúcháin a cuireadh i bhfeidhm an 4 Aibreán 2022 chun clárú bliantúil a éascú.

I mí na Bealtaine 2022, tháinig an RTB ar an eolas go raibh fadhbanna suntasacha ag a lán custaiméirí leis an chóras clárúcháin nua lena n-áirítear:

- Ag cruthú cuntais ar líne: Bhí ar thiarnaí talún agus ar ghníomhaithe cuntas nua ar líne a bhunú agus ritheadh tacaíocht bhreise ag teastáil uathu chun an córas nua a nascleanúint. Cruthaíodh ábhair treoracha agus acmhainní nua le cuidiú a thabhairt.
- Ascnamh Sonraí: Bhí deacrachtaí ag roinnt tiarnaí talún/gníomhairí sonraí a aisghabháil agus a nascadh chun é a aistriú chuig an chóras nua clárúcháin tionónta ón sheanchóras. Chuir an RTB foireann tiomnaithe le chéile a bhí dírithe go heisiach ar an Nascadh Sonraí.
- Rochtain an chórais: Fuair go leor daoine amach go raibh an córas mearbhall agus go raibh sé mall le nascleanúint, beart a d'fhág frustrachas agus moill gan ghá ar úsáideoirí an chórais, mar shampla, nuair nach raibh sé soiléir ón gcóras clárúcháin gur críochnaíodh clárú éigin go rathúil. Mar thoradh ar an éiginnteacht seo, chuaigh neart daoine i dteagmháil leis an RTB go díreach trí ríomhphost nó trí ghuthán.

- Fíorú Sonraí: Is ea ceann de phríomhghnéithe an chórais nua seo ná go ndéantar sonraí iontráilte a fhíorú agus go gcomhlíontar an Eircode a bhaineann leis, le teagmháil amháin ar an chóras RTB. Bhí fadhbanna ag daoine éagsúla nach raibh a gcuid sonraí ar aon ghuth leis na taifid ón Roinn um Chosaint Shóisialaí agus bhí ar roinnt gníomhairí tionónta teagmháil a dhéanamh lena gcliaint chun an próiseas fíoraithe a chomhlánú mar is ceart, agus is mó fadhbanna a tháinig chun solais leis an chóras sa chás sin. D'fhorbair an RTB treoir sa réimse seo chun cuidiú leis agus tá acmhainní tiomnaithe ar fáil ar an suíomh Gréasáin.
- Tuairisciú ón Chóras é féin: Tháinig roinnt ceist chun cinn trí thuairisciú ríomhghinte ón chóras le linn 2022. I measc na n-ábhar sin, an neamhábaltacht chun clárúcháin a aithint ón chóras agus iad sin a chur i gcomparáid le hioncam comhordaithe caite isteach ag custaiméirí éigin trí thairseach íocaíochta an chustaiméara. D'iarr lucht bainistíochta an RTB ar thacaíocht sheachtrach chun bunchúis na ceiste seo a fhiosrú agus chun réitigh a mholadh le cur chun feidhme in 2023
- Méadú ar Iarratais Scríofa: Ós rud é gur phróiseas láimhe é sin, ghlactar níos mó ama ag an RTB iad a phróiseáil.

Mar thoradh ar na ceisteanna seo, tháinig líon an-ard ríomhphoist agus glaonna gutháin chuig an RTB, beart a d'fhág go raibh amanna feithimh fada ag custaiméirí RTB agus iad ag fanacht le labhairt leis an RTB nó chun freagra a fháil ar ais trí ríomhphost. Lean na ceisteanna agus impleachtaí custaiméirí iad seo ar aghaidh go 2023. D'aithin an RTB go poiblí, agus aithníonn siad é fós in 2022, nach raibh na ceisteanna a bhain le feidhmíocht an chórais agus seirbhísí custaiméirí inghlactha ar scáth ar bith agus bhí aiféala ar an Bhord faoi dhrochéifeacht na gceisteanna seo ar bhail an phobail a raibh ag déanamh gnó éigin leis an RTB.

Freagra an RTB

Ghlac an RTB roinnt gníomhartha mar fhreagra ar an taithí do-ghlactha a bhí ag úsáideoirí leis an chlárú bliantúil. Lean RTB ar aghaidh lena fhreagairt go dtí 2023.

- I rith 2022, d'oibrigh an RTB leis an soláthraí próiseas gnó seachfhoinsithe faoi chonradh chun acmhainní breise a earcú, oiliúint a chur ar fáil agus a chur i bhfeidhm chomh maith le gníomhaíochtaí a eagrú chun na hamanna feithimh agus na cúlchistí a mhaolú agus chun freastal níos fearr ar na ceisteanna casta atá á ardú ag tiarnaí talún agus ag gníomhaithe ar an phróiseas clárúcháin bhliantúil ar an chóras nua. Rinneadh an conradh leis an soláthraí a shíneadh amach chun líon na ndaoine a mhéadú. Tá tuilleadh faisnéise ar fáil san alt soláthair a bhaineann leis an ráiteas seo.
- Rinne an RTB athbhreithniú ar a chuid ábhair cumarsáide uilig atá dírithe ar an phobal le cinntiú go raibh faisnéis ardchaighdeán, ábhartha agus inrochtana ar an próiseas chlárúcháin ar fáil do thiarnaí talún agus do ghníomhairí. Chomh maith leis sin, chuaigh muid i dteagmháil le grúpaí ionadaithe na dtiarnaí talún agus gníomhairí ligin chun tacaíocht a sholáthar agus chun cuidiú leis an RTB tuiscint a fháil ar na cineálacha ceisteanna a bhuaileann a gcuid baill.
- I ndáil leis an táille nua maidir le clárú moille, bhí imní ar an RTB go dtiocfadh éagothroime leis an táille sin a fhorchur ón 4 Lúnasa 2022. Mar sin, ar chúiseanna riachtanas riaracháin, agus chun cóireáil chothrom agus réasúnach a dhéanamh ar thiarnaí talún agus ar ghníomhaithe i bhfianaise an eispéiris neamh-inghlactha a bhí ag úsáideoirí leis an phróiseas clárúcháin bhliantúil ar an chóras nua, cuireadh an táille a ghearradh go huathoibríoch ar chlárúcháin bhliantúla moille ar fionraí i mí na Samhna 2022 agus tosaíodh an próiseas i mí na Nollag 2022 chun táillí moille a chuireadh i bhfeidhm idir Lúnasa agus Samhain 2022 a aisíoc. Faoi dheireadh na bliana, bhí thart faoi €402,000 i dtáillí moille chuig tiarnaí talún agus gníomhairí ann. Rinneadh an cinneadh chun na táillí moille a chur ar fionraí agus a aisíoc i gcomhthéacs na gcúinsí eisceachtúla a bhí ann ag an am agus meas an RTB gur cinneadh neamhspleách é a bhí de cheangal a dhéanamh ar chúiseanna riachtanas riaracháin agus ar mhaithe le leas poiblí leathan.

- I bhfianaise na gcúinsí agus an ghá le gníomhú láithreach, bhí an RTB den tuairim, cé nach raibh an díolúine agus an aisíocaíocht go docht i gcomhréir leis an dlí, gurbh é gníomhú ar chúiseanna riaracháin an fhreagra iomchuí agus níor iarr sé ar an Aire leasú reachtaíochta a thabhairt isteach chun údarú a thabhairt go sonrach don díolúine ó na táillí moille. Bhí an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht ar an eolas faoin chur chuige atá á ghlacadh ag an RTB.
- I rith an tSamhraidh 2022, d'oibrigh an RTB lena chomhpháirtithe teicniúla chun clár feabhsuithe teicniúla riachtanacha a fhorbairt ar an chóras clárúcháin chun aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna ag tiarnaí talún agus gníomhairí sa phróiseas clárúcháin bliantúil. Mar thoradh ar an chlár oibre, déanfar an tríú heisiúint den chóras a sheachadadh in 2023 agus beidh seo a leanas san áireamh:
 - próisis chun aon bhaol maidir le clárúcháin dúblacha a bhaint trí dul chun cinn i bpróiseáil Eircode.
 - comhéadain tairís clárúcháin nua do chuideachtaí atá lasmuigh d'Éirinn agus do dhaoine aonair a bhfuil cónaí orthu lasmuigh d'Éirinn gan aon PPSN.
 - úsáid comhéadain clárúcháin nua don chustaiméir mar aon le faisnéis tacaíochta.
- I mí Dheireadh Fómhair 2022, ghlac ceann de na Leas-Stiúrthóirí nua ceaptha freagracht as clár cur chun feidhme clárúcháin bhliantúil an RTB le foireann de cheithre Chúntóir atá freagrach as TFC, Forbairt Clárúcháin, Clárúcháin agus Seirbhísí do Chustaiméirí agus Cumarsáid agus Taighde.
- Athchóiríodh bainistíocht agus maoirseacht na dtionscadal freisin, agus bunaíodh an Coiste Stiúrtha Feidhmiúcháin agus tuairiscíonn sé don Bhord. Bunaíodh Coiste Rialachais TFC nua de chuid an Bhoird in 2023. Cheadaigh an Bord comhaltas agus téarmaí tagartha an Choiste um Rialachas TFC i mí Eanáir 2023.
- D'fhostaigh an RTB saineolaí ábhair ionaid teagmhála chun ráthaíocht sheachtrach a sholáthar agus moltaí a dhéanamh maidir leis an chur chuige reatha maidir le bainistiú (lena n-áirítear bainistiú cáilíochta) dár n-ionad teagmhála seachfhoinsithe.
- D'fhostaigh an RTB gnólacht seirbhísí gairmiúla freisin chun faisnéis maidir le clárú tionónta a athbhreithniú agus chun é a réiteach i bhfoirm hioncam.

Tá an RTB tiomanta as bheith ag obair go comhoibritheach agus go tógalach le tiarnaí talún agus le gníomhairí ligin atá ag baint úsáide as an chóras clárúcháin nua chun a gcuid clárúcháin bhliantúla a chomhlánú in 2022 den chéad uair agus tá siad ag déanamh gach iarracht a chinntiú go ritheann babhtá de chlárúcháin bliantúil go réidh ina dhiaidh sin.

Ag tús 2022, mar aitheantas ar na ceisteanna suntasacha a tháinig chun cinn i bhforbairt an chórais nua (lena n-áirítear raon feidhme, costas agus teorainneacha ama) agus é sin a tuairiscíodh i dTuarascáil Bhliantúil an RTB don bhliain dar chríoch 2021, d'ordaigh Coiste Iniúcháireachta agus Riosca an Bhoird athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ón ghnólacht iniúcháireachta inmheánaí chun breathnú siar ar an phróiseas agus ar na dóigheanna a bhí an córas nua curtha ar fáil, deartha, iniúchta agus curtha i bhfeidhm. Ba é cuspóir an athbhreithnithe seo ná na príomhcheachtanna a aithint agus moltaí a dhéanamh maidir leis an dóigh ar cheart don RTB tionscadail chasta um chlaochlú digiteach a bhainistiú san am atá amach romhainn. Rinne an Bord athbhreithniú ar an tuarascáil go luath in 2023. Ón dáta eisithe an ráitis seo, tá an Bord ag smaoineamh ar a chéad chéimeanna eile i ndiaidh dó comhairle dhlíthiúil a fháil.

Éifeacht na saincheisteanna rialaithe ar an Eagraíocht

Bhí tionchar suntasach ar fheidhmíocht agus ar ghníomhaíocht na heagraíochta mar thoradh ar na saincheisteanna rialaithe a tháinig chun solais as an chóras nua. Mar a luadh cheana, clúdaítear ag na héifeachtaí sin gnéithe eile de bhainistíocht riosca, de chur chun feidhme an phlean iniúcháireachta inmheánaí agus de chur chun feidhme an Phlean Ghnó do 2023. Cé go n-aithníonn an Bord go bhfuil dúshlán ann fós agus go bhfuil gá le tuilleadh oibre chun feidhmíocht an chórais agus seirbhíse do chustaiméirí a athbhunú ar chaighdeán iomchuí, tá muinín ag an Bhord go gcuirfidh bainistíocht an RTB, arna neartú trí phoist shinsearacha breise, an staid a chobhsú níos mó i rith 2023 agus go lagófar na bagairtí leanúnacha níos faide don eagraíocht i rith 2023.

Is ionann costas a cheaptar atá ag teacht in 2022 maidir le hathruithe ar fhorbairt an chórais chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna na gcustaiméirí agus €1,129,035.

Ceisteanna a bhaineann le Rialú Soláthair

Le linn 2022, thabhaigh an RTB caiteachas neamhchomhlíonta aonair ar chonradh amháin i bhfoirm €76,819 (gan CBL san áireamh). Sheas an conradh seo d'obair deimhnithe tionscadail ar an chóras clárúcháin nua agus bronnadh é ar dtús i bpróiseas neamh-iomaíoch toisc gur measadh go raibh an soláthraí ina sholáthraí aonair. Ba é an figiúr iomlán caite ar an chonradh seo ón tús a chur leis in 2020 agus deireadh a tháinig air in 2022 ná €413,554 (gan CBL san áireamh). Sa ráiteas 2021 maidir le Rialú Inmheánach, dheimhnigh an RTB go raibh an conradh críochnaithe i mí an Mheithimh 2022. Le sin ráite, lean an RTB ar aghaidh ag úsáid an tsoláthraí chéanna níos faide ná mar a bhí beartaithe i rith 2022 mar gheall ar na fadhbanna a tháinig chun solais leis an chóras clárúcháin nua, arna leagadh amach roimhe. Tháinig deireadh leis an chonradh i mí na Nollag 2022.

I rith 2022, thabhaigh an RTB caiteachas eile i leith trí chonradh i bhfoirm €4,076,044 san iomlán (gan CBL san áireamh) agus gan próiseas iomaíoch a sheoladh. Measann an Bord go gcomhlíonann gach ceann de na trí chonradh na treoirlínte soláthair toisc go gcomhlíonann gach ceann acu na coinníollacha eisceachtúla a thugann údar le dámhachtain dhíreach nó le modhnú conartha le linn a ré. Cé nach bhfuil sé de cheangal aon dámhachtain conartha neamh-chomórtasach a dhearbhu anseo, tá an Bord ag iarraidh a bheith go hiomlán trédhearcach maidir leis na himthosca atá taobh thiar den chaiteachas iomlán ó 2022 a bhí ann.

I gcás dá chás amach as na trí chás, bronnadh conarthaí gan próiseas iomaíoch mar thoradh díreach ar an chóras reatha agus na saincheisteanna seirbhíse do chustaiméirí a tháinig chun cinn as córas nua bainistíochta tionóntaí an RTB. Fógraíodh gach ceann de na trí chonradh sin freisin i sa Ráiteas ar Rialú Inmheánach 2021.

Cuireadh síneadh leis an chonradh is mó, ina soláthraítear seirbhísí seachfhoinisithe ar próisis ghnó, go dtí mí an Mhárta 2023 gan próiseas iomaíoch, agus ba iad costas an chonartha sin ná €3,647,202. Glacadh an cinneadh seo toisc gur measadh nach raibh in ann glacadh leis an leibhéal riosca a bhaineann le soláthar seirbhíse seachfhoinisithe próisis gnó nua a fháil, agus nuair a bhí fadhbanna suntasacha nasctha leis an chóras nua agus nuair a bhí méideanna custaiméirí an-ard ag an am céanna. Ag an tús, bronnadh an conradh ar feadh téarma tosaigh trí bliana agus bhí sé le tosú i mí na Bealtaine 2013, leis an rogha chun an conradh a shíneadh ar feadh dhá bhliain eile, agus glacadh leis an síneadh é sin ag deireadh 2016, i ndiaidh an téarma tosaigh trí bliana. Ba é costas iomlán an chonartha don bhuntréimhse cúig bliana ná €5,681,296.

Síneadh an conradh arís agus arís eile ar cheithre ócáid, i dtús bhí síneadh ar feadh bliana amháin ann agus ansin 18 mí, agus i ndiaidh sin síneadh é arís ar feadh dhá thréimhse eile de bhliain amháin iomlán suas go dtí Samhain 2022, agus tharla seo mar gheall ar na saincheisteanna a tháinig chun cinn nuair a thosaigh an córas nua clárúcháin tionónta. Ba é costas iomlán conarthaí do na ceithre thréimhse sínte sin ná €10,248,515. I rith 2022, síneadh an conradh arís eile suas go dtí Márta 2023, le costas €2,206,402 ann. I mí Aibreán 2023, síneadh an conradh arís go dtí am ina mheastar go mbeidh an luach iomlán den athrú, i bhfoirm €2,500,000, caite agus meastar go leanfaidh sé sin ar aghaidh go dtí mí Lúnasa 2023. Foilsíodh fógra VEAT agus fógra mionathrú trí r-tairiscintí in Iris Oifigiúil an AE in 2019, 2021, 2022 agus 2023 faoi seach i gcomhréir leis na treoirlínte soláthair.

Thabhaigh an RTB caiteachas le linn na bliana i bhfoirm €249,378 agus an costas sin do thacaíocht oidhreachta an chórais TFC. Comhlíontar raon feidhme bunaidh do chóras bainistíochta na dtionóntachtaí nua de chuid RTB ná ceanglais chórais maidir le láimhseáil agus forfheidhmiú díospóidí nach raibh san áireamh sa chóras nua mar a shíltear go mbeidh. Ciallaíonn sé seo go gcaithfidh an córas oidhreachta a choimeád chun tacú le díospóidí agus obair fhorfheidhmithe. Tá an soláthraí ar an t-aon soláthraí tacaíochta TFC amháin dá gcóras oidhreachta dílsithe féin. Ar an ábhar seo, measann an Bord go bhfuil an caiteachas seo ag comhlíonadh na dtreoirlínte soláthair toisc go gcomhlíonann sé na coinníollacha eisceachtúla a thugann údar le dámhachtain dhíreach. Bronnadh an conradh le haghaidh tacaíochta oidhreachta córais TFC seo ar feadh téarma trí bliana ar dtús, lena n-áirítear rogha síneadh de bhliain bhreise ón lá feidhme sin, arna thosú i mí Eanáir 2014. Cuireadh síneadh breise leis an gconradh ceithre huaire ar feadh tréimhse 18 mí agus trí thréimhse bliana an ceann go dtí deireadh mhí an Mheithimh 2021. B'ionann costas iomlán conarthaí do na trí bliana bunaidh agus do na ceithre shíneadh agus €2,907,354. I mí Iúil 2021, d'aontaigh an RTB ar chonradh nua leis an soláthraí, ar feadh tréimhse dhá bhliain le rogha bliana sínte. Is é an t-uasmhéid caiteachais a cheadaítear faoin chonradh seo ná €1,000,000, agus tá €515,261 déanta as sin faoi dheireadh 2022.

Bronnadh an tríú chonradh, a raibh costas bliana de €179,464 ann le haghaidh anailísíocht sonraí dílsithe a dhéanamh, chomh maith de dheasca gurb é an soláthraí ina sholáthraí aonair. Ní raibh baint ag an chonradh seo leis an chóras leanúnach agus le saincheisteanna seirbhíse do chustaiméirí a tháinig chun solais ó chóras bainistíochta nua an RTB.

Tá an Bord fós tiomanta Treochlár Digiteach a fhorbairt don BTC amach anseo. Rinneadh sos ar ghníomhaíochtaí an treochláir dhigitigh le linn 2022 chun am agus acmhainní breise a thabhairt don bhainistíocht a fhad is go raibh siad dírithe ar réiteach an chlárúcháin bhliantúil agus ar na saincheistanna eile a tháinig ón chóras a fháil. Go luath in 2023, tugadh cead don triúr ról Leas-Stiúrthóra ag leibhéal an Phríomhoifigigh. Chomh maith le feabhas a chur ar fheidhmíocht an chórais agus ar rialachas tionscadal san RTB, beidh fócas faoi leith ag an ról seo ar an treochlár digiteach amach anseo. Tá an Bord tiomanta freisin do chomhlíonadh leanúnach na dtreoirlínte soláthair lena n-áirítear tairiscint iomaíoch i ngach cás nuair is féidir. I gcás an chonartha seachfhoinsithe próisis ghnó, laghdaigh na rioscaí a bhaineann le soláthraí in 2022 agus chuir an RTB tús a leis an phróiseas chun tairiscintí iomaíoch a lorg le haghaidh na seirbhísí seo. Tá sé de rún an RTB RFT do na seirbhísí seo a fhoilsiú in 2023. I gcás na tacaíochta oidhreachta córais ICT, cuirfear deireadh leis an gconradh le soláthraí amháin na seirbhísí sin nuair a athrófar an córas oidhreachta. Ní mór don tríú chonradh d'anailísíocht sonraí dílseánaigh fanacht i bhfeidhm chomh fada agus a bheidh soláthraí amháin de na seirbhísí sin ann.

Ábhar Calaoise

Ar an drochuair, rinneadh calaois cumadh cúinse ar an RTB ag deireadh 2022. Seoladh ríomhphost bréagach, le hainm duine atá fostaithe ag an RTB, chuig an roinn Airgeadais agus bhí an ríomhphost ag cur i gcéill go raibh an fostaí féin ag iarraidh a gcuid sonraí bainc a athrú le haghaidh íocaíochtaí tuarastail. Rinneadh calaois i bhfoirm €2,024 den RTB agus níor fuair muid an t-airgead sin ar ais cé gur tuairiscíodh chuig na Gardaí é. D'fhógair an Bord agus an Fhoireann Cheannaireachta Fheidhmeannais an tábhacht a bhaineann le hoiliúint agus próisis maidir le calaois déanta trí chibirionsaithe agus ghlac an Feidhmeannas bearta ó shin chun rioscaí breise sa réimse seo a íoslaghdú.

Conclúid

Is céim thábhachtach í forbairt ardáin theicneolaíochta slán, ar líne agus nua-aimseartha le haghaidh clárú tionóntaí agus bhí tábhacht mhór straitéiseach aici don RTB. In ainneoin na saincheistanna suntasacha a tháinig chun solais le linn 2022, tá an RTB fós muiníneach go dtabharfaidh clárúcháin bliantúil infheictheacht i bhfad níos mó dúinn maidir le cíosa do thionóntachtaí reatha agus nua araon. Tá muid ag súil go mbeidh an soláthar sonraí leathnaithe seo in ann léargas nua agus faisnéis fheabhsaithe a sholáthar don RTB do thionóntaí, do thiarnaí talún agus don phobal i gcoitinne i rith 2023. Chomh maith le sonraí feabhsaithe a sholáthar chun eolas a thabhairt maidir le forbairt bheartais don earnáil cíosa cónaithe. Tá an Bord agus a fhoireann tiomanta fós chun dul i ngleic leis na dúshláin atá ann faoi láthair agus leanann siad ag obair chun an eagraíocht a fhorbairt le feidhmiú mar rialtóir leasa phoiblí cumasach agus éifeachtach na hearnála.



Tom Dunne

Cathaoirleach

Dáta: 08 Meitheamh 2023



Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

Report for presentation to the Houses of the Oireachtas Residential Tenancies Board

Opinion on the financial statements

I have audited the financial statements of the Residential Tenancies Board for the year ended 31 December 2022 as required under the provisions of section 178 of the Residential Tenancies Act 2004. The financial statements comprise

- the statement of income and expenditure and retained revenue reserves
- the statement of comprehensive income
- the statement of financial position
- the statement of cash flows, and
- the related notes, including a summary of significant accounting policies.

In my opinion, the financial statements give a true and fair view of the assets, liabilities and financial position of the Residential Tenancies Board at 31 December 2022 and of its income and expenditure for 2022 in accordance with Financial Reporting Standard (FRS) 102 — *The Financial Reporting Standard applicable in the UK and the Republic of Ireland*.

Basis of opinion

I conducted my audit of the financial statements in accordance with the International Standards on Auditing (ISAs) as promulgated by the International Organisation of Supreme Audit Institutions. My responsibilities under those standards are described in the appendix to this report. I am independent of the Residential Tenancies Board and have fulfilled my other ethical responsibilities in accordance with the standards.

I believe that the audit evidence I have obtained is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion.

Report on information other than the financial statements, and on other matters

The Residential Tenancies Board has presented certain other information together with the financial statements. This comprises an annual report, a governance statement and Board members' report, and a statement on internal control. My responsibilities to report in relation to such information, and on certain other matters upon which I report by exception, are described in the appendix to this report.

Delivery of a new online management system for tenancy registrations

The Residential Tenancies Board brought a new on-line tenancy registration system into use in November 2021, after significant project delays and cost overruns. The cost for delivery of the new system was €7.3 million, which was €4 million above the original expected cost. Delivery of the system was 29 months later than originally planned.

The statement on internal control discloses that, following the planned commencement of annual tenancy registration in April 2022, significant issues arose for users of the system, resulting in processing delays and increased volumes of queries and contacts. The operational issues and customer impacts have continued into 2023.

The Board commissioned further development work on the tenancy registration system to address the issues experienced by system users, and has estimated the associated costs in 2022 at just over €1.1 million.

Other steps taken by the Board to deal with the operational issues are outlined in the statement on internal control.

Non-compliance with legislation on late annual registration penalties

In response to the service delays that emerged in 2022, the Board decided to suspend the imposition of statutory financial penalties for late annual registrations with effect from November 2022. It also decided to reimburse landlords and agents who had incurred such late registration penalties between August and November 2022, and has made provision for payment of just over €402,000 in that regard (see note 9).

Section 137 of the Residential Tenancies Act 2004 (as amended) contains an explicit requirement on the Board to impose a penalty for late annual registration of a tenancy, and the Act does not provide for the refunding of penalties previously imposed. The Board has acknowledged in the statement on internal control that the waiver and refunding of the penalties are not in compliance with the legislation.

Procurement of business processing services

The Board employs an external service provider to carry out certain routine business processes. A three-year contract with the service provider was entered into in May 2013 following a competitive public procurement process. Subsequently, the Board availed of an option to extend the contract for an additional two years (i.e. to May 2018), at an increased average monthly cost. At commencement, the contract value was estimated at €5 million over five years. Expenditure totaling €5.7 million was incurred during the five years of the original contract term i.e. an average of €95,000 per month.

Since May 2018, the Board has extended the contract with the service provider on six further occasions. The combined expenditure under the extended contracts to end 2022 was €11 million — an average of around €198,000 per month. The projected further contracted cost from January to August 2023 is €4 million, or €500,000 per month.

As explained in the statement on internal control, the Board takes the view that it was appropriate to award the contract extensions because of the level of risk involved in simultaneously delivering the delayed new tenancy management system (referenced above), and (potentially) changing service provider. The Board considers that, on technical grounds, the extended contracts were compliant with EU procurement rules.

EU procurement rules allow for modifications of contracts for additional services (including contract extensions) where a change of contractor cannot be made for technical reasons, subject to any increase in price not exceeding 50% of the value of the original contract. There is also provision for consecutive modifications of contracts (each subject to the 50% limitation), so long as the modifications are not aimed at circumventing the procurement rules.

Based on the circumstances outlined above and on explanations received from the Board, I am not persuaded that the procurement of the business processing service under the contract extensions since May 2018 was compliant with the relevant procurement rules.

Up to May 2023, the Board had not commenced a competitive tendering process to replace the current contract, which ends in August 2023.




Seamus McCarthy
Comptroller and Auditor General

9 June 2023

An Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe

	Nótaí	An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2022 €	An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2021 €
Ioncam			
Táillí clárúcháin	2	12,332,258	9,488,664
Táillí faoi easaontais	2	117,917	107,244
Ioncam eile	4	5,012	57,926
Maoiniú an Stáitchiste	3	10,916,673	10,728,188
Cistiú pinsin iarchurtha	13c	1,030,459	1,595,812
Aistriú ó/(chuig) an gcuntas caipitil	11	1,155,035	(2,098,866)
Fo-iomlán		<u>25,557,354</u>	<u>19,878,968</u>
Caiteachas			
Costais foirne	5a	6,407,447	5,730,173
Costais chomhaltaí an Bhoird agus an phainéil	5b	1,867,912	1,924,518
Costais riaracháin	5c	14,399,062	10,805,744
Costais phinsin	13a	809,000	1,312,000
Dímheas	6	1,724,488	478,015
Fo-iomlán		<u>25,207,909</u>	<u>20,250,450</u>
Barrachas / (Easnamh) don bhliain		<u>349,445</u>	<u>(371,482)</u>
Barrachas Carntha an 1 Eanáir		6,398,803	6,770,285
Barrachas Carntha an 31 Nollaig		<u>6,748,248</u>	<u>6,398,803</u>

Tá na Ráiteas ar Shreafaí Airgeadais agus Nótaí 1 go 19 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo.



Niall Byrne

Stiúrthóir

Dáta: 08 Meitheamh 2023



Tom Dunne

Cathaoirleach

Dáta: 08 Meitheamh 2023

Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach

	Nótaí	An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2022 €	An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2021 €
Barrachas / (Easnamh) don bhliain		349,445	(371,482)
Gnóthachan/(caillteanas) taithí ar dhliteanas scéime pinsin	13d,e	(3,391,000)	241,000
Athrú ar thiomhdí faoi luach reatha dhliteanas na scéime pinsin	13d,e	<u>8,969,000</u>	<u>(1,016,000)</u>
Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach agus costas seirbhíse roimhe seo tuairiscithe		5,578,000	(775,000)
Coigeartú ar an maoiniú pinsin iarchurtha		<u>(5,578,000)</u>	<u>775,000</u>
Barrachas / (easnamh) iomlán aitheanta don bhliain		<u>349,445</u>	<u>(371,482)</u>

Tá na Ráiteas ar Shreafaí Airgeadais agus Nótaí 1 go 19 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo.



Niall Byrne

Stiúrthóir

Dáta: 08 Meitheamh 2023



Tom Dunne

Cathaoirleach

Dáta: 08 Meitheamh 2023

Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais

	Nótaí	An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2022 €	An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2021 €
Sócmhainní Seasta			
Maoin, gléasra agus trealamh	6	7,122,757	8,277,792
Sócmhainní Reatha			
Earraí Infhaighte	7	530,907	371,500
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	8	10,677,788	9,521,014
		<u>11,208,695</u>	<u>9,892,514</u>
Suimeanna Iníoctha			
Méideanna dlite laistigh d'aon bhliain amháin	9	(4,460,447)	(3,493,711)
Glansócmhainní reatha			
		6,748,248	6,398,803
Glan-Sócmhainní Iomlána Roimh Phinsin			
		13,871,005	14,676,595
Cistiú pinsin iarchurtha	13b,c	17,512,000	21,526,000
Dliteanais na scéime pinsin	13b	(17,512,000)	(21,526,000)
Iomlán na nGlansócmhainní		<u>13,871,005</u>	<u>14,676,595</u>
Léirithe ag			
Barrachas carntha	10	6,748,248	6,398,803
An cuntas caipitil	11	7,122,757	8,277,792
		<u>13,871,005</u>	<u>14,676,595</u>

Tá na Ráiteas ar Shreafaí Airgeadais agus Nótaí 1 go 19 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo.



Niall Byrne

Stiúrthóir

Dáta: 08 Meitheamh 2023



Tom Dunne

Cathaoirleach

Dáta: 08 Meitheamh 2023

Ráiteas ar Shreafaí Airgeadais

	Nótaí	An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2022 €	An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2021 €
Réiteach an Bharrachais Oibríúcháin leis an nGlan-insreabhadh airgid ó Ghníomhartha Oibríúcháin			
Barrachas / (Easnamh) oibríúcháin don bhliain		349,445	(371,482)
Dímheas	6	1,724,488	478,015
Aistriú chuig an Chuntas Caipitil	11	(1,155,035)	2,098,866
(Méadú) / laghdú ar Infháltais		(159,407)	612,482
Méadú / (laghdú) ar shuimeanna iníoctha		966,736	140,276
Glan-insreabhadh airgid thirim ó ghníomhaíochtaí oibríúcháin		1,726,227	2,958,157
Ráiteas ar an Sreabhadh Airgid			
Glan-insreabhadh / (eis-sreabhadh) airgid thirim ó ghníomhaíochtaí oibríochta		1,726,227	2,958,157
Glanchaiteachas Caipitiúil			
Maoín, gléasra agus trealamh	6	(569,453)	(2,576,881)
Méadú / (laghdú) ar Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim			
		1,156,774	381,276
Iarmhéid airgid tosaigh		9,521,014	9,139,738
Iarmhéid airgid deiridh		10,677,788	9,521,014

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

1 Beartais Chuntasaíochta

Tá bonn na beartais chuntasaíochta suntasacha a bhfuil an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe (“RTB”) tar éis a ghlacadh leo leagtha amach thíos. Cuireadh iad go léir i bhfeidhm go comhsheasmhach i rith na bliana agus don bhliain roimhe sin.

a) Faisnéis Ghinearálta

Bunaíodh an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe (an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha roimhe seo) faoin Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004 (“an tAcht”) agus tá a Príomhoifig ag Sráid D’Olier, Baile Átha Cliath 2. Athraíodh ainm an Bhoird in 2016 go dtí an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe (RTB) chun teacht lena shainchúram d’earnáil na gComhlacht Ceadaithe Tithíochta. Lena chois sin, le linn 2016 aistríodh feidhmeanna an Bhinse Cíos chuig an RTB.

Tá príomhfheidhmeanna an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe leagtha amach in Acht 2004 (arna leasú) mar a leanas:

- a) an réiteach díospóidí idir tionóntaí agus tiarnaí talún
- b) clárú na sonraí i ndáil le tionóntachtaí lena n-áirítear tionóntachtaí a bhaineann go sonrach le mic léinn agus Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta.
- c) comhairle a sholáthar don Aire maidir le beartas i ndáil leis an earnáil réadmhaoine cónaithe ar cíos
- 31 (d) forbairt agus foilsíú treoirínte maidir leis an nea-chleachtas ag na daoine a bhaineann leis an earnáil réadmhaoine cónaithe ar cíos
- e) an bailiúchán agus soláthar faisnéise a bhaineann leis an earnáil, lena n-áirítear faisnéis maidir leis na leibhéil chíos atá i réim
- f) i gcás go measann an Bord gur cuí é, taighde a dhéanamh ar an earnáil agus monatóireacht a dhéanamh ar oibriú gnéithe éagsúla den earnáil nó a eagrú go ndéanfaí taighde nó monatóireacht dá leithéid
- g) an t-athbhreithniú ar fheidhmiú an Achta agus achtachán gaolmhara ar bith agus molta a thabhairt don Aire maidir le leasú an Achta nó na nAchtachán sin
- h) a dhearbhu don Aire cé acu an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann limistéar na critéir maidir le hainmiú mar chrios brú cíos mar a shainítear san Acht
- i) imscrúduithe a dhéanamh ar sháruithe líomhnaithe ar an Acht agus an chumhacht smachtbhannaí a eisiúint i gcás gur dearbhaíodh sárú
- j) feidhmíocht feidhmeanna breise ar bith a thugtar don Bhord faoin Acht nó faoi aon dlíthe eile a ritear san Oireachtas iad.

b) Ráiteas Comhlíonta

Tá ráitis airgeadais an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 ullmhaithe i gcomhréir na reachtaíochta infheidhme agus le FRS 102, An Caighdeán Tuairiscíú Airgeadais atá infheidhmithe sa RA agus i bPoblacht na hÉireann arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairiscíú Airgeadais sa RA.

Nótaí a Ghabhann Leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

c) Bunús an Ullmhaithe

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, seachas i gcás sócmhainní agus dliteanais áirithe a thomhaistear ar a luachanna córa, faoi mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm a d'fhaomh an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil & Oidhreachta le comhthoilíú an Aire Airgeadais faoin Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004.

(d) Airgeadra

Tá na ráitis airgeadais tuairiscithe in Euro (€), arb é sin airgeadra feidhmeach an RTB.

e) Ioncam

Táillí Clárúcháin

Aithnítear ioncam clárúcháin ón Chomhlacht Tithíochta Príobháideach agus Ceadaithe (an AHB), a léiríonn an chuid is mó d'ioncam an RTB, nuair a fhaightear íocaíocht na táille clárúcháin phríobháideach nó AHB mar aon le hiarratas bailí chun an tionónta a chlárú. Aithníonn an RTB an soláthar le haghaidh táillí clárúcháin a bhféadfaí iad a thabhairt ar ais do hiarratasóirí i gcás go bhfuil an t-iarratas neamhiomlán nó i gcás gur íocadh an táille mhícheart.

Maidir le tionóntaí lóistín ar leith do mhic léinn (SSA), aithnítear ioncam clárúcháin nuair a eisiónn RTB iarratas ar íocaíocht as tionóntaí a chuir soláthraí na cóiríochta in iúl dúinn.

Táillí Díospóide

Aithnítear ioncam nuair a íoctar táille iarratais díospóide.

Maoiniú an Stáitchiste

Aithnítear Maoiniú Stáitchiste ar bhonn íocaíochtaí faighte.

Ioncam Eile

Is ionann ioncam eile, go hiondúil, agus ús a fhabhraítear ar éarlaisí atá á gcoinneáil ag institiúidí airgeadais agus costais dhlíthiúla ar bith a aisghabhtar le linn na bliana. Cuirtear ioncam úis ar fáil ar bhonn tarchuir ag baint úsáide as an mhodh ráta úis éifeachtach agus cuirtear costais dlí a aisghairtear agus ioncam éagsúla ar fáil nuair a fhaightear na cistí.

f) Maoin, Gléasra agus Trealamh

Is ar a gcostas lúide an dímheas carnach atá maoin, gléasra agus trealamh léirithe, oiriúnaithe d'aon soláthar le lagú. Soláthraítear dímheas ar an maoin, gléasra agus trealamh go léir ag rátaí a mheastar chun an costas a dhíscríobh lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne ar bhonn líne díri thar a saol úsáideach measta, mar seo a leanas:

Feabhsúcháin Léasachta	5% sa bhliain
Daingneáin & Feistis	10% in aghaidh na bliana
Trealamh Oifige	20% in aghaidh na bliana
Trealamh Ríomhaireachta & Forbairt Bogearraí	20% in aghaidh na bliana
Córais faoi Fhorbairt	Gan dhímheas

Nótaí a Ghabhann Leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

Déantar costais na gcóras atá á bhforbairt a chaipitliú a mhéid is a shásaíonn siad ceanglais FRS 102 maidir le sócmhainní doláimhsithe seachas dea-thoil a chaipitliú. Gearrtar dímeas ag an ráta a thaispeántar thuas le haghaidh forbairt bogearraí ón uair a bheidh an fhorbairt críochnaithe agus an córas curtha i seirbhís.

Is éard atá i gceist leis an luach iarmharach ná an luach measta a bhainfí amach ó dhiúscairt sócmhainne faoi láthair na huaire, tar éis do na costais measta diúscartha a bheith bainte de, de réir mar a bheadh an sócmhainn roimhe seo ar an aois lena mbeifear ag súil leis a bheith mar dheireadh a shaol úsáide, agus an baill sin air.

Má bhíonn fianaise oibiachtúil ar bith ar bhearnú ar luach sócmhainne ann, aithnítear cailteanas bearnúcháin sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choimeádta sa bhliain.

g) Earraí Infhaighte

Tuairiscítear Infháiltas ar a luach cóir, lúide soláthar i leith fiacha amhrasacha. Foráil ar leith is ea an soláthar le fiachas amhrasach, agus cruthófar é nuair atá fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe in ann na suimeanna uile atá amach aige a bhailiú. Aithnítear gach gluaiseacht maidir le soláthar d'fhiacha amhrasacha sa Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe.

h) Léasanna Oibriúcháin

Tuairiscítear an caiteachas ar cíosanna faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchiste Ioncaim Coinnithe thar fadtréimhse an léasa. Aithnítear caiteachas ar bhonn líne dhíreach i gcaitheamh thréimhse an léasa, seachas sa chás gurb ann do mhéaduithe cíosa atá nasctha le ráta ionchasach an bhoilscithe, agus aithnítear na méaduithe sin nuair a thabhaítear iad, sa chás sin. Aithnítear dreasachtaí léasa ar bith a fhaightear thar shaolré an léasa.

i) Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim

Áiríonn airgead tirim agus coibhéisí airgid airgead ar láimh agus taiscí a choinnítear ar ghlaodhualgas le bainc.

j) Sochair Fostaithe

Sochair Ghearrthéarmacha

Áirítear sochair ghearrthéarmacha, dála an phá saoire, mar chaiteachas a tharla sa bhliain, agus áirítear sochair a fhabhraítear ag deireadh bliana sna suimeanna Iníoctha sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais.

k) Sochair scoir

Feidhmíonn an Bord Tionóntachtaí Cónaithe (RTB) scéim phinsin sochair shainithe a mhaoinítear go bliantúil ar bhonn pá agus tú ag dul ó airgead atá ar fáil dó. Le hIonstraim Reachtuil (I.R. Uimh. 625 de 2011) tugadh éifeacht do Scéim Aoisliúntais an RTB agus d'fhaomh an tAire Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil í le toiliú ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí na Samhna 2011 (ag tosú le héifeacht ón 1 Meán Fómhair 2004). Oibríonn an RTB Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair ("Scéim Aonair") chomh maith, ar scéim sochair shainithe í d'fhostaithe sa tseirbhís phoiblí a earcaíodh ar an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Íoctar ranníocaíochtaí chomhaltaí na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Léiríonn costais phinsin na sochair phinsin a thuill na fostaithe sa tréimhse, agus taispeántar iad glan ó ranníocaíochtaí pinsin na foirne, agus caitear leo mar a bheith iníoctha leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil & Oidhreacht. Aithnítear méid a chomhfhreagraíonn leis an muirear pinsin mar ioncam sa mhéid is go bhfuil sé in-aisghabhála, agus fritháirítear é más gá le deontais a fhaightear sa bhliain chun íocaíochtaí pinsin a ghlanadh.

Nótaí a Ghabhann Leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

Tá na gnóthachain nó cailteanais achtúireacha a tharlaíonn mar gheall ar dhlíteanais scéime tuairiscithe sa Ráiteas Ioncaim Chuimsithigh agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid atá in-aisghabhála ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil & Oidhreacht.

Is ionann dlíteanais phinsin agus luach reatha íocaíochtaí pinsin amach anseo a thuill an fhoireann go dtí seo. Is éard a léirítear leis an gcistíú um shocair scoir iarchurtha ná an tsócmhainn chomhfhreagrach a bheidh le gnóthú i dtréimhsí amach anseo ón Roinn Dlí agus Tithíochta, Rialtais Áitiúil & Oidhreacht

l) Airgeadraí Eachtracha

Déantar idirbhearta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha a aistriú go euro ag na rátaí malairte ag dáta a bheidh i réim ar dháta an idirbhirt. Gearrtar difríochtaí ar bith as an aistriú idir na dátaí idirbhirt agus na dátaí íocaíochta ar an gcuntas Ioncaim agus Caiteachais. Aistrítear sócmhainní agus dlíteanais airgeadaíochta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha ina euro ag na rátaí malairte a bhí i bhfeidhm ar an dáta tuairiscithe.

m) Cuntas Caipitil

Is léargas é an cuntas caipitil ar an suim gan amúchadh den ioncam a úsáidtear chun sócmhainní seasta a mhaoiniú.

n) Meastacháin agus Breithiúnais Chuntasaíochta Chriticiúla

Ag ullmhú na ráiteas airgeadais dóibh, caitheann an bhainistíocht breithiúnais, meastacháin agus barúlacha a dhéanamh a mbíonn tionchar acu ar na suimeanna a thuairiscítear le haghaidh sócmhainní agus dlíteanas amhail dáta an chláir comhardaithe agus na suimeanna a thuairiscítear le haghaidh ioncam agus costas i rith na bliana. Ciallaíonn nádúr an mheastacháin, áfach, go bhféadfadh na torthaí iarbhír a bheith éagsúil ó na meastacháin sin. Tá an éifeacht is suntasaí ag na breithiúnais seo a leanas ar na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

Lagú Maoine, Gléasra agus Trealaimh

Déantar athbhreithniú maidir leis an dímheas ar shócmhainní a dhéantar amúchtadh orthu aon uair a léirítear nach bhfuil an suim ghlánluacha in-aisghabhála in athruithe a thagann ar na dálaí. Aithnítear cailteanas maidir le lagú mar an dífeall idir an tsuim ghlánluacha sa bhreis ar an tsuim in-aisghabhála. Is í an tsuim in-aisghabhála an luach cóir is airde ag sócmhainn lúide costas a díola agus a luach úsáide. Chun críocha measúnú a dhéanamh ar an lagú, déantar sócmhainní a aicmiú de réir an leibhéil is ísle dá bhfuil sreafaí airgid ar leith inaitheanta leo (aonaid giniúna airgid). Déantar athbhreithniú ar shócmhainní neamhairgeadais a bhí thíos le lagú i dtaobh aisiompú féideartha an lagaithe ag dáta gach tuairiscithe.

Dímheas agus Luachanna Iarmharacha

Déanfaidh na Stiúrthóirí athbhreithniú ar shaolré na sócmhainní agus ar luachanna iarmharacha gaolmhara gach aicme sócmhainní seasta ar bhonn bliantúil chun a dhearbhu go bhfuil saolré na sócmhainní agus luachanna iarmharacha iomchuí.

Forálacha

Déanfaidh an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe forálacha maidir le hoibleagáidí dlíthiúla agus inchiallaithe ar dóigh dóibh a bheith amuigh ag dáta deiridh na tréimhse nuair is féidir méid na hoibleagáide a mheas go hiontaofa. De ghnáth meastar na forálacha seo bunaithe ar thairbh stairiúil, treochtaí le déanaí nó ar fhaisnéis ábhartha eile. Is meastacháin iad na costais airgeadais a bhaineann le hoibleagáidí éigeandála a d'fhéadfadh titim amach go ceann tamaill tar éis dháta deiridh na tréimhse. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh an toradh iarbhír a bheith difriúil go suntasach ón bhforáil measta.

Nótaí a Ghabhann Leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

Forálacha le hAisíoc Táillí Chlárúcháin

Faigheann an RTB iarratais agus táillí ó thiarnaí talún chun tionóntachtaí a chlárú. In Alt 135 den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004 ceanglaítear go ndéanfaí iarratais neamhiomlána nó iarratais nach bhfuil an táillí cheart leo a chur ar ais chuig an iarratasóir mar aon le táillí ar bith a íocadh.

Féachann an RTB le fadhbanna a réiteach agus tá córais forbartha aige chun an próiseas seo a dhéanamh níos éifeachtúla. I gcás nach féidir an fhadhb a réiteach in am cuirtear an t-iarratas agus an táille ar ais chuig an iarratasóir agus ní chláraítear an tionóntacht.

Tá foráil déanta ag RTB le haghaidh aisíocaíocht dóchúla táillí clárúcháin ar chuid den liosta iarratais ar chlárú neamhiomlán atá ar bun ag deireadh na bliana ag baint úsáide as meastacháin atá bunaithe ar thaithí stairiúil.

Oibleagáid Sochar Scoir

Déantar na toimhdí is bonn le luachanna achtúireacha dá ndéantar na méideanna atá aitheanta sna ráitis airgeadais a chinneadh (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí an mhéadaithe ar leibhéil chúitimh amach anseo, rátaí básmaireachta agus rátaí treochtaí costais chúram sláinte) a nuashonrú gach bliain, bunaithe ar dhálaí eacnamaíocha reatha, agus i gcás aon athruithe ábhartha ar théarmaí agus coinníollacha an phinsin agus na bpleananna i ndiaidh scoir.

Féadfaidh tionchar a bheith ag na nithe seo a leanas ar na toimhdí:

- (i) an ráta lascaine, athruithe ar an ráta fáltais ar bhannaí corparáideacha ardcháilíochta; agus
- (ii) leibhéil chúitimh amach anseo, agus dálaí an mhargaidh shaothair amach anseo.

2 Ioncam ó Tháillí

	2022	2021
	€	€
Táillí clárúcháin		
Cóiríocht Príobháideach agus Comhlacht Tithíochta Ceadaithe	11,444,596	8,820,249
Cóiríocht sonrath do mhic léinn	887,662	668,415
	<u>12,332,258</u>	<u>9,488,664</u>

Aithnítear ioncam clárúcháin ón Chomhlacht Tithíochta Príobháideach agus Ceadaithe (an AHB), a léiríonn an chuid is mó d'ioncam an RTB, nuair a fhaightear íocaíocht na táille clárúcháin phríobháideach nó AHB mar aon le hiarratas bailí chun an tionónta a chlárú. Déantar na híocaíochtaí a fhaightear trí gheata íocaíochta an RTB a chomhcheangal le cuntais bhainc an RTB, rud a thugann deimhniú gur taifeadadh an t-ioncam i gceart. Ní bheidh clárúcháin phríobháideacha agus AHB bailí ach amháin nuair a bhíonn na clárúcháin críochnaithe ar an chóras tionóntachta agus nuair a íoctar na táillí riachtanacha (lena n-áirítear táillí moille, más infheidhme). Féach Nóta 9 ina nochtar líon na gclárúcháin neamhiomlán ag deireadh na bliana agus an fhoráil ghaolmhar.

Ní dhéanann an córas bainistíochta tionóntachta RTB tuairisciú a chomhlíonann tionóntachtaí aonair cláraithe le hioncam cláraithe nó a d'fhéadfadh an t-ioncam seo a roinnt idir cineál tionóntachta, nó idir táillí clárúcháin agus táillí moille. Ciallaíonn sé seo nach féidir an t-ioncam atá taifeadta sna cuntais a chomhchuíbhíú leis na staitisticí clárúcháin príobháideacha agus AHB a tuairiscíodh ón chóras tionónta. Tá comhlacht seirbhísí gairmiúla fostaithe ag feidhmeannach an RTB chun an cheist seo a fhiosrú, cé nach bhfuil sé réitithe ó dháta na tuarascála seo.

Nótaí a Ghabhann Leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

Ar 4 Aibreán 2022 tugadh isteach clárú bliantúil ar thionóntaí nuair a thosaigh an reachtaíocht ábhartha. Is é an táille cláraithe caighdeánach le haghaidh clárú bliantúil tionónta príobháideach €40 agus €20 le haghaidh tionónta Chomhlacht Tithíochta Ceadaithe. Ba é an gnáth-táille clárúcháin ná €90 le haghaidh tionóntachtaí príobháideacha agus lóistín Chomhlacht Tithíochta Ceadaithe. Is é €40 an gnáth-tháille clárúcháin do thionóntacht lóistín sonracha do mhic léinn (SSA). I gcás gach tionónta, tá laghduithe ar fáil le haghaidh clárúcháin ilfhreagracha ábhartha, agus d'fhéadfadh táillí moille a bheith i bhfeidhm. Bhí ioncam príobháideach agus AHB i 2022 i bhfad níos airde ná sa bhliain 2021 go príomha mar thoradh ar chlárú bliantúil a thabhairt isteach a mhéadaigh go suntasach méid na gceantair tionónta atá cláraithe sa chóras.

Déantar ioncam SSA a thairfeadh sna cuntais bunaithe ar bhilleáil arna eisiúint ag RTB chuig an soláthraí SSA. Cruthaíonn an t-ioncam taifeadta seo infhaighte ar an gclár comhardaithe (Nóta 7). Mar a íocann soláthraithe SSA a gcuid billí, úsáidtear an t-airgead a fhaightear chun an creidiúna a laghdú. Léirítear an méadú ar táillí SSA in 2022 i gcomparáid le 2021 mar gheall ar athoscailt na gcoláistí agus na hollscoileanna tar éis na paindéime a d'fhág méadú ar úsáid lóistín na mac léinn.

	2022 €	2021 €
Táillí Díospóide		
Táillí Díospóide	117,917	107,244

Is é an táille chaighdeánach do sheirbhís bhreithnithe páipéarbhunaithe an RTB ná €25. Tá táille laghdaithe de €15 i bhfeidhm ar iarratais ar bhreithnithe a dhéantar ar líne. Má roghnaíonn an dá pháirtí i ndíospóid idirghabháil seachas breithiúnas ní ghearrfar aon táille. I ngach cás má dhéantar achomharc i gcoinne breith an bhreithneora nó idirghabhálaí beidh táille achomhairc de €85.

3 Maoiniú ón Státchiste (Vóta 34, fotheideal A.24)

	2022 €	2021 €
Maoiniú le haghaidh costas oibriúcháin	11,000,000	11,000,000
Cistiú do Phinsin	138,132	12,000
Pinsean fostaí íoctha don Státchiste	(221,459)	(283,812)
	10,916,673	10,728,188

Chuir an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil & Oidhreachta an maoiniú Státchiste ar fáil don RTB. Áirítear leis an mhaoiniú ar phinsin an costas atá le haghaidh phinsin i n-íocaíocht agus na costais achtúireacha agus riaracháin a bhaineann leis. Bhí asbhaintí pinsin fostaíthe a íocadh leis an Státchiste níos airde in 2021 ná in 2022 mar gheall ar aistriú mór chuig RTB de luach pinsin carntha fostaí a chuaigh isteach i RTB ó fhostaí eile san earnáil phoiblí.

Nótaí a Ghabhann Leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

4 Ioncam Eile

	2022	2021
	€	€
Ioncam Ilghnéitheach	40	10
Costais dlí aisghafa	4,972	7,916
Éileamh Árachais Briseadh Gnó	0	50,000
	5,012	57,926

Bhí an éileamh árachais scoir gnó in 2021 ina n-ábhar aon-uair a chuir tús le paidéim COVID-19. Is féidir le costais dhlíthiúla a aisghabhtar ag an RTB athrú ó bhliain go bliain ag brath ar thorthaí na gcásanna dlí a bhféadfadh an RTB a bheith páirteach iontu.

5a Costais Foirne

	2022	2021
	€	€
Pá fhoireann an RTB agus na foirne ar iasacht	5,171,668	4,676,857
Oiliúint foirne	74,896	75,554
Costais PRSI	467,403	427,103
Costais eile foirne	693,480	550,659
	6,407,447	5,730,173

Áirítear ar phá foirne agus na foirne ar iasacht an RTB in 2022 €311,981 le haghaidh ranníocaíochtaí pinsin fostóirí leis an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (2021: €291,569). I measc na gcostas foirne eile in 2022 tá costais earcaíochta agus costais ghníomhaireachta a tabhaíodh nuair a bhí folúntais ann i rith na bliana. Bhí 90 ball foirne á n-íoc go díreach ag an RTB ag deireadh 2022 (2021: 90). Ní raibh aon fhoireann ar scor chuig an RTB ó aon Roinn Rialtais eile ag deireadh na bliana (2021: 1). Níor íocadh aon sochair fhoirceanta, iar-fhostaíochta nó ghearrthéarmacha eile le fostaithe ar bith le linn na bliana. Léiríonn costas pá foirne agus na n-ionadaithe RTB in 2022 tionchar na ndámhachtainí pá náisiúnta agus méaduithe foirne i gcomparáid le 2021. Is éard atá i gceist leis na costais eile foirne in 2022 ná méadú ar chostais earcaíochta, oiliúna agus oideachais leanúnach i gcomparáid leis an bhliain roimhe sin.

Le linn na bliana 2022 íocadh ranníocaíochtaí fostaithe chuig scéim an RTB i méid €117,465 chuig an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil, agus Oidhreachta (2021: €187,527) agus íocadh ranníocaíochtaí fostaithe chuig an scéim pinsean aonair i méid €103,994 chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadadh NDP agus Athchóirithe Phlean Náisiúnta (2021: €96,285).

Nótaí a Ghabhann Leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

Comhaltaí príomhúla na foirne bainistíochta

	2022	2021
	€	€
Sochair ghearrthéarmacha a íocadh	934,795	777,672

Tá luach iomlán na sochar gearrthéarmach, lena n-áirítear tuarastail, a íocadh le príomhphearsanra bainistíochta an RTB taispeánta thuas. Áirítear na méideanna sin laistigh de phá fhoireann an RTB agus na foirne ar iasacht faoi Chostais na Foirne. Áirítear ar phríomhphearsanra bainistíochta an RTB an Stiúrthóir, a Leas-stiúrthóirí agus Cúntóirí Stiúrthóirí. Ceapadh Lucia Crimin agus Louise Loughlin ina Leas-stiúrthóirí le héifeacht an 5 Meán Fómhair 2022 agus an 6 Nollaig 2022 faoi seach.

Níl luach na sochar scoir arna dtuilleamh le linn na bliana san áireamh le luach na sochar gearrthéarmach. Tá an Stiúrthóir agus baill ón phríomhphearsanra eile de cheann de na scéimeanna pinsin seirbhíse poiblí agus ní shíneann a dteidlíochtaí níos faide ná iad siúd sa tsamhail scéim slánaíochta sochar sainithe san earnáil phoiblí.

Luach saothair na stiúrthóirí

	2022	2021
	€	€
Luach saothair na stiúrthóirí	139,816	100,347

Ceapadh Niall Byrne ina Stiúrthóir RTB le héifeacht an 24 Eanáir 2022, agus an fhreagracht a fhágáil dó ó Padraig McGoldrick a bhí ina Stiúrthóir Eatramhach. Léiríonn luach saothair Stiúrthóir RTB sa tábla thuas luach saothair Padraig McGoldrick go dtí an 23 Eanáir 2022 agus luach saothair Niall Byrne ina dhiaidh sin in 2022 ach amháin luach saothair Padraig McGoldrick in 2021. Áirítear luach saothair an Stiúrthóra RTB laistigh de Shochair ghearrthéarmach faoi Phríomhphearsanra bainistíochta. Ní bhfuair an Stiúrthóir bónas airgid ar bith ná sochar comhchineál in 2022.

Fuair dhá bhall foirne is fiche ollphá breis os cionn €60,000 in 2022 (2021: 19). Tá anailís déanta ar na híocaíochtaí sin ar an tábla ag seo a leanas.

Raon Iomlán na Sochar Fostaithe

Raon Iomlán na Sochar Fostaithe		Líon na bhFostaithe	
Ó	Go	2022	2021
€60,000	€69,999	11	8
€70,000	€79,999	4	8
€80,000	€89,999	6	2
€90,000	€99,999	0	0
€100,000	€109,999	0	1
€130,000	€139,999	1	0

Nótaí a Ghabhann Leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

5b Costais Chomhaltaí an Bhoird & an Phainéil

	2022 €	2021 €
Táillí chomhaltaí an bhoird	126,219	106,558
Táillí comhaltaí an bhinse	735,123	902,260
Táillí na mBreithneoirí, na nIdirghabhálaithe agus táillí eile	952,836	842,776
Taisteal & cothabháil - An Bord	10,447	0
Taisteal & cothabháil - comhaltaí an phainéil	6,047	17,146
Oiliúint – an Bord	0	7,170
Oiliúint – comhaltaí an phainéil	37,240	48,608
	1,867,912	1,924,518

Léiríonn na méaduithe ar táillí comhaltaí an Bhoird in 2022 go gcuirfear dhá chomhalta nua ar an Bhord go luath in 2022. Léiríonn an laghdú ar táillí Bhaill an Bhinse agus an méadú ar idirghabhálaithe na mBreithneoirí agus táillí eile athrú i méid na n-éisteachtaí de gach cineál in 2022 i gcomparáid le 2021 agus an Fhorfheidhmiú Orduithe píolótach a thuairiscíodh sa Ráiteas Rialacháin.

5c Costais Riaracháin

	2022 €	2021 €
Teagmhálacha custaiméirí ¹	4,565,640	2,524,248
Táillí dlí	1,764,000	1,480,938
Táillí gairmiúla	353,076	299,309
Cumarsáid & oideachas	769,729	766,710
Innéacs cíosa agus taighde	447,794	260,717
Priontáil & postas	1,547,193	609,190
Riarachán	385,321	286,058
Seomraí cruinnithe	20,946	45,748
Cíos agus árachas	875,694	868,678
Áitreabh	107,654	92,880
Seirbhísí ICT	2,515,590	1,950,933
Síntiúis	34,308	15,861
Gearrscríbhneoireacht	50,582	68,074
Aistriúchán	81,563	43,076
Tionscnaimh agus tionscadail	874,859	1,493,324
Taisteal agus cothú	5,113	0
	14,399,062	10,805,744

¹ Baineann teagmhálacha custaiméirí le caiteachas a tabhaíodh le cuideachta seirbhíse tríú páirtithe a sholáthraíonn seirbhísí teagmhála custaiméirí (teileafón, comhrá gréasáin, ríomhphost) agus riaracháin do chustaiméirí an RTB.

Nótaí a Ghabhann Leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

Léiríonn na méaduithe ar chostais teagmhála le custaiméirí, Priontáil agus postas, agus seirbhísí TFC na costais bhreise a rinneadh in 2022 mar thoradh ar chlárú bliantúil tionóntaí a thabhairt isteach i mí Aibreáin 2022 a mhéadaigh go suntasach líon na n-iontrálacha a láimhseáil RTB in 2022 i gcomparáid le 2021. Ba chúis leis na costais mhéadaithe freisin fadhbanna a bhí ag custaiméirí leis an gcóras agus mar thoradh air sin méadaigh méideanna i lár seirbhíse seachfhoinsithe an RTB.

Léiríonn innéacs cíosa agus costais taighde in 2022 an obair bhreise a rinneadh chun innéacs cíosa ráithe RTB/ESRI a tháirgeadh ó tugadh isteach cláir bhliantúla. Tá costais tionscnaimh agus tionscadal in 2022 níos ísle ná 2021 agus léiríonn sé sin go ndearnadh costais na mblianta roimhe seo go príomha chun an córas bainistíochta nua tionóntachtaí a éascú a bheidh ag dul i bhfeidhm i mí na Samhna 2021.

Is éard atá i gceist leis an chostas riaracháin in 2022 ná €36,265 a léiríú mar chostas ar dhliteanas dochreidte as fíacha cláraithe SSA a taifeadh in 2019 agus 2020 agus a scriosadh mar gan a bheith incháilithe in 2022 (féach freisin Nóta 7).

6 Réadmhaoin, Gléasra & Trealamh

	Trealamh Ríomhaireachta & Forbairt Bogearraí	Córas á Fhorbairt ¹	Feabhsuithe Léasacha	Troscán & Feistis	Trealamh Oifige	Iomlán
Costas	€	€	€	€	€	€
Iarmhéid tosaigh	10,185,691	0	2,116,746	448,772	84,328	12,835,537
Breiseanna	<u>283,774</u>	<u>282,391</u>	<u>0</u>	<u>3,288</u>	<u>0</u>	<u>569,453</u>
Amhail an 31 Nollaig 2022	10,469,465	282,391	2,116,746	452,060	84,328	13,404,990
Dímheas						
Iarmhéid tosaigh	2,909,983	0	1,279,729	283,705	84,328	4,557,745
Muirear don bhliain	<u>1,595,223</u>	<u>0</u>	<u>105,003</u>	<u>24,262</u>	<u>0</u>	<u>1,724,488</u>
Amhail an 31 Nollaig 2022	4,505,206	0	1,384,732	307,967	84,328	6,282,233
Glanluach Leabhar						
Amhail an 31 Nollaig 2021	<u>7,275,708</u>	<u>0</u>	<u>837,017</u>	<u>165,067</u>	<u>0</u>	<u>8,277,792</u>
Amhail an 31 Nollaig 2022	<u>5,964,259</u>	<u>282,391</u>	<u>732,014</u>	<u>144,093</u>	<u>0</u>	<u>7,122,757</u>

¹ Is ionann an córas atá á fhorbairt agus an costas a bhaineann le feidhmiúlacht agus gnéithe feabhsaithe a fhorbairt laistigh de chóras bainistíochta tionóntachta RTB. Tá muid ag súil go mbeidh an fhorbairt críochnaithe agus go mbeidh sí ar siúl le linn an tríú ráithe de 2023.

Nótaí a Ghabhann Leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

7 Earraí Infhaighte

	2022	2021
	€	€
Clárúcháin SSA infhaighte	120,060	140,945
Speansais réamhíoctha	157,342	118,532
Ioncam fabhraithe	250,019	105,821
Asbhaintí deonacha infhaighte	3,486	6,202
	530,907	371,500

Is éard atá i gceist leis na híocaíochtaí atá le fáil ó sholáthraithe Lóistín Sonrach Do Mhic Léinn maidir le clárúcháin atá próiseáilte ag RTB agus arna bhilleáil dóibh. Is ionann an t-iarmhéid atá dlite ag deireadh na bliana 2022 agus €90,040 a cuireadh bille le linn 2022 agus €30,020 ar billeáladh le linn 2021. Le linn 2022 díscríobhadh €36,265 i gcláir SSA infhaighte a bhí bille le linn 2020 agus 2019 mar neamhbhailithe agus muirearaíodh é ar Chostas Riaracháin (féach Nóta 5c).

8 Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim

	2022	2021
	€	€
Banc AIB	10,634,073	0
Banc Uladh	43,676	9,520,975
Banc na hÉireann	39	39
	10,677,788	9,521,014

Is ionann airgead tirim agus cothromais airgid agus iarmhéideanna atá ag bainc Éireannacha. I mí na Samhna 2022, fuair RTB faomhadh an Bhoird chun sraith sé chuntas a oscailt ag Banc AIB mar fhreagra ar phlean Bhanc Uladh éirí as margadh Phoblacht na hÉireann agus cuntais bhainc na gcustaiméirí go léir a dhruimim. Tá dhá chuntas fadtéarmacha ag RTB freisin ag Bank of Ireland. Druidfear na cuntais Bank of Ireland agus Ulster Bank i rith 2023.

9 Méideanna dlite laistigh d'aon bhliain amháin

	2022	2021
	€	€
Creidiúnaithe	1,294,391	1,348,414
Sonraisc fabhraithe	2,173,864	1,758,334
Dliteanais eile	992,192	386,963
	4,460,447	3,493,711

Áirítear i dtáillí eile forálacha de €402,016 le haghaidh aisíocaíochtaí atá dlite do chustaiméirí (2021: €0) agus foráil maidir le 3,571 clárúcháin neamhiomlán ar luach de €180,336 (2021: 1,099 iarratas, luach €69,862).

Nótaí a Ghabhann Leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

13 Aoisliúntas

a) Anailís ar na costais phinsin iomlána curtha chun dochair do chaiteachas

	2022	2021
	€	€
Glanchoistas seirbhíse reatha ¹	1,152,000	1,113,000
Ús ar dhliteanas na scéime pinsin	(343,000)	199,000
Costas phinsin a gearradh ar an gcaiteachas	<u>809,000</u>	<u>1,312,000</u>

b) Gluaiseacht sa ghlandlíteanas pinsin le linn na bliana airgeadais

	2022	2021
	€	€
Glandlíteanas pinsin amhail tús na bliana	(21,526,000)	(19,243,000)
Costas reatha	(1,375,000)	(1,309,000)
Sochair a Íocadh	154,000	0
Costais úis	(343,000)	(199,000)
Gnóthachan/ (Cailteanas) Achtúireach	5,578,000	(775,000)
Easnamh pinsin ag deireadh na bliana	<u>(17,512,000)</u>	<u>(21,526,000)</u>

c) Cistiú Iarchurtha do Phinsin

D'fhaomh an tAire Comhshaoil, Pleanála, agus Rialtais Áitiúil Scéim Aoisliúntais an RTB le toiliú ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí na Samhna 2011 (le héifeacht ón 1 Meán Fómhair 2004). Aithníonn an RTB méideanna atá dlite ón Stát maidir leis an dliteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe le haghaidh pinsean a eascraíonn as an scéim aoisliúntais faofa seo ar bhonn ar an tsraith bonn tuisceana ar a bhfuil cur síos déanta in (e) agus roinnt imeachtaí san am a chuaigh thart. I measc na tarluithe siúd, áirítear an bonn reachtúil faoinar mbunaíodh an scéim aoisliúntais, agus an beartas agus an cleachtas atá ann faoi láthair chun sochair scoir don tseirbhís poiblí a mhaoiniú, lena n-áirítear ranníocaíochtaí ón fhostaí agus an próiseas meastacháin bliantúil.

Ba é seo a leanas an Glanmhaoiniú Iarchurtha le haghaidh Pinsean a aithníodh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais:

	2022	2021
	€	€
Coigeartuithe ar an maoiniú maidir le muirear pinsin na bliana reatha	809,000	1,312,000
Ranníocaíochtaí pinsin fostaithe	221,459	283,812
	<u>1,030,459</u>	<u>1,595,812</u>

B'ionann an tsócmhainn iarchurtha chistithe le haghaidh pinsean amhail an 31 Nollaig 2022 €17,512,000 (2021: €21,526,000).

¹ Tá costais Reatha na Seirbhíse glan ó ranníocaíochtaí a chuirtear ar ais chuig an Státchiste Ba é an méid a cuireadh ar ais chuig an Státchiste ná €221,459 (2021: €283,812) comhdhéanta de €221,459 i ranníocaíochtaí pinsin fostaithe agus €0 i luach aistrithe isteach ó fhostóir eile san earnáil poiblí. Is éard atá i gceist leis an méid 2021 ná €195,910 i ranníocaíochtaí pinsin fostaithe agus €87,902 i luach aistríodh isteach ó fhostóir eile san earnáil poiblí.

Nótaí a Ghabhann Leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

31 (d) Stair na n-oibleagáidí sochair shainithe

	2021	2020
	€	€
Comaoin Sochar Sainithe	17,512,000	21,526,000
Caillteanais/(Gnóthachain) ó Thaithí ar Dhliteanais Scéime & Athrú ar Bhoinn Tuisceana	(5,578,000)	775,000
Céatadán Dliteanais na Scéime	32%	4%

e) Cur Síos Ginearálta ar an Scéim

Socrú pinsin tuarastail deiridh shochair shainithe atá i scéim phinsin an RTB ag a bhfuil sochair agus ranníocaíochtaí a shainítear trí thagairt a dhéanamh do rialacháin na scéime reatha poiblí “samhlaí”. Anuas air sin, soláthraíonn an scéim pinsean (an t-ochtódú cuid in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce nó cnapshuim (na trí ochtódú cuid in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin chéile agus leanaí. Is gnách go méadaítear na pinsin atá á n-íoc (agus á n-iarchur) ar aon dul le boilsciú ginearálta tuarastail na hearnála poiblí.

Is í an Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair (“An Scéim Aonair”) an scéim shochair shainithe do sheirbhísigh phoiblí ar ceapadh iad ar an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh ar aon dul leis an Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Déantar soláthar sa scéim i gcomhair pinsin agus cnapshuim scoir bunaithe ar mheánluach saothair inphinsin agus pinsin fhéideartha céilí agus leanaí. Is é an aois phinsin íosta ná 66 bliana (ag ardú de réir athruithe ar aois pinsin an Stáit). Cuimsítear leis saoráid luathscoir laghdaithe go hachtúireach ó 55 bliain d’aois ar aghaidh. Méadaíonn pinsin atá á n-íoc de réir Innéacs Praghsanna do Thomhaltóirí. Bhí 54 comhalta gníomhach den Scéim Aonair i 2022 (2021: 54).

Tá na torthaí atá leagtha amach thuas bunaithe ar luacháil achtúireach na ndliteanas pinsin maidir leis na baill foirne amhail an 31 Nollaig 2022. Rinne achtúire neamhspleách cáilithe an luacháil sin chun críche an chaighdeáin tuairiscithe, *Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 – Nochtadh um Pleananna Pinsin*.

Is iad seo a leanas na boinn tuisceana airgeadais a úsáideadh chun na dliteanais scéime a ríomh:

	2022	2021
Ráta lascaíne	3.65%	1.55%
Toimhde faoin méadú tuarastail	4.15%	3.70%
Méadú pinsin - Scéim Aoisliúntais	3.65%	3.20%
Méadú pinsin - Scéim Aonair	2.65%	2.20%
Boilsciú praghsanna (CPI)	2.65%	2.20%

Ba iad na téamaí ionchais saoil a bhí mar bhunús do na háirimh ná

Aois Reatha	Ionchas Saoil (Blianta) ag 65 bliana d’aois	
	Fireann	Baineann
45 bliana	24.3	26.4
65 bliana	22.1	24.4

Nótaí a Ghabhann Leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

14 Íocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála

Tá an Bord ar an eolas faoina fhreagrachtaí faoi na Rialacháin maidir le híocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála 2002 agus bhunaigh sé nósanna imeachta agus próisis iomchuí lena chinntiú go ndéanfar gach íocaíocht i gcomhréir leis na Rialacháin. Is ionann costas na n-íocaíochtaí déanacha don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 agus €0 (2021: €0)

15 Cásanna gan Réiteach

Bhí 1,504 réiteach díospóide ag an mBord ar feitheamh ar éisteacht amhail an 31 Nollaig 2022 (2021 1,045). Cé go mbíonn costais éagsúla ar an bpróiseas réitigh díospóidí i gceist ag brath ar an gcás níl soláthar ar bith do na cásanna sin nár réitíodh a cláraíodh roimh an 31 Nollaig 2022 sna Ráitis Airgeadais.

16 Leasanna agus Táillí Chomhaltaí an Bhoird

Ghlac an Bord le nósanna imeachta de réir treoirlínte a d'éisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadadh NDP agus Athchóirithe ag Comhaltaí an Bhoird a bheith ag nochtadh leasanna, agus cloíodh leis na nósanna imeachta sin i rith na bliana. Ní raibh aon idirbhearta ann le linn na tréimhse maidir le gníomhaíochtaí an Bhoird ina raibh aon leas tairbhiúil ag na Comhaltaí Boird.

Tá táillí Chomhaltaí an Bhoird leagtha amach i Sceideal Táillí na gComhaltaí Boird, Freastal, agus Speansais sa Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird. Is iad an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil & Oidhreachta a shocraíonn na socraítear rátaí táillí.

17 Smachtbhannaí Airgeadais arna bhforchur ag Cinnteoirí

Sa bhliain 2022, fuair RTB €39,322 ó thiarnaí talún de bharr smachtbhannaí a chuir lucht déanta cinní orthu faoi S148X (4) (a) d'Acht Cíosanna Cónaithe 2004 (mar a leasaíodh) (2021: €28,546) Faoi halt an Achta seo féadfaidh Cinnteoirí smachtbhanna a thabhairt ar rabhadh i scríbhinn agus/nó suim suas le € 15,000 agus suas le € 15,000 i gcostais ar thiarna talún más cuí leo é a dhéanamh in imthosca an cháis. De réir nósanna imeachta airgeadais poiblí, chuir an RTB smachtbhannaí airgeadais dar luach €16,471, lena n-áirítear €5,564 a bhí dlite ag deireadh na bliana 2021, chuig an Státchiste in 2022 (2021: €22,982). Tá an t-iarmhéid de €28,415 atá le híoc leis an Státchiste in 2023 san áireamh sna Creidiúnaithe ag deireadh na bliana.

18 Nochtadh Páirtithe Ghaolmhara

Le linn na bliana ní raibh aon idirbhearta ná iarmhéideanna ag an RTB le páirtithe ghaolmhara mar a shainmhínítear in FRS 102 (alt 33).

19. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Bord na Ráitis Airgeadais ar **08 Meitheamh 2023**.

Aguisín: Táblaí Sonraí

Clár Ábhair

Figúirí Clárúcháin	86
Tábla 1: Líon na nIarratas* Cláraithe Tionóntachta Faighte ag RTB idir 2018 agus 2022**	89
Table 2: Tionóntachtaí Príobháideacha, Tionóntachtaí Cíosa Costais, Comhlacht Tithíochta Ceadaithe (AHB) agus Cóiríocht Shainiúil do Mhic Léinn (SSA) ag deireadh na bliana (pointe ama*), 2018 - 2022 (meastar 2021)	90
Figúirí le haghaidh Forfheidhmiú Clárúcháin	90
Tábla 3: Fógraí agus Litreacha Forfheidhmiúcháin Cláraithe Eisithe, 2018 - 2022	90
Figúirí le haghaidh Imscrúduithe agus Smachtbhannaí	91
Fíor 1: Miondealú ar Seolta Líomhnaithe de réir Cineál Líomhain (n=139) le haghaidh Imscrúduithe a Ceadaíodh in 2022, de réir Céatadán na hImscrúduithe Iomlán a Chur i bhFeidhm (n=130) *	91
Table 4: Cíos Ró-íochta ar ais chuig Tionóntaí agus Méid a Íocadh i Smachtbhannaí ag Tiarnaí talún	91
Table 5: Smachtbhannaí Deimhnithe sa Chúirt Chuarda Foilsithe in 2022	92
Táblaí Gníomhaíochta Díospóide	92
Tábla 6: Líon Iomlán na nIarratas ar Sheirbhís Réitigh Díospóidí RTB a Fuarthas 2018 - 2022	92
Table 7: Líon Iomlán na nÉisteachtaí Seirbhíse Réitigh Díospóide RTB a Rinneadh le haghaidh Idirghabhála Gutháin agus Breithniú 2018 -2022	92
Table 8: Líon na nOrduithe Cinnidh eisithe, idir 2018 agus 2022	92
Fíor 2: Na fáthanna ar tarraingíodh siar* Iarratais ar Réiteach Díospóide an RTB, 2022	93
Table 9: Achomhairc (Binsí), 2022	93
Tiarna Talún agus Tionónta - Próifíl Díospóide	93
Fíor 4: Miondealú ar Iarratas ar Réiteach Díospóide a Fuarthas an BTC in 2022 de réir Páirtithe Cásanna, de réir Minicíochtaí agus Céatadán	93
Table 10: Achomhairc chuig an Bhinse Tionóntachta de réir an Chineáil Iarratasóra, 2022	94
Fíor 4: Miondealú ar Chás-Pháirtithe arna iarraidh ar Fhorghníomhú in 2022	94
Iarratas Díospóide de réir Cineál	
Table 11: Miondealú ar Iarratais ar Réiteach Díospóide a fuair an RTB idir 2022 agus 2022 de réir Cineálacha Díospóide	95

Meán-amanna Próiseála Díospóide	96
Fíor 5: Díothú de Mheánbhreithniú Críochnaithe agus Amanna Próiseála na gCásanna Binse (seachtainí) 2020 – 2022	96
Fíor 6: Líon na gCásanna Idirghabhála Gutháin, Breithnithe agus Binse a Dúnadh in 2022 de réir Am Próiseála (seachtainí)*	97
Forfheidhmiú Ordaithe	98
Table 12: Líon na n-Iarratas chun Forfheidhmiú a Leanúint a Fuarthas, 2018-2022	98
Table 13: Orduithe Cúirte Faighte ag RTB thar Ceann Páirtithe i gCás, 2013 - 2022	98
Figiúirí a bhaineann le Seirbhís do Chustaiméirí	98
Table 14: Miondealú ar Ghearáin a Fuair an RTB de réir Cineál an Ghearáin, 2022 – 2022	98
Fíor 7: Líon na ngearán arna miondealú de réir saghas.	98
Figiúir a bhaineann leis an Oireachtas	99
Table 15: Líon Fiosrúcháin Chomhaltaí Oireachtais a Faightear idir 2018 agus 2022	99

Tábla 1

Líon na nIarratas* Cláraithe Tionóntachta Faighte ag RTB idir 2018 - 2022**

	2018	2019	2020	2021***	2022**
Iarratais ar chlárú tionóntachtaí cíosa príobháideacha (nua & athnuachan)***	98,362	95,245	95,646	60,993	159,618
Iarratais ar chlárú tionóntachtaí Comhlacht Ceadaithe Tithíochta (AHB) (nua & athnuachan)****	3,738	3,878	21,587	5,220	34,045
Tionóntachtaí Cóiríochta Sonracha do Mhic Léinn (SSA) cláraithe leis an RTB*****		28,414	12,784	30,908	43,186
Líon na n-iarratas maidir le Cláraithe Tionóntachta Chíosa Costais Faighte ag RTB					518
Líon iomlán na n-iarratas ar chlárú tionóntachta faighte	102,100	127,537	130,017	97,121	237,367

*Is ionann iarratais agus líon na n-iarratas ar chlárú tionóntachta a fuarthas, ní líon iomlán na dtionóntachtaí atá cláraithe leis an RTB.

** An 4 Aibreán, 2022, tugadh isteach Clárúchán Bliantúil Cíosanna a éilíonn go ndéanfaí na cíosa go léir a chlárú leis an RTB gach bliain.

**Ciallaíonn athruithe ar fhad thionóntacht Chuid 4 ó cheithre bliana go sé bliana go raibh líon teoranta athnuachana déanacha ann in 2021.

*** Ciallaíonn athruithe ar fhad thionóntacht Chuid 4 ó cheithre bliana go sé bliana go raibh líon teoranta athnuachana tionóntachta AHB in 2021.

***** Tá na sonraí clárúcháin ag gabháil le clárúcháin a críochnaíodh go luath sa bhliain chomh maith le clárúcháin nua de réir mar a fhágann mic léinn agus mic léinn nua dul isteach sa chóiríocht lena mbaineann.

Tábla 2

Tionóntachtaí Príobháideacha, Tionóntachtaí Cíos Costais, Comhlacht Tithíochta Ceadaithe (AHB) agus Cóiríocht Shainiúil do Mhic Léinn (SSA) ag deireadh na bliana (pointe ama*), 2018 - 2022 (meastar 2021)

	2018	2019	2020	2021 Meastachán	2022
Líon iomlán na dtionóntachtaí Príobháideacha Cláraithe leis an RTB	307,348	303,023	297,837	276,223**	246,453*****
Líon na dtionóntachtaí Chomhlachta Ceadaithe Tithíochta (AHBanna) cláraithe leis an RTB	29,542	32,662	34,169	38,255***	38,756
Líon na dtionóntachtaí Lóistín Shonrach do Mhic Léinn (SSAanna)	-	28,414	10,691	21,681	23,577
Líon na dtionóntachtaí Cíos Costais					543
An líon iomlán tionóntachtaí cláraithe (AHB, Príobháideach & SSA)	336,890	364,099	342,697	336,159****	309,329*****

* Is ionann sonraí clárúcháin tionóntachta agus pointe ama, a thógtar ag deireadh na bliana, ón gClár RTB agus tá sé bunaithe ar líon na dtionóntachtaí a chláraigh agus a d'íoc.

** Is meastachán é an figiúr clárúcháin agus forbraíodh é ag úsáid sonraí reatha RTB atá ar fáil chun líon measta na dtionóntachtaí a bhainfí nó a athnuafaí ar an gClár RTB in 2021 a aithint, mura dtabharfaí isteach na hathruithe ar fhad thionóntachtaí cuid 4. Tá tuilleadh eolais ar fáil ar Mhol Taighde agus Sonraí an RTB ar na cúiseanna a raibh gá le meastachán, agus an mhodheolaíocht ar glacadh léi.

*** Mar gheall ar athruithe ar an ardán a óstálann an Clár RTB i mí na Samhna 2021, fuarthas an figiúr seo ó shonraí a fuarthas ón dá ardán.

**** Mar a leagtar amach thuas meastar na figiúirí 2021.

***** Baineann sé seo le líon iomlán na gceantair ar cíos sa Chlár RTB an 31 Nollaig 2022.

***** Tá na figiúirí laghdaithe mar thoradh ar cháilíocht sonraí feabhsaithe a eascraíonn as córas nua bainistíochta tionónta an RTB agus AR a thabhairt isteach.

Figiúirí le haghaidh Forfheidhmiú Clárúcháin

Tábla 3

Fógraí agus Litreacha Forfheidhmiúcháin Cláraithe Eisithe, 2018 - 2022

	2018	2019	2020	2021	2022
1ú Fógra	4,651	6,013	1,282	3,524	3,084
2ú Fógra	2,384	1,823	148	330	1,615
Litir Rabhaidh	748	540	167	0	175
2ú Litir Aturnae	253	188	73	0	0
Eile*	363	111	108	137	174
Iomlán	8,399	8,675	1,778	3,991	5,048


Nóta: Ba ghnáth Litreacha an Chéad Aturnae a chur ar Litreacha Rabhadh.

* Is litreacha iad seo inar chláraigh tiarna talún tionóntacht ach nuair a thug sé Dáta Tosaigh Tionóntachta mícheart.

Figiúirí le haghaidh Imscrúduithe agus Smachtbhannaí

Figiúr 1

Miondealú ar Seolta Líomhnaithe de réir Cineál Líomhain (n=139) le haghaidh Imscrúduithe a Cheadaíodh in 2022, de réir Céatadán na hImscrúduithe Iomlán a Chur i bhFeidhm (n=130) *



* Féadfaidh imscrúdú níos mó ná líomhain amháin ar lompár lomchuí agus sin an fáth go bhfuil líon na gcineálacha líomhaintí difriúil ná líon na n-imscrúduithe.

** Tagraíonn RPZ don Chrios Brú Cíosa.

***Tagraíonn NoT d'Fhógra Foirceanta.

Tábla 4

Cíos Ró-íochta ar ais chuig Tionóntaí agus Méid a Íocadh i Smachtbhannaí ag Tiarnaí talún

	2019 – 2021	2022	Iomlán
Cíos Ró-íochta curtha ar ais chuig tionóntaí*	€284,341	€62,659.00	€347,000
Méid íochta (€) i bhfoirm smachtbhannaí ag tiarnaí talún**	€28,545.66	€39,322.09	€67,867.75

Cuimsíonn sé seo gach aisíocaíochta cíos ró-íochta mar thoradh ar imscrúduithe a cuireadh ar an eolas ag an RTB nuair a fuair an RTB fianaise ina leith go bhfuil an aisíocaíocht déanta nó ar siúl. Déantar aisíocaíocht go díreach trí aistriú airgid nó, le comhaontú an tionónta, trí chíos lascainithe don tréimhse chúí.

**Cuimsíonn sé seo an t-airgead go léir a fuair an RTB ó thiarnaí talún mar íocaíocht as smachtbhannaí go dtí seo.

Tábla 5

Smachtbhannaí Deimhnithe sa Chúirt Chuarda Foilsithe in 2022

Admhálacha foilsithe in 2022*	Fiosrúcháin foilsithe in 2022*	Admhálacha Foilsithe in 2022 meán-smachtbhanna airgeadaíochta (€) 2022**	Fiosrúcháin a foilsíodh in 2022 meán-smachtbhanna airgeadaíochta 2022 ***	Meánmhéid iomlán na smachtbhannaí a foilsíodh in 2022 (admhálacha agus fiosrúcháin)
39	7	€1,356.06	€2,382.59	€1,484.38

* Tabhair faoi deara, le do thoil, nach raibh aon smachtbhannaí a foilsíodh in 2022 le bheith ar an tsuíomh gréasáin ach ar feadh bliana amháin agus dá bhrí sin tá siad curtha ar shiúl in 2023; mar sin, is é 46 an líon reatha orduithe cúirte ar an tsuíomh gréasáin a léirítear mar a foilsíodh in 2022 nuair a chuireann tú an scaigaire i bhfeidhm agus baineann na ríomhanna leis na 46 seo.

** Ní raibh suimeanna airgid i gceist le gach smachtbhanna.

*** Ní bhaineann gach smachtbhannaí le méideanna airgid, is léis na Cinnteoirí go dtuigfear raon d'fhachtóirí chun smachtbhannaí a chinneadh, seachas sa chás gur admhaíonn an tiarna talún, mar shampla, go n-íoctar an cíos ró-íochta ar ais ag an tiarna talún, fad an Iompair Mhíchuí, agus míniú a thabhairt as an iompar míchuí.

Táblaí Gníomhaíochta Díospóide

Tábla 6

Líon Iomlán na nIarratais ar Sheirbhís Réitigh Díospóidí RTB a Fuarthas, 2018 - 2022

	2018	2019	2020	2021	2022
Iarratais ar Sheirbhís Réitigh Díospóidí an RTB	6,398	6,185	5,178	5,657	7,417

Tábla 7

Líon Iomlán na nÉisteachtaí Seirbhíse Réitigh Díospóide RTB a Rinneadh le haghaidh Idirghabhála Gutháin agus Breithniú 2018 -2022

	2018	2019	2020	2021	2022
Idirghabháil Gutháin & Éisteachtaí Breithnithe a Tharla	4,757	4,655	2,732	3,046	3,005


Tábla 8

Líon na nOrduithe Cinnidh eisithe, idir 2018 agus 2022

	2018	2019	2020	2021	2022
Orduithe Cinnidh eisithe	3,132	3,130	1,794	2,759	2,656

Fíor 2

Na fáthanna ar tarraingíodh siar* Iarratais ar Réiteach Díospóide an RTB, 2022



* Mar gheall ar shlánú, ní gá go mbeadh an céatadán cothrom le 100%.

Tábla 9


Achomhairc (Binsí), 2022

	2022
Iarratais Achomharc a Fuarthas	664
Achomhairc Ceadaithe	504

Tiarna Talún agus Tionónta - Próifíl Díospóide

Figiúr 3

Miondealú ar Iarratas ar Réiteach Díospóide a Fuarthas an BTC in 2022 de réir Páirtithe Cásanna, de réir Minicíochtaí agus Céatadán



Nóta: De réir minicíochtaí, ciallaíonn sé an líon uaireanta ar tharla/ar taifeadh luach na sonraí.


Tábla 10

Achomhairc chuig an Bhinse Tionóntachta de réir an Chineáil Iarratasóra, 2022

	2022
Tionónta	356
Tiarna Talún	305
Tríú Páirtí	3
Iomlán	664

Figiúr 4

Miondealú ar Chás-Pháirtithe arna iarraidh ar Fhorghníomhú in 2022



Iarratas Díospóide de réir Cineál

Tábla 11

Miondealú ar Iarratais ar Réiteach Díospóide a fuair an RTB idir 2022 agus 2022 de réir Cineálacha Díospóide

Cineál Díospóide (Gach cás)	2021		2022	
	Líon	% cásanna*	Líon	% cásanna*
Riaráistí cíosa/riaráistí cíosa agus ró-sheilbh	1,805	32%	2,429	33%
Coimeád éarlaise	1,093	19%	1,207	16%
Bailíocht Fógra Foirceanta (Díospóid á déanamh agat maidir le bailíocht fógra foirceanta)	970	17%	1,383	19%
Sárú ar oibleagáidí tiarna talún**	951	17%	1,232	17%
Rósheilbh	690	12%	1,053	14%
Caighdeán agus cothabháil na teaghaise	570	10%	767	10%
Sárú ar oibleagáidí tionóntaí**	548	10%	772	10%
Iompar frithshóisialta	469	8%	552	7%
Foirceannadh neamhdhleathach tionóntachta (díshealbhú neamhdhleathach)	371	7%	486	7%
Bailíocht an fhógra um athbhreithniú cíosa	283	5%	243	3%
Damáiste sa bhreis ar ghnáthchaitheamh agus gnáthchuímlit	262	5%	307	4%
Níl an t-athbhreithniú cíosa ar aon dul le Crios Brú Cíosa	222	4%	203	3%
Sárú léasa téarma sheasta	172	3%	162	2%
Ba mhó an cíos ná ráta an mhargaidh (Neamhbhainteach le Tionóntachtaí Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta)	122	2%	165	2%
Eile***	716	13%	919	12%
Iomlán	9,244 (cases 5,657)		11,880 (cásanna 7,417)	

* D'fhéadfadh cúiseanna iolracha a bheith ann, dá dtagraítear mar cineálacha díospóidí, ar gach iarratas ar réiteach díospóide agus tá % cásanna bunaithe ar líon na n-iarratas (cásanna).

** Chun teacht ar eolas breise maidir le hoibleagáidí tionóntaí agus tiarnaí talún féach le do thoil ar láithreán gréasáin an RTB ag www.rtb.ie

*** Tabhair faoi deara, le do thoil, is féidir 'Eile' a bheith marcáilte ar fhoirm iarratais taobh le saghsanna eile díospóide.

Meán-amanna Próiseála Díospóide


Figiúr 5

Díothú de Mheánbheithniú Críochnaithe agus Amanna Próiseála na gCásanna Binse (seachtainí) 2020 – 2022

2020 Breithniú	2021 Breithniú	2022 Breithniú
Meánlíon na seachtainí	Meánlíon na seachtainí	Meánlíon na seachtainí
19.6	19.54	20.45
2020 Binse	2021 Binse	2022 Binse
Meánlíon na seachtainí	Meánlíon na seachtainí	Meánlíon na seachtainí
39.4	33.35	31.48
Idirghabháil 2020	Idirghabháil 2021	Idirghabháil 2022
Meánlíon na seachtainí	Meánlíon na seachtainí	Meánlíon na seachtainí
9.1.	9.7	8.87


Figiúr 6

Líon na gCásanna Idirghabhála Gutháin, Breithnithe agus Binse a Dúnadh in 2022 de réir Am Próiseála (seachtainí)*




Amlínte próiseála cásanna idirghabhála gutháin in 2022

- 0 – 8 seachtaine
- 8+ – 16 seachtaine
- 16+ – 24 seachtaine
- 24+ seachtaine



Amlínte próiseála cásanna breithnithe in 2022

- 0 – 8 seachtaine
- 8+ – 16 seachtaine
- 16+ – 24 seachtaine
- 24+ seachtaine



Amlínte próiseála cásanna binse in 2022

- 0 – 8 seachtaine
- 8+ – 16 seachtaine
- 16+ – 24 seachtaine
- 24+ seachtaine

* Mar gheall ar shlánú, ní gá go mbeadh an céatadán cothrom le 100%.

Forfheidhmiú Ordaithe

Tábla 12

Líon na n-Iarratas chun Forfheidhmiú a Leanúint a Fuarthas, 2018-2022

	2018	2019	2020	2021	2022
Líon na n-Iarratas chun Forfheidhmiú a Leanúint a Fuarthas	348	510	294	412	440

Tábla 13

Orduithe Cúirte Faighte ag RTB thar Ceann Páirtithe i gCás, 2013 - 2022

2013	2014	2015	2016	2017	2018	2019	2020	2021	2022
140	158	302	204	107	108	153	123	136	106

Figúirí a bhaineann le Seirbhís do Chustaiméirí


Tábla 14

Miondealú ar Ghearáin a Fuair an RTB de réir Cineál an Ghearáin, 2022 – 2022

Fáth an Ghearáin	N	%
Clárú	981	83.14%
Seirbhís Réitigh Díospóidí	130	11.02%
Binsí / Achomhairc	12	1.02%
Smachtbhannaí	6	0.51%
Cosaint sonraí	4	0.34%
Eile	47	3.98%
Iomlán	1,180	100.00%

Figiúr 7

Líon na ngearán arna miondealú de réir saghas.



Figiúir a bhaineann leis an Oireachtas

Tábla 15

Líon Fiosrúcháin Chomhaltaí Oireachtais a Faightear idir 2018 agus 2022

	2018	2019	2020	2021	2022
Líon Fiosrúcháin Chomhaltaí Oireachtais a Faightear in aghaidh na Bliana	35	42	86	116	543

Eochairfhocail RTB

Oifigeach Rochtana: Tá Oifigeach Rochtana ag an RTB chun cabhrú le daoine faoi mhíchumas rochtain a fháil ar sheirbhísí RTB.

Breithniú: Tá Breithniú ar cheann de na roghanna maidir le Réiteach Díospóidí a thairgeann an RTB chun díospóid chiosa idir páirtithe a réiteach. I mBreithniú, cuireann páirtithe cáis (tiarnaí talún, tionóntaí agus/nó tríú páirtithe amhail comharsa) fianaise i láthair in éisteacht os comhair Breithneora, nó Cinnteora, a dhéanann cinneadh ar bhonn na fianaise a chuirtear i láthair.

Breithneoir: Is é an Breithneoir an cinnteoir san éisteacht um Bhreithniú. Cinneadh sé nó sí toradh an cháis bunaithe ar an bhfianaise a chuireann gach páirtí sa díospóid chiosa ar fáil.

Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (AHBanna): Soláthraíonn agus bainistíonn Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (AHBanna) tithíocht shóisialta ar cíos. Is eagraíochtaí neamhbhrabúis iad a chuireann tithíocht inacmhainne ar cíos ar fáil do dhaoine nach bhfuil sé d'acmhainn acu cíosanna san earnáil phríobháideach a íoc nó a dtithe féin a cheannach. Cuireann siad tithíocht ar fáil freisin do ghrúpaí ar leith, ar nós daoine aosta nó daoine gan dídean. In 2016, tháinig AHBanna faoi shainchúram an RTB, ag iarraidh orthu a dtionóntachtaí a chlárú leis an RTB. Thug an t-athrú seo rochtain do thiarnaí talún agus do thionóntaí AHB ar Sheirbhís Réitigh Díospóidí an RTB dá dtiocfadh ceist tionóntachta chun cinn.

Oifigeach Údaraithe: Duine a cheapann an RTB chun imscrúdú a dhéanamh ar shárú líomhnaithe ar an dlí um chíos ag tiarna talún. Tá an chumhacht ag an Oifigeach Údaraithe dul isteach i dteaghais agus iniúchadh a dhéanamh uirthi, cóipeanna de thaifid a thógáil, a iarraidh ar aon duine ag an teaghais faisnéis agus taifid a sholáthar, a iarraidh ar thiarna talún taifid a sholáthar agus Éisteacht ó Bhéal a sheoladh faoi mhionn

An Chúirt Chuarda: Suíonn an Chúirt Chuarda os cionn na Cúirte Dúiche agus faoin Ard-Chúirt agus tá an chumhacht aici damáistí suas le €75,000 a bronnadh agus déileáil le formhór na gcásanna coiriúla. Ní mór do Chúirteanna Cuarda smachtbhannaí ar bith a fhorchuireann Cinnteoirí an RTB mar thoradh ar imscrúdú a dhearbhu.

Comhlíonadh: Is ionann cloí le nó comhlíonadh nuair a leanann duine nó eagraíocht na rialacha nó na dlíthe. Is é an mhalairt ar na rialacha a bhriseadh. San earnáil chiosa, bainistíonn an RTB comhlíonadh an Achta um Thionóntachtaí Cónaithe, ag cinntiú go bhfuil a bhfuil gach duine a chónaíonn agus a oibríonn san earnáil chiosa ag cloí leis an dlí chiosa.

Cíos Costais: Is cineál de thithíocht sheachbhrabúsach é Cíos Costais ina gclúdaíonn an cíos a íocann an tionónta costas tógála, bainistíochta agus cothabhála an tí.

Cairt Chustaiméirí: Ráiteas is ea Cairt Custaiméirí an RTB maidir leis na caighdeáin seirbhíse ar féidir le custaiméirí bheith ag súil leo ón RTB. Tá tuilleadh faisnéise ar fáil ar www.rtb.ie.

Bainistíocht Caidrimh le Custaiméirí (CRM): Is straitéis é CRM a úsáideann cuideachtaí chun idirghníomhaíochtaí le custaiméirí agus le custaiméirí féideartha a bhainistiú.

Cinnteoir: Duine a cheapann an RTB le cén smachtbhanna, más aon cheann, ba cheart a fhorchur ar thiarna talún faoi imscrúdú. Is gairmithe dlíthiúla na cinnteoirí a bhfuil taithí fhairsing ar ról chinnteoireachta agus tá siad neamhspleách ar an RTB.

Éarlais: Is ionann éarlais, ar a dtugtar éarlais slándála uaireanta, ná méid airgid a íocann tionónta leis an tiarna talún de ghnáth sula dtosaíonn an tionóntacht nó ar an dáta a thosaíonn an tionóntacht. Coinníonn an tiarna talún an éarlais agus tugtar ar ais í don tionónta ag deireadh na tionóntachta. Meastar gurb é maoin dhleathach an tionónta í an éarlais go dtí go mbunóidh an tiarna talún ceart ina leith. Áirítear ar na cúiseanna ar féidir le tiarnaí talún cuid den éarlais nó an éarlais ar fad a choinneáil nuair a bhíonn riaráistí chiosa, billí, cánacha nó táillí dlíthe; nó i gcás ina ndearnadh damáiste don réadmhaoin thar gnáthchaitheamh agus cuimilt; nó sa chás go dtugann tionónta fógra neamhleor chun deireadh a chur le tionóntacht nó má chríochnaíonn sé/sí a dtionóntacht ar théarma seasta roimh dheireadh na dtéarmaí comhaontaithe.

Ordú Cinnidh: Eisíonn an RTB Ordú Cinnidh i ndiaidh Idirghabháil Gutháin, éisteachtaí um Breithniú agus Binse Tionóntachta. Doiciméad atá ina cheangal dlí is ea Ordú Cinnidh ina dtugtar toradh cáis agus ina n-achoimrítear na téarmaí nach mór cloí leo agus cé chomh fada a chaithfidh an duine cloí leis na téarmaí.

An Chúirt Dúiche: Is í an Chúirt Dúiche an chúirt is ísle i gCóras Breithiúnach na hÉireann ag a bhfuil an chumhacht damáistí suas le €15,000 a dhámhachtain i gcásanna sibhialta agus déileáil le formhór na mion chásanna coiriúla. Tionóltar imeachtaí forfheidhmiúcháin Orduithe Cinnidh sa Chúirt Dúiche. Is féidir le páirtithe cáis imeachtaí a thionscnamh iad féin le cuidiú ón RTB. Laistigh de shainchúram na n-imscrúduithe, is féidir leis an RTB nó an tOifigeach Údaraithe iarratas a chur faoi bhráid na Cúirte Dúiche, más gá, le haghaidh Ordú lena iarraidh ar dhuine freastal ar Éisteacht ó Bhéal nó comhoibriú le himscrúdú.

Fianaise: Faisnéis nó taifid ar bith a bhaineann le gníomhaíocht ar bith i ndáil le lígean nó tionóntacht réadmhaoine ar cíos. Is féidir le páirtithe cáis fianaise a chur i láthair ag éisteacht réitigh díospóide nó is féidir le hOifig Údaraithe í a bhailiú le linn imscrúdaithe.

Iompar Míchuí: Is féidir leis an RTB imscrúdú a dhéanamh ar thiarnaí talún maidir le sárúithe áirithe ar an Acht um Thionóntachtaí Cónaithe a shainítear mar Iompar Míchuí, ar a n-áirítear: mainneachtain cloí leis na ceanglais maidir le Criosanna Brú Cíos (CBC); mainneachtain tionóntacht a chlárú; mainneachtain fógra a thabhairt don RTB maidir le hathruithe ar shonraí tionóntachta; mainneachtain fógra a thabhairt don RTB agus díolúine ó cheanglais CBC á héileamh nó ag iarraidh brath ar dhíolúine ó cheanglais CBC nach gcloíonn leis na ceanglais sin; mainneachtain tionóntacht a thairiscint ar ais i gcás nach bhfuil na forais shonracha maidir le foirceannadh ábhartha a thuilleadh; nó cúiseanna bréagacha nó míthreoracha le deireadh a chur le tionóntacht; má lorgaítear éarlais/íocaíocht de bhreis ar chíos míosa amháin, tá feidhm aige seo i gcás tionóntachta a cruthaíodh ón 9 Lúnasa 2021 ar aghaidh.

An Ard-Chúirt: Is í an Ard-Chúirt an chúirt atá os cionn na Cúirte Cuarda agus ag a bhfuil dlínse iomlán chun gach cúrsa dlí agus fíorais a chinneadh. Féadfaidh an RTB, nó tiarna talún arb é ábhar cinnidh ag an gCúirt Cuarda achomharc a dhéanamh, le cead ón gCúirt Cuarda, ar chinneadh chun na hArd-Chúirte ar phointe dlí.

Teorainneacha LEA: **Is ionann teorainneacha Toghcheantar Áitiúil (LEAanna) agus limistéir a ainmnítear laistigh de chontae nó de chathair chun críche toghcháin áitiúla. Comhfhreagraíonn ceantair bhargasacha le Toghcheantair. Nuair a dhéantar Crios Brú Cíos a ainmniú, déantar é a ainmniú de ghnáth le Toghcheantar Áitiúil sonracha.**

Údaráis Áitiúla: Tá 31 Údarás Áitiúil in Éirinn, áirítear leis sin 26 Comhairle Contae, 2 Chomhairle Cathrach agus Contae agus 3 Chomhairle Cathrach.

Soláthraíonn Comhairlí Cathrach agus Contae raon leathan seirbhísí i ndáil le bóithre; trácht; pleanáil; tithíocht; forbairt eacnamaíoch agus pobail; seirbhísí comhshaoil, fóillíochta agus taitneamhachta; seirbhísí dóiteáin agus clár na dtoghthóirí a choinneáil. Maidir le tithíocht, bainistíonn na hÚdaráis Áitiúla cigireachtaí tithíochta lena sheiceáil go bhfuiltear ag cloí le caighdeáin réadmhaoine ar cíos, mar aon le scéimeanna tacaíochta cíosa a bhainistiú amhail ÍCT agus Liúntas Forlíonta Cíos.

Rósheilbh: Is ionann rósheilbh agus nuair a fhanann tionónta ina c(h)ónaí i réadmhaoin ar cíos thar thréimhse níos faide ná tréimhse an fhógra, cé gur eisigh an tiarna talún Fógra Foirceannta bailí agus gur thug sé nó sí an méid ceart ama le haghaidh thréimhse an fhógra don tionónta chun an réadmhaoin a fhágáil.

Soláthar: Is ionann soláthar agus an próiseas maidir le téarmaí a fháil agus aontú leo, agus earraí, seirbhísí, nó oibreacha a fháil ó fhoinshe sheachtrach, trí phróiseas tairisceana nó iomaíoch go minic.

Nochtadh Cosanta: Leis an Acht um Nochtadh Cosanta 2014 cuirtear ar chumas fostaithe faisnéis a nochtadh a bhaineann le héagóir faoina bhfuil siad eolach san áit oibre agus cinntítear go mbíonn cosaintí ann, dá ndéanfaí bearta díoltais ina gcoinne.

Fógra Athbhreithnithe Cíos: Tá tiarnaí talún go léir i dteideal athbhreithniú a dhéanamh ar an méid cíosa a íoctar ar a gcuid maoine. Ag brath ar an áit a bhfuil an réadmhaoin, ní féidir athbhreithnithe ar chíos a dhéanamh ach gach 12 mí má tá sé laistigh de Chríos Brú Cíos nó gach 24 mí má tá sé lasmuigh de Chríos Brú Cíos. Agus méideanna cíosa á n-athbhreithniú, ní mór do na tiarnaí talún é sin a chur in iúl do na tionóntaí trí Fógra i scríbhinn maidir le hAthbhreithniú Cíos a thabhairt dóibh 90 lá ar a laghad roimh an athrú ar an gcíos.

Fógra foirceanta: Is é sin an doiciméad oifigiúil lena gcuirtear deireadh le tionóntacht, nach mór don tiarna talún é a thabhairt don tionónta nó do na tionóntaí. Tá rialacha dochta i bhfeidhm maidir leis an bhFógra seo chun go mbeidh sé bailí, lena n-áirítear go gcaithfidh an Fógra bheith i scríbhinn, gur cheart go mbeadh an dáta ar seirbheáladh é agus nuair a thiochfaidh deireadh leis an tionóntacht air, go mbeidh sé sínithe ag an tiarna talún nó ag gníomhaire, agus ba cheart cúis bhailí a bheith ann le deireadh a chur leis an tionóntacht má mhair sé tréimhse níos mó ná sí mhí. Ní mór cóipeanna a sheoladh chuig an RTB.

Rialálaí: Is ionann Rialálaí agus duine nó eagraíocht a dhéanann maoirseacht ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil gnólacht nó earnáil ag leanúint rialacha agus dlíthe áirithe. Mar shampla, is é an RTB an rialálaí don earnáil cíosa, rud a chiallaíonn go gcuireann sé an tAcht um Thionóntachtaí Cónaithe chun feidhme agus go bhforfheidhmíonn sé é, lena chinntiú go bhfuil gach duine ag leanúint na rialacha san earnáil cíosa.

Creat Rialála: Is ionann an creat rialála agus comhcheangal de na rialacha, dlíthe, treoirínte agus nósanna imeachta lena dtreoraítear tionscal nó earnáil ar leith. Mar shampla, tá an tAcht um Thionóntachtaí Cónaithe ina chuid mhór den chreat rialála lena dtreoraítear an earnáil cíosa in Éirinn.

Riaráistí cíosa: Mura n-íocann tionónta cíos, tugtar riaráistí cíosa ar an méid cíosa atá dlíthe don tiarna talún.

Riaráistí Cíosa agus Rósheilbh: Tarlaíonn sé sin i gcás nár íoc tionónta a c(h)íos agus go bhfuil sé nó sí fós ina c(h)ónaí sa réadmhaoín ar cíos thar thréimhse níos faide ná tréimhse an fhógra, cé gur eisigh an tiarna talún Fógra Foirceannta bailí agus gur thug sé nó sí an méid ceart ama le haghaidh thréimhse an fhógra don tionónta chun an réadmhaoín a fhágáil.

Crios Brú Cíosa (RPZ): Is limistéar sainithe é Crios Brú Cíosa (RPZ) nach féidir cíosanna a ardú níos mó ná boilsciú ginearálta, mar a thaifeadtar san Innéacs Comhchuibhithe den Phraghas do Thomhaltóirí (HICP). Ní féidir le haon mhéadú cíosa i RPZ an boilsciú ginearálta a shárú, mar a thaifeadtar san Innéacs Comhchuibhithe den Phraghas do Thomhaltóirí (HICP) agus ní féidir leis an gcíos a socraíodh roimhe seo a ardú níos mó ná 2% in aghaidh na bliana pro rata. Tá feidhm aige sin maidir le tionóntachtaí úra agus cinn atá ann cheana (mura bhfuil díolúine á cur i bhfeidhm).

Díolúine Creasa Brú Cíosa (RPZ): I roinnt cásanna, ní chaithfear rialacha um shocrú cíosa CBC a chur i bhfeidhm ar réadmhaoine cíosa agus ina ionad sin is féidir an cíos a shocrú ar leibhéil an mhargaidh. Tugtar díolúine CBC ar na cásanna sin. Tá trí bhealach inar féidir le tiarnaí talún a bheith díolmhaithe ó rialacha socraithe cíosa RPZ: díolúine 1 - nuair nach raibh maoin ar cíos sa dá bhliain roimhe sin; díolúine 2 - nuair is déanmhas cosanta nó molta é an mhaoín nó nuair atá sé i bhfoirgneamh cosanta nó nuair nár ligeadh ar cíos é le 12 mhí anuas; nó díolúine 3 - nuair a tháinig athrú suntasach ar nádúr maoine (nach mór dó na critéir atá leagtha amach sa dlí a chomhlíonadh). Nuair a bhraitheann tiarna talún ar cheann de na díolúine sin, caithfidh sé nó sí fógra a thabhairt don RTB.

Stoc Cíosa: Is ionann stoc cíosa agus an méid cóiríochta ar cíos atá ar fáil ag aon am amháin.

Binse Cíosa: Bunaíodh Binse Cíosa an RTB in 1983, chun cinneadh a dhéanamh maidir le cíos agus téarmaí tionóntachta eile a bhí ar cíos rialaithe roimhe seo faoi na hAchtanna Srianata Cíosa 1960-1981. In 2016, dhíscaoil an tAire Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil an Binse Cíosa agus aistríodh a fheidhmeanna chuig an RTB. An tAcht um Thionóntachtaí Cónaithe (2004, arna leasú): Dá ngairtear an 'tAcht' nó ATC, is é seo ainm na reachtaíochta lena cruthaíodh an RTB agus is é an dlí lena gcuirtear taca faoin earnáil cíosa in Éirinn, agus an bonn dlíthiúil á sholáthar maidir le cearta agus freagrachtaí tionóntaí agus tiarnaí talún.

Dlínse an RTB: Is ionann dlínse an RTB agus a mhéid is féidir leis an RTB cinntí agus moltaí dlíthiúla a dhéanamh. Mar bhonn leis seo tá an tAcht um Thionóntachtaí Cónaithe a leagann amach ról agus cumhachtaí an RTB; is dócha go bhfuil aon rud nach bhfuil leagtha amach san Acht um Thionóntachtaí Cónaithe lasmuigh de dhlínse an RTB agus ní bheadh an RTB in ann gníomhú nó cinneadh a dhéanamh. Samplaí de chásanna nach bhfuil dlínse ag an RTB is ea déileáil le socruithe 'faigh seomra ar cíos' nó socruithe AirbnB.

Smachtbhanna: Is féidir leis an RTB smachtbhannaí de rabhadh i scríbhinn agus/nó fíneáil suas le €15,000 nó suas le €15,000 i gcostais imscrúdaithe an RTB a fhorchur ar thiarna talún a sháraíonn an dlí (Iompar Míchuí).

Páirtí leasmhar: Is ionann páirtí leasmhar agus duine nó eagraíocht a chónaíonn nó a oibríonn san earnáil cíosa. Tá páirtithe leasmhara éagsúla ag an RTB a n-oibríonn sé leo agus a ndéanann sé cumarsáid leo ar bhonn rialta, lena n-áirítear tiarnaí talún, tionóntaí, Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta, Ollscoileanna, mic léinn, Údarais Áitiúla, lucht déanta beartas, Ranna Rialtais, na meáin agus an pobal i gcoitinne.

Reachtúil: Nuair a bhíonn rud éigin reachtúil ciallaíonn sé go bhfuil sé riachtanach de réir an dlí.

Dearbhú Reachtúil: Is ionann Dearbhú Reachtúil agus doiciméad dlíthiúil nach mór do thiarnaí talún iad a eisiúint chuig tionónta mar aon le Fógra um Fhoirceann agus deireadh á chur le tionóntacht faoi fhorais áirithe. Áirítear ar na forais sin: nuair atá sé beartaithe ag an tiarna talún a réadmhaoín a dhíol; nuair atá sé beartaithe acu bogadh isteach inti arís nó nuair atá sé beartaithe ag ball teaghlach bogadh isteach sa réadmhaoín arís; nó chun úsáid na háite cónaithe a athrú. Doiciméad sínithe is ea Dearbhú Reachtúil ina ndéantar breac-chuntas ar dhearbhú tiarna talún go bhfuil an fhaisnéis sa doiciméad i gceart.

Cóiríocht Sonrach do Mhic Léinn (SSA): Cóiríocht is ea Cóiríocht Sonrach do Mhic Léinn (SSA) a tógadh go sonrach d'úsáid mac léinn, lena n-áirítear cóiríocht a chuireann ollscoileanna agus institiúidí oideachais ar fáil.

Idirghabháil Gutháin: Tá Idirghabháil Gutháin ina seirbhís faoi rún atá saor in aisce agus a chuireann an RTB ar fáil do thiarnaí talún, tionóntaí agus tríú páirtithe a bhfuil fadhb acu lena dtionóntachta nach féidir é a réiteach go neamhfhoirmiúil eatarthu féin. Oibreoidh Idirghabhálaí neamhspleách oilte leis an dá pháirtí leo féin chun teacht ar chomhaontú a bheidh inghlactha ag an mbeirt acu i dtréimhse ghairid ama.

Binse Tionóntachta: Mura mbeidh na páirtithe cáis in éisteacht um Breithniú nó Idirghabháil Gutháin sásta le toradh an cháis, is féidir leo an cinneadh a achomharc chun Binse Tionóntachta. Reáchtáiltear an éisteacht achomhairc i mBinse Tionóntachta, agus bíonn athéisteacht iomlán ar an aighneas i gceist leis mura n-aontaíonn na páirtithe é a theorannú do cheisteanna áirithe. Cé go bhféadfadh gur trí Idirghabháil Gutháin a rinneadh an cás, nó gur éisteacht an cás ag Breithneoir, tabharfar deis don dá pháirtí an cás iomlán a chur i láthair arís.

Tríú páirtithe (i ndáil leis an earnáil cíosa): Is iad tríú páirtithe na daoine a mbíonn tionchar díreach agus díobhálach ag na tionóntaí in aice láimhe orthu agus tá an ceart acu cás a thionscnamh i gcoinne thiarna talún na dtionóntaí sin.

Foirceannadh neamhdhleathach tionóntachta: Tugtar díshealbhú mídhleathach air seo, agus d'fhéadfadh a leithéid a bheith i gceist sa chás go ndiúltaíonn tiarna talún, trí fhórsa, imeaglú nó ar shlí éigin eile (cosúil le stop a chur le soláthar fóntas, glais a athrú srl..) cead a thabhairt do thionónta teaghais ar cíos a rochtain nó sa chás go dtógann sé earraí tionónta ón teaghais.

Éisteachtaí fíorúla: Tá na nósanna imeachta le haghaidh éisteacht fhíorúil cosúil leis na nósanna imeachta le haghaidh éisteacht aghaidh ar aghaidh, is próisis fhianaisebhunaithe iad, ach reáchtáiltear Éisteacht Fhíorúil trí úsáid a bhaint as MS Teams. Bíonn deis ag páirtithe i gcás labhairt go díreach leis an Bhreithneoir agus na saincheisteanna atá ag déanamh imní dóibh a mhíniú.

Seirbhís Comhrá Gréasáin: Bealach cumarsáide is ea Seirbhís WebChat an RTB trínar féidir le custaiméirí cumarsáid dhíreach a dhéanamh leis an RTB nó suíomh gréasáin an RTB san fhíor-am.

ISSN 1649 - 9247



Bord um Thionóntachtaí Cónaithe
Residential Tenancies Board

An Bord um Thionóntachtaí Cónaithe, BOSCA POIST
12323, Baile Átha Cliath 2.

01-7028100 / 0818 303037

@RTBinfo

www.rtb.ie